

An Tumoideachas ag an mBunleibhéal in Éirinn

Léargais ón Taighde Náisiúnta

Claire M. Dunne

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



INSTITIÚID OIDEACHAIS
MARINO
INSTITUTE OF EDUCATION

An Associated College of The University of Dublin, Trinity College



Chun tagairt a dhéanamh don saothar seo:

Dunne, C. M. (2025). *An tumoideachas ag an mbunleibhéal in Éirinn. Léargais ón taighde náisiúnta*. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus Institiúid Oideachais Marino.



1

Réamhrá

Brollach

Jacqueline Ní Fhearghusa

- Príomhfheidhmeannach COGG, Meitheamh 2025

Is mór an onóir dom, thar ceann na Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG), fáilte chroíúil a chur roimh an Tuarascáil thábhachtach seo, *An Tumoideachas ag an mBunleibhéal in Éirinn: Léargais ón Taighde Náisiúnta*, atá ullmhaithe agus curtha in eagar ag an Dr Claire M. Dunne.

Tugann an saothar seo léargas cuimsitheach don léitheoir ar fhorbairt, ar éachtaí agus ar dhúshláin an tumoideachais ag an mbunleibhéal in Éirinn suas go dtí 2024. Léiríonn sé an dul chun cinn leanúnach atá déanta ag scoileanna Gaeltachta agus ag scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Ina theannta sin, cuireann an Tuarascáil chuimsitheach seo réimse leathan moltaí ar fáil a rachaidh chun tairbhe do mhúinteoirí, do phríomhoidí, do bhoird bhainistíochta, do thuismitheoirí, agus do lucht déanta beartais araon.

Tá sé mar mhisean ag COGG tacú le scoileanna T1 agus T2 trí thaighde fóna, trí acmhainní nuálaíocha teagaisc, agus trí thacaíochtaí seirbhíse leasmhara a chur ar fáil. Tugann an Tuarascáil seo, leis na naoi dtéama lárnacha a sonraítear inti; ó fhás agus forbairt an tumoideachais in Éirinn, go rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach, riachtanais múinteoirí, roinnt an dea-chleachtais, agus tacaíochtaí don chóras; treoir agus cosán soiléir dúinn dár gcuid oibre amach anseo. Tá tréimhse cheannródaíoch buailte linn ina bhfuil polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht le foilsiú go luath, mar aon le forbairtí eile beartaithe ag an Aonad nua sa Roinn Oideachais agus Óige – an tAonad Gaeilge um Scoileanna Meán-Bhéarla (AGSMB) i leith feabhsú fhoghlaim agus mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna agus iar-bhunscoileanna T2. Cuideoidh torthaí agus moltaí na Tuarascála seo le próisis deartha COGG agus leis an obair atá ar bun againn sna réimsí polasaí nua.

Gabhaim buíochas ó chroí leis an Dr Claire Dunne, as a taighde domhain agus as a cuid ceannaireachta léannta, agus leis na cairde cuiditheacha a rinne comhairliúchán leanúnach léi. Tá buíochas speisialta tuillte ag na geallsealbhóirí a roinn a gcuid ama agus a gcuid taithí léi, agus le hInstitiúid Oideachais Marino a rinne éascaíocht ar an taighde.

Guím gach rath ar an Dr Claire Dunne agus ar gach duine a raibh baint acu leis an saothar luachmhar seo, agus táim ag súil go n-úsáidfear torthaí na tuarascála mar bhunús do pholasaí, do chleachtas agus do thaighde eile amach anseo le cur le hathbheochan agus le buanú na Gaeilge.

Is treise sinn le chéile.

Réamhrá

Téann an t-oideachas dátheangach siar go dtí aimsir na Rómhánach agus na nGréagach agus sa lá atá inniu ann tá cláir thumoideachais agus cláir dhátheangacha ar fáil i dtromlach mór de thíortha an domhain (Hornberger, 2008; Ó Brolcháin, 2015). Ní haon eisceacht í Éire agus tá stair shaibhir shuimiúil ó thaobh an tumoideachais de le fáil inti. Tá borradh faoin oideachas lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (Darmody agus Daly, 2015; ETI Inspectorate, 2018) agus bíonn an-éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann chomh maith (Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoich, 2021a/b). Tá ról tábhachtach ag an gcóras tumoideachais in Éirinn in athbheochan agus buanú na Gaeilge, murab ionann agus roinnt cláir thumoideachais atá ar fáil in áiteanna eile (Ó Duibhir, 2009).

Is í is aidhm le scoileanna tumoideachais in Éirinn ná ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil, chomh maith le hardchaighdeán sa chumas cumarsáide a chothú, le gur féidir le páistí a bheith mar bhaill de phobail agus líonraí Gaeilge, agus chun tacú le nuachaintoirí na Gaeilge¹ (Ó Duibhir, 2018). Tá ról speisialta ag scoileanna Gaeltachta an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga sa cheantar Gaeltachta, mar atá luaite san *Acht Oideachais* (1998). Tacaíonn an tumoideachas le páistí i gceantair Ghaeltachta, agus i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht, a labhraíonn² an Ghaeilge mar theanga bhaile, nó a úsáideann an Ghaeilge agus teanga eile sa bhaile.

Cé go gcuireann an taighde idirnáisiúnta lenár dtuiscintí ar an gcóras tumoideachais trí chéile, is comhartha dearfach é go bhfuil borradh faoin taighde náisiúnta chun tacú le gach duine a bhfuil spéis acu san oideachas lán-Ghaeilge, agus a bhfuil baint acu leis. Mar a deir Ó Ceallaigh agus Ó Laoire (2016, v) "ní féidir talamh slán a dhéanamh de ... go bhféadfaí beotháil a bhaint as an taighde idirnáisiúnta chun é a chur in oiriúint scun scan do chomhthéacs na Gaeilge". Is maith an mhaise é mar sin go bhfuil iniúchadh á dhéanamh ar an gcomhthéacs sainiúil a bhaineann leis an tumoideachas ag an mbunleibhéal in Éirinn le blianta beaga anuas (Nig Uidhir, Ó Cathalláin agus Ó Duibhir, 2016).

Cur Chuige don Scagadh agus Iniúchadh ar Thaighde Náisiúnta

Cuireann an tuarascáil seo roimhe scagadh agus iniúchadh a dhéanamh ar an taighde atá foilsithe ar an tumoideachas ag an mbunleibhéal ar oileán na hÉireann, i scoileanna Gaeltachta, i scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, agus in aonaid lán-Ghaeilge ag an mbunleibhéal i dTuaisceart Éireann suas go dtí an bhliain 2024. San am a chuaigh thart baineadh úsáid as roinnt cuir chuige éagsúla chun iniúchadh a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar mhúineadh na Gaeilge in Éirinn, chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcóras tumoideachais. I measc na gcur chuige sin, breathnaíodh ar shonraí ón daonáireamh, ar staidéir faoi leith ar ghnóthachtáil foghlama teanga, chomh maith le suirbhéanna náisiúnta ar dhearcthaí i leith na Gaeilge, mar shampla, an Coiste um Thaighde ar Dhearcadh an Phobail i dTaobh na Gaeilge (1975). Tá sintéis maidir le múineadh éifeachtach teanga ar fáil (féach Harris agus Ó Duibhir, 2011), mar aon le sintéis ar chur chuige comhtháite do mhúineadh na Gaeilge (féach Ó Duibhir agus Cummins, 2012). Ina theannta sin, tá staidéar comparáideach ar mhionteangacha agus teangacha mionlaithe eile ar fáil in Ó Duibhir et al. (2015).

1 Tugann Walsh agus O'Rourke (2015) "nuachaintoirí" ar dhaoine a bhaineann úsáid rialta as teanga áirithe ach nach cainteoirí "dúchais" traidisiúnta de chuid na teanga sin iad (lch 2).

2 Déantar trácht sa tuarascáil seo ar theangacha a "labhraítear" agus a "úsáidtear". Aithnítear go bhfuil bealaí éagsúla ann ina ndéanann daoine cumarsáid, seachas an teanga ó bhéal amháin. Tá níos mó plé air seo sa chuid - "Sainmhíniú Solúbtha ar an gCumas Dátheangach / Ilteangach" - atá sa chaibidil *Gach Páiste a Chur san Áireamh sa Chóras Tumoideachais*.

Mar atá déanta sna foilseacháin *Múineadh Éifeachtach Teanga* le Harris agus Ó Duibhir (2011) agus *Learning and Teaching Irish in English-Medium Schools* (Dunne, 2020), tugadh faoi dhá chur chuige mar chuid den phróiseas cuardaigh don tuarascáil seo: cuardach de láimh agus cuardach ar bhunachar sonraí.

Agus an tuarascáil seo á réiteach, cuardaíodh an cnuasach taighde atá ar fáil ar shuíomhanna na n-eagraíochtaí seo:

- An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG)
- Education and Training Inspectorate i dTuaisceart Éireann
- Comhairle na Gaelscolaíochta.

Ansin, aimsíodh tuarascálacha taighde agus measúnachtaí foilsithe a bhaineann leis an tumoideachas in Éirinn, san áireamh anseo tá:

- imeachtaí comhdhála ar an tumoideachas agus de chuid Chumann Léitheoireachta na hÉireann / Chumann Litearthachta na hÉireann
- tuarascálacha de chuid na Roinne Oideachais (RO)
- tuarascálacha de chuid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

Rinneadh iniúchadh freisin ar na staidéir atá foilsithe sna tréimhseacháin seo:

- *COMHARTaighde*
- *Irish Educational Studies*
- *Irish Teachers Journal*
- *Journal of Immersion and Content-Based Language Education*
- *Léann Teanga An Reiviú*
- *Taighde agus Teagasc*
- *Teagasc na Gaeilge*
- *Teanga.*

Ina dhiaidh sin, rinneadh scagadh ar thaighde ábhartha i staidéir faoi leith a dhíríonn ar mhúineadh na Gaeilge agus ar an gcóras oideachais ag an mbunleibhéal, mar shampla,

- *Beginning to Teach* (DES, Inspectorate, 2005);
- *Irish in Primary Schools: Long-Term National Trends in Achievement* (Harris et al., 2006)
- *Irish in the Primary School* (DES, Inspectorate, 2007)
- *Teaching and Learning Irish in Primary School: A Review of Research and Development* (Harris agus Murtagh, 1999)
- *The Chief Inspector's Report, 2010-2012, The Chief Inspector's Report, 2013-2016* agus *The Chief Inspector's Report, 2018-2020* (DES / DE, Inspectorate, 2013; 2018; 2022)

Cuireadh san áireamh ailt taighde, tráchtas dochtúireachta agus taighde máistreachta a foilsíodh i dtréimhseacháin acadúla agus gairmiúla agus a chuaigh faoin bpróiseas piarmheasúnaithe, nó a bhí foilsithe ar shuíomh COGG.

In amanna, i staidéir náisiúnta áirithe, cé nach mbaineann siad go hiomlán leis an gcóras tumoideachais, bíonn plé ar an tumoideachas mar chuid díobh. Baineann na staidéir náisiúnta seo le téama faoi leith, mar shampla, dearcadh páistí ar an obair bhaile. Tá grúpaí páistí san áireamh sa tsampláil náisiúnta, ina measc páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna meán-Bhéarla, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Pléitear sa tuarascáil seo na torthaí a bhaineann le páistí sa chóras tumoideachais (mar shampla, Kiely et al., 2021; Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024).

San athbhreithniú litríochta a rinne an taighdeoir seo ar *Learning and Teaching Irish in English-Medium Schools 1878-1971* (Dunne, 2020), agus *Learning and Teaching Irish in English-Medium Schools 1971-Present* (Dunne, 2020), tháinig sé chun cinn go n-imríonn polasaithe - tosca eile lasmuigh den seomra ranga, agus tosca ag leibhéil éagsúla oideachais - tionchar ar éifeacht an chórais oideachais ag an mbunleibhéal, agus mar sin, pléifear an taighde ar an gcóras tumoideachais i gcomhthéacs polasaithe agus forbairtí ábhartha eile.

Rinneadh cuardach ar bhunachar sonraí ansin ag leanúint na gcéimeanna in Harris agus Ó Duibhir (2011). Sa tsintéis a rinne Harris agus Ó Duibhir (2011) ar mhúineadh éifeachtach teanga baineadh úsáid as modh darbh ainm “cuardach ar an bhfianaise is fearr”. Tá bua ag baint leis an gcur chuige sin mar gur féidir staidéir a aimsiú ina bhfuil cúinsí agus comharthaí sóirt a oireann don cheist taighde. Tríd an gcuardach ar an bhfianaise is fearr, aimsítear staidéir a chuireann lenár dtuiscint ar chúrsaí tumoideachais ag an mbunleibhéal in Éirinn, na buntáistí a bhaineann leis, agus na dúshlán atá fós le sárú maidir le seirbhísí, acmhainní foirne agus teagaisc, agus a lán ceisteanna eile. Rinneadh cuardach láimhe ansin ar thaighde eile faoin tumoideachas fud fad oileán na hÉireann agus chuathas i dteagmháil le taighdeoirí eile sa ghort chun tuilleadh staidéar a lorg.


Baineadh úsáid as 6 chéim Braun agus Clarke (2006) chun na saincheisteanna agus na príomhthátail atá sna píosaí éagsúla taighde a aimsiú. Ceann de na príomhghnéithe a bhaineann leis an gcuardach ar an bhfianaise is fearr ná go n-oibríonn grúpa saineolaithe leis na húdair ar gach céim den phróiseas taighde, ag aimsiú agus ag bailiú sonraí, ag meas agus ag sintéisiú fianaise, agus ag ceistiú na dtéamaí a thagann chun cinn. Bhí grúpa Cairde Criticiúla de dhlúth agus d’inneach an taighde seo agus rinne siad comhairliúchán ar chaibidlí éagsúla den tuarascáil. Táim an-bhuíoch de Emily Barnes, Richeal Ní Thiarnaigh agus Sylvaine Ní Aogáin a roinn a saineolas go fial flaithiúil le linn an phróisis. Is mór agam an plé a rinne daoine eile liom ar théamaí na tuarascála ag pointí áirithe, ina measc, Tina Hickey, Enlli Thomas, Celia de Fréine, Gerry Shiel, Emer Delaney, Kerron Ó Luain, Caoileann Ní Dhonnchadha, Robbie Irwin, Donncha Ó Corcoráin, Madeleine Ní Ghallchobhair agus Méabh Ní Shluáin. Buíochas ó chroí le Pól Ó Cainín as a aischothú ar an tuarascáil trí chéile.

Tar éis an phróisis anailíse, agus i gcomhar leis na Cairde Criticiúla, aontaíodh na téamaí seo thíos:

- Fás agus forbairt an tumoideachais in Éirinn
- Gnóthachtáil agus taithí páistí sa chóras tumoideachais
- An tumoideachas agus forbairt na délitearthachta
- An tumoideachas agus an domhan ilteangach
- Measúnú sa chóras tumoideachais
- Gach páiste a chur san áireamh sa chóras tumoideachais
- Rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach
- Riachtanais múinteoirí sa chóras tumoideachais agus roinnt an dea-chleachtais
- Tacaíochtaí don chóras tumoideachais

Pléann na 9 gcaibidil le gach ceann de na téamaí thuas.

Tá an taighde a phléitear sa tuarascáil seo mar bhunús le leabhrán eolais do phobal na scoile darb ainm *An Tumoideachas: Na Buntáistí – Tacaíocht ón Taighde*. Tá an leabhrán eolais ar fáil ar shuíomh www.cogg.ie.

The background is a solid blue color with a repeating pattern of white line-art icons. The icons include the letters 'A', 'B', and 'C' in various orientations, five-pointed stars, lightbulbs, and apples. The pattern is dense and covers the entire background.

2

Fás agus Forbairt an Tumoideachais

Fás agus Forbairt an Tumoideachais

Ar dtús pléifear fás agus forbairt an tumoideachais in Éirinn, ag breathnú ar thaighde atá déanta i mbunscoileanna Gaeltachta, i scoileanna lán-Ghaeilge agus in aonaid Ghaeilge ag an mbunleibhéal ar fud oileán na hÉireann, chun machnamh a dhéanamh ar na léargais shaibhre atá le baint as an ngort seo.

Foramharc ar an gCaibidil

- Caithfear súil siar ar dtús ar fhréamhacha an tumoideachais in Éirinn.
- Ansin, ciorfar na dúshláin agus na deiseanna a thagann chun cinn sa chóras tumoideachais.

Fréamhacha an Tumoideachais in Éirinn

Pléitear i gcoitinne sa litríocht an bhliain 1922 mar thúsphointe an tumoideachais (Ó Riagáin, 1997; Ó Giollagáin, 2014a), am ar cuireadh an tumoideachas i bhfeidhm i ranganna naíonán sa Saorstát. Bhí cúpla forbairt a tharla san oideachas lán-Ghaeilge roimhe sin, áfach, arbh fhiú a phlé ar dtús. Cuireadh an Clár Dátheangach i bhfeidhm sa Ghaeltacht in 1904 agus thug sin deis do pháistí i gceantair Ghaeltachta agus i gceantair dhátheangacha oideachas a fháil ina dteanga dhúchais féin (má bhí an múinteoir in ann agus toilteanach a bheith ag teagasc trí Ghaeilge) (O'Donoghue, 2006).

Tháinig roinnt saindeacrachtaí chun cinn, áfach, le cur i bhfeidhm an chlár dhátheangaigh

- a) easpa múinteoirí a raibh cumas ard Gaeilge acu agus a bheadh in ann clár dátheangach a mhúineadh;
- b) freagracht ar na múinteoirí modhanna múinte an chlár dhátheangaigh a chumadh;
- c) easpa áiseanna cuí; agus
- d) amhras i measc dornán múinteoirí Gaeltachta, go háirithe sna ceantair imeallacha, faoin gclár féin (Walsh, 2012, lgh 78-80).

Thar an iomlán, áitíonn Walsh (2012) gur iomarcach an uailmhian í iarraidh ar mhúinteoirí clár chomh scaoilte sin a chur i bhfeidhm i gcomhthéacsanna oideachasúla ilchineálacha, gan tacaíochtaí suntasacha a chur ar fáil. Bhí tábhacht leis an bhforbairt seo mar sin féin mar go raibh oideachasóirí agus díograiseoirí teanga in ann tógáil uirthi sna blianta ina dhiaidh sin.

Forbairt shuntasach eile a bhí ann nuair a bhunaigh Pádraig Mac Piarais Scoil Éanna in 1908, scoil inar múineadh ábhair go dátheangach inti. Ina dhiaidh sin, chomhbhunaigh Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh agus Áine Nic Aoidh an chéad scoil lán-Ghaeilge sa bhliain 1917, Scoil Bhríde (de Fréine, 2018). Is beag eolas a bhí ar fáil go dtí le déanaí, áfach, faoin rath a bhí ar Scoil Bhríde. Is léir ón dá bheathaisnéis ar Ghabhánach Ní Dhufaigh ó pheann Ní Ghacháin (1993) agus de Fréine (2018) go raibh deis ag meitheal múinteoirí obair as lámha a chéile sa scoil chun téacsleabhair agus áiseanna eile a chruthú agus a roinnt.

Bhí go leor múinteoirí ceannródaíocha ar an bhfoireann, ina measc Máire Ní Cheallacháin as Árainn a scríobh téacsleabhair chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil agus sa bhaile, bunaithe ar Mhodh na Ráite. Bhain an scoil tairbhe as díograis na múinteoirí ar an bhfoireann agus is léir go raibh roinnt cuir chuige éifeachtacha i bhfeidhm, mar shampla, an measúnú leanúnach (Ní Ghacháin, 1993).

Sna beathaisnéisí a scríobhadh faoi Ghabhánach Ní Dhufaigh, tá cur síos ar an oideolaíocht pháistelárnach a bhí in úsáid sa scoil agus feictear go soiléir fíis don tumoideachas agus d'fhorbairt iomlánaíoch an pháiste tríd an tumoideachas, fíis atá fós ag croílár an oideachais lán-Ghaeilge. Fuair an scoil tacaíocht airgeadais agus eile ón Rialtas, chomh maith le tacaíocht ó léachtóirí oideachais i gColáiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ina measc Tadhg Ó Corcora (Timothy Corcoran) a bhí an-tógtha leis an dul chun cinn a bhí á dhéanamh sa scoil.

Sa bhliain 1922, thug an rialtas faoi thionscadal an-uailmhianach: an tumoideachas a chur ar bun i mbunscoileanna uile sa Saorstát, go háirithe sna naíonáin. I measc athbheochanóirí, thacaigh an tAthair Eoghan Ó Gramhnaigh leis an oideachas trí mheán na Gaeilge, ach shíl athbheochanóirí eile, mar shampla, Mac Néill, gur chóir díriú ar an nGaeilge a chur chun cinn mar theanga theaghlaigh ó ghlúin go glúin (Ó Laoire, 2005; Prats Porcar, 2013). Thug formhór na múinteoirí ag an am tacaíocht don phlean an Ghaeilge a chur mar chroí-ábhar curaclaim, agus thug Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) tacaíocht don pholasaí nua inar moladh an tumoideachas sna ranganna naíonán (Jones, 1991). Ag féachaint ar an rath a bhí ar an eiseamláir den tumoideachas a bhí ar fáil i Scoil Bhríde, na múnlaí eile den oideachas dátheangach i scoil na bPiarsach (féach Ó Buachalla, 1980), chomh maith leis an tumoideachas thar lear, bhí muinín ag díograiseoirí teanga agus oideachais as an bhféidearthacht a bhain le córas tumoideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil, agus cainteoirí Gaeilge a spreagadh.

Ach léiríonn O'Connell (1969) nár cuireadh riachtanais múinteoirí agus foghlaimeoirí san áireamh mórán sa pholasaí teanga uailmhianach seo toisc gur ceapadh gur leor an teastas dátheangach le go mbeadh an múinteoir in ann múineadh trí mheán na Gaeilge. D'imir Tadhg Ó Corcora tionchar an-mhór ar idé-eolaíocht an tumoideachais mar gheall ar an gcreideamh láidir a bhí aige i rath an oideachais lán-Ghaeilge. Chuaigh a raibh feicthe aige i Scoil Bhríde go mór i bhfeidhm air (Ní Eachaidh, 1993), ach bhí easpa machnaimh déanta aige ar na háiseanna a bheadh ag teastáil chun córas tumoideachais ar ardchaighdeán a chur ar bun go forleathan sa tír. Mar gheall ar an *School Attendance Act* (1926), bhí níos mó páistí ag freastal ar an mbunscoil nuair a bunaíodh an Saorstát, agus dá bharr sin, bhí éagsúlacht níos leithne cumas agus riachtanas ann sa seomra ranga. Chomh maith leis sin, mar gheall ar an mbac pósta, bhí na mná a raibh taithí acu ar chur i bhfeidhm an tumoideachais sna ranganna naíonán ag fágáil an chórais (Dunne, 2024).

Tar éis cúpla bliain, tháinig maolú ar an tacaíocht a thug múinteoirí, teaghlaigh agus an pobal don chóras tumoideachais, go háirithe nuair a tháinig go leor deacrachtaí chun cinn maidir le cothú an dátheangachais ar scoil. Ar ndóigh, bhí samplaí d'oideolaíocht chruthaitheach nuálach sa chóras tumoideachais le linn na tréimhse sin, ach fágтар as an gcuimhne chultúrtha na samplaí sin go rómhinic (Dunne, 2024).

Deiseanna agus Dúshláin sna Luathmhúnlaí Tumoideachais

Tugadh faoi chúpla píosa taighde i luathbhlianta an tumoideachais in Éirinn:

- staidéar ar thaithí Protastúnach sa chóras tumoideachas i 1938
- staidéar Chumann Múinteoirí Éireann (INTO) i 1941 ar pháistí a raibh an Béarla mar theanga bhaile acu
- staidéar Macnamara i 1966 ar ghnóthachtáil páistí i scoileanna lán-Ghaeilge sa Bhéarla agus sa mhatamaitic.

Baineann na staidéir seo le nuachainteoirí den chuid is mó. Léiríonn an staidéar leis an bpobal Protastúnach agus ceann an INTO go raibh go leor de na deacrachtaí céanna sa chóras (INTO, 1941; Jones, 1991), is é sin nár bhraith múinteoirí go raibh na hacmhainní cuí acu chun an tumoideachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach, go raibh easpa tacaíochta acu ó thuismitheoirí, agus nár cheap siad go raibh gnóthachtáil shásúil i measc páistí faoi na cúinsí sin (Cummins, 1978).

Maíonn staidéar Macnamara (1966), agus comparáid á déanamh aige ar ghnóthachtáil páistí in Éirinn i léitheoireacht an Bhéarla le hais páistí i Sasana, nár éirigh chomh maith céanna le páistí in Éirinn. Bhí taithí phearsanta ag Macnamara ar an gcóras tumoideachais óir bhain sé leis an gcéad ghlúin a d'fhreastail ar scoileanna an tSaorstáit. Maíonn a thorthaí taighde freisin go raibh drochthionchar ag foghlaim na Gaeilge ar ghnóthachtáil páistí maidir le fadhbanna scríofa matamaitice (Macnamara, 1966).

Is fiú a lua go léiríonn Macnamara (1966, lch 136) go n-éiríonn chomh maith céanna le páistí na hÉireann sa mhatamaitic mheicniúil - is é sin, i gceisteanna ina bhfuil siombailí matamaitice in úsáid - agus a éiríonn le páistí Shasana. Na deacrachtaí a bhí ag na páistí i bhfadhbanna scríofa matamaitice ag an am sin, seans go mbaineann siad le bearnaí i bhforbairt scileanna litearthachta sa Ghaeilge níos mó ná bearnaí san eolas matamaiticiúil, mar sa staidéar céanna léiríonn na páistí Éireannacha scór níos ísle i léitheoireacht an Bhéarla freisin.

Foilsíodh an staidéar sin ag am nuair nach raibh go leor taighde eimpíreach ar fáil maidir le taithí páistí sa chóras bunscolaíochta, agus bhí an-tionchar aige ar mheon an phobail agus ar mheon oideachasóirí. In eireaball na 1970idí, bhreathnaigh an taighdeoir Jim Cummins ar thorthaí agus modheolaíochtaí Macnamara arís agus thug sé dúshlán do roinnt de na tátail a baineadh as an staidéar, mar shampla, an easpa cosúlachta idir na grúpaí a úsáideadh sa réamhthriail agus sa triail féin (rinneadh an réamhthriail le scoileanna i mBaile Átha Cliath den chuid is mó, ach rinneadh an triail le páistí i scoileanna iargúlta den chuid is mó). Chomh maith leis sin, maíonn Cummins go ndearnadh maolú ar

- a) an cumas atá ag an bpáiste i scil éigin, agus
- b) an cumas an scil a léiriú i dteanga bhreise (Cummins 1977; 1978).

Thug Ó Domhnailláin (1978) faoi deara go raibh laigí áirithe ag staidéar Macnamara freisin. Is gá cuimhneamh i gcás páistí Éireannacha a ghlac páirt i staidéar Macnamara nach raibh taithí acu ar dhul faoi scrúdú dá leithéid (Ní Dhonnabháin, 2014). Ar aon nós, sna staidéir a rinneadh in 1964 leis na huirlisí céanna, agus sna suirbhéanna a rinne an Roinn Oideachais sna blianta 1972, 1980 agus 1988, tháinig feabhas ar ghnóthachtáil páistí sa Bhéarla agus níor taispeánadh go raibh difríocht shuntasach idir páistí na hÉireann agus páistí Shasana ina dhiaidh sin (Harris et al., 2006).

Is léir go raibh cúinsí deacra ann do mhúinteoirí, do pháistí agus do phobal na scoile, agus dá réir sin, tháinig laghdú ar líon na scoileanna lán-Ghaeilge thar na blianta, go háirithe tar éis Ciorcláin in 1960 a thug rogha do mhúinteoirí Gaeilge a mhúineadh nó múineadh trí mheán na Gaeilge (O'Connor, 2004).

An Tumoideachas: Ag Féachaint Siar agus Romhainn

Thar na blianta, bhí moltaí ciallmhara déanta chun tacú leis an gcóras tumoideachais, ach uaireanta rinneadh dearmad orthu nó níor cuireadh i bhfeidhm iad i gcónaí in am trátha (Ó Flatharta, 2007). Mhol an Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge (1963), mar shampla, go bhfostófaí teagascóirí speisialta de bhunadh na Gaeltachta i ngach coláiste oideachais chun dianchúrsa ar fhoghraíocht agus ar dhul na teanga a thabhairt d'ábhair oidí. Bhí an ghné seo ag croílár mhúineadh na Gaeilge sna coláistí oideachais sna 1960idí agus 1970idí (Mac Mathúna, 2022) ach tháinig maolú air seo i gCuraclam na Gaeilge (1999). Tá sé aitheanta ag taighdeoirí le fada go bhfuil tábhacht leis an bhfeasacht fhóineolaíoch mar chuid de mhúineadh na léitheoireachta (Barnes, 2021; de Brún, 2022; Hickey agus Ó Cainín, 2003).

Mhol Coimisiún na Gaeltachta 1926 go ndéanfaí cúrsa iomlán san oideachas tosaigh múinteoirí trí mheán na Gaeilge. In 1995 i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, agus sa bhliain 2019 in Institiúid Oideachais Marino, cuireadh a leithéid de chúrsa ar fáil. Bearna mhór ama a bhí ann ag fanacht lena leithéid ó bunaíodh an dá stát agus chuir sé roinnt dúshlán roimh an gcóras tumoideachais.

É sin ráite, sa lá atá inniu ann, tá rath an tumoideachais ag tógáil ar go leor forbairtí a tháinig chun cinn le blianta beaga anuas. Cuireadh síolta an tumoideachais i dTuaisceart Éireann sna 1960idí nuair a chruinnigh cainteoirí dúchais le chéile le Gaeltacht uirbeach a bhunú ar Bhóthar Seoighe in Iarthar Bhéal Feirste (Ó Baoill, 2007). Bhunaigh tuismitheoirí sa Ghaeltacht uirbeach Bunscoil Phobal Feirste le líon beag páistí in 1971. In éagmais tacaíochtaí stáit, aitheantais mar scoil agus maoinithe go dtí 1984, bhí an scoil ag brath go mór ar thacaíocht tuismitheoirí agus teaghlach. Sna 1970idí i bPoblacht na hÉireann tháinig cor cinniúnach i scéal an tumoideachais nuair a thug tuismitheoirí, múinteoirí agus pobail faoi rogha oideachais eile a chur ar fáil dá bpáistí (Ó hAiniféin, 2008).

I dTuaisceart Éireann i gcathair Dhoire sa bhliain 1983 tháinig an chéad aonad lán-Ghaeilge ar an bhfód (Ó Cathalláin, Nig Uidhir agus Ó Duibhir, 2016). I bPoblacht na hÉireann ar an lámh eile, is scoileanna lán-Ghaeilge a bhíonn mar rogha seachas aonaid ag an mbunleibhéal. Ó 1999 ar aghaidh i dTuaisceart Éireann, tá níos mó tacaíochtaí ar fáil don chóras tumoideachais mar gheall ar *Chomhaontú Aoine an Chéasta* (1998), *The Education Order* (1998), bunú Chomhairle na Gaelscolaíochta (2000), agus Iontaobhas na Gaelscolaíochta (2001). I bPoblacht na hÉireann, in 2002, bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) faoin *Acht Oideachais* (1998).


Bhí luach ag baint le forbairt an chórais tumoideachais arís sna 1970idí ní hamháin ó thaobh cúrsaí teanga de, ach ó thaobh leathnú an tsoláthair oideachais agus rannpháirtíocht tuismitheoirí de (Coolahan, 1981; Ní Mhaoláin, 1998; Ó Ceallaigh agus Ní Dhonnabháin, 2015; Ó Luain, 2024). Is léir gur tháinig fás agus forbairt ar an oideachas lán-Ghaeilge thar na blianta. Tá cur síos sa tábla thíos ar roinnt de na forbairtí móra.

Clabhsúr

Tá stair shaibhir ag an tumoideachas in Éirinn. Tugann na luathmhúnlaí ábhar machnaimh dúinn ar na cineálacha tacaíochtaí atá ag teastáil sa seomra ranga agus lasmuigh de chun córas tumoideachais ar ardchaighdeán a chur ar fáil. Don am atá romhainn, is féidir linn foghlaim ón taithí a bhaineann le bunú an chórais tumoideachais i suíomhanna agus i gcomhthéacsanna éagsúla, agus tacaíochtaí inbhuanaithe a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge.

Fás agus Forbairt an Tumoideachais

1904 – Cuireadh tús leis an gClár Dátheangach.	1990idí – Tá níos mó tacaíochtaí ar fáil don chóras tumoideachais i dTuaisceart Éireann mar gheall ar <i>Chomhaontú Aoine an Chéasta</i> (1998), <i>The Education Order</i> (1998) agus bunú Chomhairle na Gaelscolaíochta (2000) chomh maith le hlontaobhas na Gaelscolaíochta (2001).
1908 – Bhunaigh Pádraig Mac Piarais Scoil Éanna inar múineadh ábhair go dátheangach.	1991 – Bunaíodh an chéad iar-bhunscoil, Coláiste Feirste (Meánscoil Feirste) i dTuaisceart Éireann. Tháinig Gaeloilíúint, an chéad scátheagraíocht do scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, ar an bhfód.
1917 – Chomhbhunaigh Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh agus Áine Nic Aodha Scoil Bhríde, an chéad scoil lán-Ghaeilge.	1993 – Bunaíodh An Foras Pátrúnachta le go mbeadh rogha eile ó thaobh patrúnachta de ar fáil do scoileanna lán-Ghaeilge nua a bhí ag teacht ar an bhfód. Is é an Foras Pátrúnachta an pátrún is mó ar scoileanna lán-Ghaeilge sa lá atá inniu ann.
1922 – Tháinig an tumoideachas i bhfeidhm sna ranganna naíonán sa Saorstát.	1993 – Bunaíodh Gaelscoil an Ghoirt Álainn i gCorcaigh, an chéad scoil lán-Ghaeilge ilchreidmheach.
1952 – Bunaíodh Scoil Lorcáin i mBaile Átha Cliath, an chéad bhunscoil lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann. Ina dhiaidh sin, tháinig bunscoileanna lán-Ghaeilge eile ar an bhfód, ina measc Scoil Neasáin (1969), Scoil an tSeachtar Laoch (1973) agus Scoil Naithí (1973).	1995 – Cuireadh tús le Teastas larchéime lán-Ghaeilge san Oideachas i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. An bhliain dár gcionn, thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn BEd ar an gcéim trí mheán na Gaeilge.
1960idí – Chruinnigh cainteoirí dúchais le chéile chun Gaeltacht uirbeach ar Bhóthar Seoighe a bhunú in Iarthar Bhéal Feirste.	1996 – Bunaíodh Gaelscoil Chill Mhantáin i gContae Chill Mhantáin, an chéad scoil lán-Ghaeilge idirchreidmheach.
1969 – Bunaíodh Coláiste Eoin, agus Coláiste Íosagáin ina dhiaidh sin (1971) chun rogha na hiar-bhunscolaíochta lán-Ghaeilge a chur ar fáil.	1998 – Cuireadh tús leis an ArdTeastas san Oideachas, cáilíocht don iar-bhunscolaíocht, in Ollscoil na Gaillimhe. Tugtar an Máistir Gairmiúil san Oideachas air ón mbliain 2014 ar aghaidh.
1970idí – Tháinig tuismitheoirí, teaghlaigh agus oideachasóirí le chéile chun níos mó scoileanna tumoideachais a bhunú.	2002 – Bunaíodh an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG).
1971 – Bunaíodh Bunscoil Phobal Feirste, an chéad scoil lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann.	2011 – Cuireadh tús le Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge i gColáiste Ollscoile Naomh Muire.
1972 – Bunaíodh Comhdháil na Scoileanna Gaelacha, Gaillimh.	2013 – Cuireadh tús le Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i gColáiste Mhuire gan Smál, Luimneach. Ó 2023 ar aghaidh, tá an Máistreacht á soláthar ag Coláiste na Tríonóide.
1973 – Bunaíodh Comhchoiste Náisiúnta na Scoileanna Gaeilge, Baile Átha Cliath.	2016 – Foilsíodh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais.
1974-1976 – Chomhdhlúthaigh an dá eagraíocht thuas chun tacú leis an gcóras tumoideachais a bhí ag teacht ar an bhfód, agus glacadh leis an ainm Gaelscoileanna mar theideal na heagraíochta. Tugtar Gaeloideachas ar an eagraíocht anois.	2019 – Thosaigh an chéad chohórt ar an mBaitsiléir san Oideachas trí mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino.
1981 – Bunaíodh Coláiste Chilllainn i gCluain Dolcáin, an chéad iar-bhunscoil lán-Ghaeilge faoi stiúir na gCoistí Gairmoideachais lasmuigh den Ghaeltacht.	2024 – Foilsíodh an comhairliúchán poiblí ar an Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá polasaí nua don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht á forbairt ag an Roinn Oideachais.
1983 – Bunaíodh an chéad aonad lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann i gcathair Dhoire.	
1987 – Bunaíodh Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta.	



3

Gnóthachtáil agus Taithí Páistí sa Chóras Tumoideachais

Gnóthachtáil agus Taithí Páistí sa Chóras Tumoideachais

Ar an iomlán, éiríonn go maith le páistí sa chóras tumoideachais. Léiríonn torthaí taighde ar ghnóthachtáil páistí sa Bhéarla agus sa mhatamaitic i staidéir náisiúnta go n-éiríonn chomh maith le páistí tumoideachais is a éiríonn le páistí i scoileanna meán-Bhéarla, nó go n-éiríonn níos fearr leo (Foras Taighde ar Oideachas, 2024³; Gilleece, Shiel, Clerkin agus Millar, 2012). Léiríonn Tuarascáil an Phríomhchigire i dTuaisceart Éireann go bhfuil méadú ag teacht ar líon na bpáistí a fhaigheann a gcuid oideachais trí mheán na Gaeilge agus go mbíonn ardchaighdeán oideachais i gcoitinne sna scoileanna (ETI Northern Ireland, 2014).

Mar an gcéanna lena bpiaraí, baineann páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu buntáistí amach sa chóras tumoideachais i go leor de na réimsí céanna acadúla agus forbartha: an dátheangachas, cumas sa Ghaeilge, buntáistí acadúla san iar-bhunscoil, féinmhuinín agus cultúr dearfach scoile (Nic Aindriú, 2019). Is léir go gcothaíonn an tumoideachas dearcthaí dearfacha i leith fhoghlaim na Gaeilge freisin (Harris et al., 2006). Mar shampla, ceapann 71.9% de thuismitheoirí i scoileanna lán-Ghaeilge go dtaitníonn sé lena bpáistí Gaeilge a fhoghlaim, i gcomparáid le 27.2% de thuismitheoirí i scoileanna meán-Bhéarla (Harris et al., 2006, lch 143). I gcás páistí a labhraíonn teangacha eile seachas an Ghaeilge nó an Béarla sa bhaile, feiceann a dtuismitheoirí na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas chun cur le cumas ilteangach a bpáistí (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir 2023).

Tá sé mar aidhm ag *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019) aghaidh a thabhairt ar roinnt laigí a bhí i gceist le *Curaclam na Gaeilge* (1999), mar shampla, nach ndearna sé freastal sásúil ar fhoghlaimeoirí ó chomhthéacsanna éagsúla teangacha (Ó Duibhir agus Cummins 2012). Is fiú a thabhairt chun cuimhne an éagsúlacht atá ann i bpróifíl na scoileanna tumoideachais in Éirinn agus, freisin, go bhfuil neart foghrúpaí ann:

- scoileanna Gaeltachta (i gcatagóir A, B agus C, agus cinn a ghlacann páirt sa Chlár Tacaíochta do Scoileanna mar gheall ar iargúlacht na scoile)
- scoileanna lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann (cinn le stádas DEIS agus cinn gan an stádas sin)
- scoileanna agus aonaid lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann (i gceantair uirbeacha mheánaicmeacha agus i suíomhanna faoi mhíbhuntáiste).

Mar sin, sa chaibidil seo, cuirtear na torthaí a eascraíonn ó staidéir éagsúla i láthair i gcomhthéacs an tsuímh lena mbaineann siad. Deirtear “scoileanna tumoideachais” nuair is meascán de scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge agus aonaid lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá sna torthaí taighde.

3 Cumarsáid phearsanta leis an bhForas Taighde ar Oideachas ar an 18 Iúil 2024 maidir le torthaí páistí sa chóras tumoideachais sa leagan is deireanaí den Progress in International Reading Literacy Study.

Foramharc ar an gCaibidil

- Ar dtús, breathnófar ar thaighde idirnáisiúnta ar bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais.
- Ina dhiaidh sin, breathnófar ar thionchar an tumoideachais ar an bhforbairt chognaíoch.
- Ansin, breathnófar ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais in Éirinn, go háirithe sa mhatamaitic agus ar an bhforbairt shóisialta agus chultúrtha.
- Sa chuid dheireanach, breathnófar ar na tosca a imríonn tionchar ar thaithí agus ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais, go háirithe stádas socheacnamaíoch.
- Is iad bunchlocha na foghlama sa bhunscoil ná forbairt cumais teanga agus litearthachta. Tá réimse leathan taighde déanta ar fhorbairt na litearthachta sa Bhéarla agus sa Ghaeilge sa chóras tumoideachais. Pléifear forbairt na délitearthachta go sonrach sa chaibidil *An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta*.

Buntáistí an Dátheangachais agus an Ilteangachais

Baineann go leor den taighde ar bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais le daoine a labhraíonn dhá mhórtéanga nó níos mó (mar shampla, an Spáinnis, an Fhraincis agus an Iodáilis), seachas mionteangacha (teangacha a labhraíonn mionlach an phobail) agus teangacha mionlaithe (is é sin teanga a cuireadh faoi chois i réimsí foirmiúla an tsaoil, mar shampla, sa chóras oideachais agus i gcúrsaí polaitíochta) (MacKenzie, O'Keefe, Thurston agus O'Neill, 2022).

I gcás na ndeiseanna a bhaineann leis an dátheangachas agus leis an tumoideachas, tá siad pléite i dtéarmaí buntáistí cognaíocha, meiteachognaíocha, eacnamaíocha, sóisialta agus inniúlachta agus tá siad pléite go forleathan sa litríocht náisiúnta (féach Harris et al., 2006; Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2017; Ó hAiniféin, 2008; Parsons agus Lyddy, 2009). Tá cur síos ar bhuntáistí an dátheangachais a léiríodh i dtaighde idirnáisiúnta ar fáil in Ó Ceallaigh (2013, lch 33).

Achoimre ar Bhuntáistí an Dátheangachais / an Tumoideachais

Buntáiste	Tagairt
Feasacht mheititheangeolaíoch Bíonn daoine dátheangacha níos feasaí ar theangacha agus ar an gcaoi a n-oibríonn siad.	Bialystok & Codd, 1997; Bournot-Trites & Denizot, 2005; Galambos & Hakuta, 1988; Harley, Hart & Swain, 1986; Lyster, Collins & Ballinger, 2009; Lyster, Quiroga & Ballinger, 2013.
Íogaireacht chumarsáide Bíonn daoine dátheangacha níos íogaire i leith miondífriochtaí sa chumarsáid.	Baker, 2007; Ben-Zeev, 1977; Genesee, Lambert & Tucker, 1975.
Solúbthacht chognaíoch Is cruthaithí agus is solúbtha daoine dátheangacha ina gcuid smaointeoireachta.	Cummins, 1975, 1977; Lambert, Tucker & d'Anglejan, 1973; Lazuruk, 2007; Ricciardelli, 1992.
Smaointeoireacht iltreoch, neamhspleáchas réimse, aithint patrún agus fadhbréiteach Is minic a bhíonn sé níos éasca ar dhaoine dátheangacha fios an bhealaigh a dhéanamh amach agus patrúin agus figiúirí folaithe a fheiceáil.	Baker, 2001; Bialystok, 2001; Bialystok & Martin 2004; Cenoz & Genesee, 1998; Peal & Lambert, 1962.
Foirmiú coincheapa, aicmiú, cruthaitheacht, réasúnú analachúil, agus scileanna amharcspásúla Agus eolas acu ar airíonna struchtúracha dhá theanga, bíonn daoine dátheangacha níos éifeachtaí agus iad ag díchódú.	Bialystok et al., 2008; Diaz & Klingler, 1991.
Feidhmiú feidhmiúcháin níos airde agus cuimhne eipeasóideach níos fearr Bíonn ar chumas daoine dátheangacha gabháil d'ionchódú agus d'aisghabháil straitéiseach agus cuimhneamh ar imeachtaí.	Bialystok, Craik & Luc, 2008; Salvatierra & Rosselli, 2011; Schroeder & Marian, 2012; Wodniecka et al., 2010.
Iolrachas cultúrtha, leathanaigeantacht, agus tuiscint Is mó an teagmháil le cultúir agus le teangacha eile a sholáthraítear leis an dátheangachas, agus cothaítear caidreamh eatarthu leis.	Genesee, 1987; Met, 1994; Rebuffot, 1993.
Éascaíocht maidir leis an tríú teanga a fhoghlaim D'fhéadfadh sé a bheith níos éasca teangacha eile a fhoghlaim nuair a bhíonn dhá theanga ag duine cheana féin.	Cenoz, 2004; Cenoz & Valencia, 1994; Sanz, 2000.
Buntáistí eacnamaíocha Bíonn deiseanna fostaíochta níos fearr sa mhargadh domhanda ar fáil do dhaoine a bhfuil inniúlachtaí dátheangacha nó ilteangacha acu.	Baker, 2001, 2007; Cloud, Genesee & Hamayan. 2000.

Baineann roinnt de na staidéir sa tábla thuas leis an sealbhú teanga sa bhaile, seachas sa chóras tumoideachais, agus baineann staidéir eile leis an dátheangachas agus ilteangachas ó taobh mórtheangacha de. Díreofar go sonrach sa chéad chuid eile den chaibidil ar thaighde atá déanta ar ghnóthachtáil agus taithí páistí sa chóras tumoideachais ag an mbunleibhéal in Éirinn.

Tionchar an Dátheangachais Scoilbhunaithe ar an bhForbairt Chognaíoch

Tá cnuasach beag taighde déanta ar an tionchar atá ag an gcóras tumoideachais ar an bhforbairt chognaíoch, mar shampla, Antonijevic, Durham agus de hÍde (2017), Cummins (1978), Kennedy (2012), Macnamara (1966), agus Stephens (2013). Léiríonn taighde idirnáisiúnta ar an néara-íomháú go mbaineann dátheangaigh⁴ úsáid as an áit san inchinn a gceanglaíonn leis an teanga nuair a thagann siad ar thascanna deacra neamhlabharta. Ach baineann aonteangaigh úsáid as an áit san inchinn a gceanglaíonn le réiteach fadhbanna nuair a thagann siad ar thascanna deacra neamhlabharta (Kennedy, 2012). Bíonn dátheangaigh agus ilteangaigh níos tapúla ag tascanna áirithe neamhlabharta (Bialystok, 2009). Go dtí seo, i gcomhthéacs an tumoideachais lán-Ghaeilge, níl taighde ar fáil a léiríonn néara-íomháú ar dhátheangaigh agus ilteangaigh, ach chuirfeadh a leithéid de thaighde go mór lenár dtuiscint ar fhorbairt na feidhme feidhmiúcháin (an cumas ábhar a eagrú agus a thuiscint) (Stephens, 2013).

An Dátheangachas Scoilbhunaithe agus Feidhm Feidhmiúcháin

Léiríonn taighde ar an dátheangachas scoilbhunaithe nach mbíonn aon tionchar diúltach aige ar an bhfeidhm feidhmiúcháin (Kennedy, 2012) agus go bhféadfadh sé a bheith nasctha le cumas níos airde i gcásanna áirithe ina bhfuil tascanna casta feidhm feidhmiúcháin i gceist (Stephens, 2013). Feictear torthaí éagsúla go hidirnáisiúnta, áfach, maidir leis an tionchar a bhíonn ag an dátheangachas ar réimse scileanna cognaíocha (Gunnerud et al., 2020).

Sna torthaí taighde in Éirinn ar bhuntáistí an dátheangachais agus an ilteangachais tagann siad le go leor den taighde idirnáisiúnta, is é sin go mbíonn dea-thionchar ag an dátheangachas ar réimsí áirithe agus go bhfuil réimsí ann nach bhfuil mórán tionchair ag an dátheangachas orthu, mar shampla, an chuimhne fheidhmeach (Bialystok, 2009). Sa staidéar atá déanta ag McVeigh, Wylie agus Mulhern (2017) ar pháistí 7-9 mbliana sa chóras tumoideachais in Éirinn, léirítear nach bhfuil mórán tionchair ag an dátheangachas scoilbhunaithe ar an ngearrchuimhne. I dtaighde Kennedy (2012), díritear ar an tionchar atá ag an dátheangachas scoilbhunaithe ar ghnéithe aonair den fheidhm feidhmiúcháin agus ní thugtar chun solais aon tionchar suntasach ach an oiread.

Is fiú breathnú ar ghnéithe de na modhanna taighde agus den anailís a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na torthaí neodracha seo a thagann chun cinn. Sna staidéir thuasluaite, breathnaítear ar ghné amháin den fheidhm feidhmiúcháin. I staidéar Stephens (2013), baintear úsáid as cur chuige beagán difriúil san anailís, is é sin go gcuirtear cúpla gné den fheidhm feidhmiúcháin le chéile sa tástáil - tabhairt chun cuimhne, sórtáil srl. Cé nach léirítear go bhfuil tionchar ag an dátheangachas ar ghnéithe aonair den fheidhm feidhmiúcháin, mar shampla, an smacht choiscitheach (an cumas focal, smaoineamh, mothúchán nó gníomh a bhrú faoi chois), léirítear go bhfuil tionchar dearfach ag an dátheangachas scoilbhunaithe ar ghnéithe comhtháite den fheidhm feidhmiúcháin. Léiríonn sé sin gurbh fhiú a aithint i staidéir amach anseo gur córas comhtháite é an fheidhm feidhmiúcháin agus go mbíonn roinnt próiseas ar siúl san inchinn ag an am céanna.

⁴ Cé go dtugtar "aonteangaigh" agus "dátheangaigh" ar na rannpháirtithe in an-chuid staidéar, is deacair cur síos a dhéanamh ar an ngrúpa páistí a fhreastalaíonn ar scoil meán-Bhéarla mar "aonteangaigh" mar go bhfuil teagmháil áirithe ag páistí i bPoblacht na hÉireann leis an nGaeilge ar scoil agus teangacha eile lasmuigh di. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an páiste níos mó ná dhá theanga a labhairt sa bhaile. Mar sin, úsáidtear an téarma dátheangach / ilteangach sa tuarascáil.

Seans nach n-oireann roinnt de na cúinsí tástálacha a bhaineann le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ar dhátheangaigh agus ilteangaigh ach an oiread do pháistí dátheangacha / ilteangacha agus go gcuireann sé sin freisin leis na torthaí diúltacha nó neodracha. Cúinse amháin a bhfuil deacracht ag baint leis do dhátheangaigh nó ilteangaigh, ná an tástáil faoi theorainn ama, mar gheall ar an moill teanga a d'fhéadfadh a bheith ag dátheangaigh ag aois óg. Moltar mar sin i dtaighde idirnáisiúnta e.g. Best, Miller agus Naglieri (2011) agus i dtaighde náisiúnta e.g. Stephens (2013) gur chóir torthaí a thuairisciú maidir leis na torthaí seo, (a) cruinneas agus (b) an cumas chun an sprioc a bhaint amach faoi theorainn ama, seachas torthaí (b) amháin, mar a dhéantar go minic.

An Dátheangachas Scoilbhunaithe agus Scileanna Meititheangeolaíocha

Léirítear sa taighde náisiúnta go mbíonn dea-thionchar ag an tumoideachas ar ghnéithe den fhorbairt mheititheangeolaíoch. Tá an bua seo tábhachtach don chumas teanga i gcoitinne. Mar a mhaíonn taighde Nic Fhlannchadha (2016), éiríonn níos fearr le rannpháirtithe iad féin a chur in iúl go cruinn soiléir nuair atá feasacht mheititheangeolaíoch acu ar mhíreanna gramadaí. I dtaighde Dillon (2009), na páistí sa chóras tumoideachais a ghlac páirt sa Modern Languages in Primary School Initiative (MLPSI), léiríonn siad feasacht ard mheititheangeolaíoch, is é sin, tá siad in ann ceangal a dhéanamh idir teangacha, i gcomparáid le páistí i scoileanna meán-Bhéarla. Léiríonn an staidéar céanna go bhfuil buntáiste níos mó ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge thar scoileanna Gaeltachta maidir le ceangal a dhéanamh idir struchtúir i T1, T2 agus T3. Léamh amháin ar an toradh seo ná go bhfuil traschur scileanna teanga ag tarlú ó theanga amháin go teanga eile toisc go bhfuil ardchumas bainte amach ag na páistí seo sa T1 agus T2 cheana féin, de réir Hipitéis na Buninniúlachta Coitinne (Cummins, 2021). Seans go dtuigeann páistí i scoileanna lán-Ghaeilge an iarracht chomhfhiósach a bhaineann leis an bpróiseas foghlama teanga i gcomparáid le cainteoirí dúchais a shealbhaíonn an teanga sa bhaile, nó le páistí i bpobail ina labhraítear an Ghaeilge lasmuigh den scoil, agus go gcuireann sé leis na scileanna meititheangeolaíocha atá acu.

I dtaighde Markey (2020), baintear úsáid as cur chuige diagnóiseach le breathnú ar na straitéisí a bhíonn ag foghlaimeoirí Gaeilge, in ionad breathnú ar ghnóthachtáil amháin sa teanga. Léiríonn taighde Markey gur gá foghlaimeoirí i scoileanna tumoideachais a chumasú chun straitéisí meiteachognaíocha a fhorbairt agus a úsáid. Cabhraíonn deiseanna chun dhá theanga nó níos mó a phróiseáil thar thréimhse ama le forbairt mheititheangeolaíoch (Ó Duibhir agus Cummins, 2012). De réir Kennedy (2012), roinnt de na buntáistí a bhíonn ag páistí sa chóras tumoideachais i réimse scileanna meititheangeolaíocha, baineann siad leis an teagmháil mhéadaithe atá acu le teanga bhreise. Moltar níos mó taighde fadtréimhseach a dhéanamh amach anseo le gur féidir breathnú ar aon dul chun cinn a tharlaíonn san fheidhm feidhmiúcháin thar am i measc dátheangach / ilteangach (Stephens, 2013). Is féidir tacú le páistí na scileanna meititheangeolaíocha, seo a fhorbairt i gcónaí trí úsáid a bhaint as cur chuige follasach chun ceangal a dhéanamh idir teangacha, nó aird a dhíriú ar ghnéithe den teanga, agus trí dheiseanna a thabhairt dóibh machnamh a dhéanamh orthu ina n-aonar agus lena bpiaraí (Ní Dhiorbháin, Concannon-Gibney agus Ní Dhubhghaill, 2024).

I dtaighde Kiely et al. (2024) mar shampla, d'fhoghlaim páistí i scoil lán-Ghaeilge an t-amhrán céanna sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus san Fhraincis agus bhí deis acu díriú ar chosúlachtaí agus difríochtaí maidir le hord na bhfocal san abairt i ngach teanga. I dtaighde Uí Chathalláin (2011) tugann páistí faoin scéal céanna sa Bhéarla agus sa Ghaeilge agus faoi roinnt de na gníomhaíochtaí léamhthuisceana céanna chun treisiú a dhéanamh ar an bhfoghlaim, agus chun tacú leo ceangal a dhéanamh idir na scileanna léamhthuisceana sa dá theanga. I dtaighde atá déanta ag Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir (2017), tugann páistí faoi dhialann mhachnamhach a choinneáil ina ndéanann siad machnamh ina bhfocail féin ar rialacha gramadaí. Cé nach léirítear go bhfuil tionchar suntasach aige seo ar ghnóthachtáil sa tástáil teanga, tugann an dialann mhachnamhach deis dóibh scileanna meititheangeolaíocha a fhorbairt. Tugtar le fios freisin go bhfuil buntáiste ag baint leis an bpiarphlé chun na míreanna gramadaí agus eolas meititheangeolaíoch a iniúchadh (Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir, 2017).

Gnóthachtáil Ghinearálta Páistí sa Chóras Tumoideachais i Staidéir Náisiúnta

Pléann an chuid seo leis na torthaí a bhaineann páistí sa chóras tumoideachais amach i staidéir náisiúnta. Sa chaibidil *Measúnú sa Chóras Tumoideachais* pléifear níos mine na cúinsí tástála agus measúnaithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar na torthaí céanna.

Fágtar ar lár uaireanta plé sainsiúil ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais i staidéir náisiúnta (mar shampla, *Progress in International Reading Literacy Study* le Delaney et al., 2023; tuarascálacha an tionscadail *Children's School Lives* le Devine et al., 2020; *Measúnachtaí Náisiúnta ar an Matamaitic agus Léitheoireacht an Bhéarla* le Eivers et al., 2010), nó ní lorgaíonn taighdeoirí eolas sonracha faoi fhoghlaím na Gaeilge agus iad ag breathnú ar thaithí scoile páistí, mar shampla, mar nár tharla sa staidéar *Growing Up in Ireland* (GUI), staidéar fadtréimhseach a fhéachann ar thaithí páistí i bPoblacht na hÉireann thar chúpla bliain. Chomh maith leis sin, sna staidéir de réir téamaí atá déanta ag an Education and Training Inspectorate i dTuaisceart Éireann, cé go mbíonn scoileanna lán-Ghaeilge páirteach sna staidéir, ní thugtar i gcónaí torthaí a bhaineann leis an gcomhthéacs sainsiúil seo. Mar sin, bíonn gá le staidéir leantacha chun díriú isteach ar na ceisteanna seo sa chóras tumoideachais, cuir i gcás, Gilleece, Shiel, Clerkin agus Millar (2012) a fhéachann ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais sa mhatamaitic agus sa Bhéarla, agus ERC (2024), a fhéachann go sonracha ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais sa staidéar is déanaí *Progress in International Reading Literacy Study* (PIRLS) (2023).

Déanfar plé thíos ar thorthaí ó mhórstaidéir náisiúnta sa mhatamaitic. Breathnófar freisin ar ghnóthachtáil páistí sna staidéir fhadtréimhseacha Éireannacha GUI chun díriú isteach ar aon bhuntáistí a bhíonn ag páistí sa chóras tumoideachais. Baineann na torthaí taighde seo le buntáistí cultúrtha agus sóisialta, agus le tomhais acadúla i réimse teoranta ábhar curaclaim (An Béarla, An Ghaeilge agus an mhatamaitic).

Sa chéad chaibidil eile *An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta* pléifear torthaí maidir le gnóthachtáil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge. Faoi láthair níl mórán taighde déanta ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais i réimsí eile an curaclaim, mar shampla, sna healaíona.

An Tumoideachas agus Gnóthachtáil sa Mhatamaitic

I scoileanna tumoideachais i dTuaisceart Éireann, éiríonn go maith den chuid is mó le páistí ó thaobh cúrsaí uimhearthachta de (ETI Northern Ireland, 2014). I bPoblacht na hÉireann, i dtuarascáil Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011), léirítear torthaí measctha nuair a chuirtear torthaí páistí sa chóras tumoideachais i gcomparáid le torthaí ón staidéar náisiúnta a rinneadh in 2009:

- Éiríonn níos fearr le páistí i Rang a 2 i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid leis an meánmharc náisiúnta de réir an staidéir in 2009, cé nach bhfuil difríocht shuntasach ann idir torthaí páistí i Rang a 2 i scoileanna Gaeltachta agus an meánmharc náisiúnta.
- Éiríonn níos fearr le páistí i Rang a 6 i scoileanna Gaeltachta, cé nach bhfuil difríocht shuntasach ann do pháistí i Rang a 6 i scoileanna lán-Ghaeilge le hais an mheánmhairc náisiúnta.

I staidéar Strickland agus Hickey (2016), léiríonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge go bhfuil dearcadh beagán níos diúltaí acu i leith na matamaitice i gcomparáid le páistí i scoileanna meán-Bhéarla.

Is gá gnéithe den dearcadh sin a scagadh níos mó agus féachaint ar dhearcthaí maidir leis an dúshlán a bhaineann leis an ábhar, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann leis, dar le páistí. I dtaighde a rinneadh ó shin maidir le dearcthaí páistí ar an *Dréachtchuraclam Bunscoile* agus *Curaclam na Bunscoile* (2023), léiríonn na cás-staidéir ar pháistí i scoileanna tumoideachais go gceapann siad go bhfuil an mhatamaitic tábhachtach sa churaclam, cé go bhfuil dúshlán ag baint léi (Kiely et al., 2022; Kiely et al, 2024). Léiríonn staidéar Ní Ríordáin agus O'Donoghue (2009) go n-éiríonn níos fearr le dátheangaigh / ilteangaigh ardchumasacha sa tástáil mhatamaitice i gcomparáid le foghlaimeoirí nach bhfuil ardchumas teanga bainte amach acu, rud atá ag cloí leis an méid a dúirt taighde Macnamara (1966).

I d*Tuarascáil an Phríomhchigire* (2022) maidir le scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge, moltar gur chóir sainfhoclóir a bhaineann leis an matamaitic a mhúineadh go follasach, go háirithe i roinnt scoileanna Gaeltachta. Dúshlán amháin a thagann chun cinn ná éagsúlacht sna téarmaí matamaiticiúla ó cheantar go ceantar (MacKenzie, O'Keeffe, Thurston agus O'Neill 2022). Is gné shuimiúil den Ghaeilge í na comhchiallaigh atá ar fáil d'ainmfhocail (Doyle, 2015). Mar sin, b'fhéidir gur féidir tógáil ar an Ríomhfhoclóir Matamaitice⁵ nó lámhleabhar a fhorbairt ina bhfuil míniú ar théarmaí matamaiticiúla, chomh maith leis na comhchiallaigh atá ar fáil. Is léir gur gá díriú ar shainfhoclóir matamaitice chun an smaointeoireacht mhatamaiticiúil agus an inniúlacht ghinearálta teanga a fhorbairt (Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011).

Is breá an bogadh ón múnla "teanga mar bhac" go dtí an múnla "teanga mar acmhainn" atá ag teacht isteach sa litríocht a bhaineann leis an mBéarla mar theanga bhreise. Is féidir le páistí tumoideachais freisin tarraingt ar a gcumas sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus i dteangacha eile, chun coincheapa matamaitice a iniúchadh. Pléann taighde atá déanta ag Ní Ríordáin (2018) le roinnt de na buntáistí a bhíonn ag páistí ó thaobh forbairt eolas coincheapúil matamaitice de nuair is féidir leo tarraingt ar scileanna sa dá theanga, agus / nó i dteangacha eile. Luann sí roinnt téarmaí matamaitice, "treoluas", mar shampla, a thugann le fios brí an choincheapa ar bhealach níos soiléire sa Ghaeilge. Éiríonn níos fearr le múinteoir a mhúineann an sainfhoclóir go follasach agus a thugann deis do pháistí piarphlé agus tascanna cumarsáideacha a dhéanamh (MacKenzie, O'Keeffe, Thurston agus O'Neill 2022). Is soiléir gur fiú tacú le meititheanga múinteoirí agus cur chuige oideolaíoch cuí a chur i bhfeidhm chun tarraingt ar acmhainní teanga i múineadh na matamaitice (Ní Ríordáin, 2018). Ta cnuasach cuimsitheach acmhainní ar fáil do mhúinteoirí i Mol Mata atá ar fáil ar shuíomh COGG, agus b'fhiú taighde a dhéanamh ar úsáid na n-acmhainní céanna amach anseo.

An Tumoideachas agus Forbairt Shóisialta agus Chultúrtha

Léiríonn torthaí an staidéir *Growing Up in Ireland* (GUI) go bhfuil roinnt buntáistí eile ag páistí sa chóras tumoideachas. Léiríonn an staidéar go mbíonn deis ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge a bheith ag plé le gníomhaíochtaí cultúrtha go minic (McCoy, Quail, agus Smyth, 2012b). Míníonn údair an GUI na deiseanna cultúrtha seo mar cheann de na tosca a chuireann le gnóthachtáil acadúil níos airde i gcoitinne i measc páistí i scoileanna lán-Ghaeilge. De réir an staidéir chéanna, bíonn buntáistí sóisialta ag páistí i scoileanna lán-Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht; is é sin go mbíonn na páistí ag coinneáil i dteagmháil le cairde go háirithe ar na meáin shóisialta. Dhealródh sé go mbaineann sé sin le páistí ó cheantair éagsúla a bheith ag taisteal chuig an scoil lán-Ghaeilge agus go spreagann sé iad iarracht a dhéanamh a bheith i dteagmháil lena gcairde lasmuigh den scoil (McCoy, Quail, agus Smyth, 2012a).

Is mó seans go mbíonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta ag léamh mar chaitheamh aimsire, ach tá an ráta seo níos airde i measc páistí i scoileanna lán-Ghaeilge (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a). Ní chuirtear ceist sa staidéar GUI faoin teanga ina mbíonn páistí ag léamh ach bheifí ag súil leis gur i mBéarla a bhíonn na páistí ag léamh den chuid is mó, agus go mbíonn traschur áirithe scoileanna teanga ann (Ó Duibhir agus Cummins, 2012).

Léiríonn cainteoirí Gaeilge tuairimí measctha maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an teanga a labhraíonn siad ar an dearcadh atá acu i leith an tsaoil (McHale, 2020). Taispeántar, áfach, go mbíonn tionchar dearfach ag an teagmháil le litríocht Ghaeilge na n-óg ar spéis sa léitheoireacht agus sa chultúr Gaelach (O'Kane Boal, 2023). Cabhraíonn an léitheoireacht mar chaitheamh aimsire le dearcadh dearfach a chothú i leith na Gaeilge (Devitt et al., 2018). Léiríonn páistí i scoileanna tumoideachais go bhfuil tábhacht maidir le foghlaim faoi chultúir agus teangacha eile freisin (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024). Sa Straitéis don Fholláine (*Strategy for Wellbeing*)⁶ sa Bhreatain Bheag, tá an Bhreatainis luaite mar thosca folláine. Ba mhaith an mhaise é, níos mó taighde a dhéanamh ar ról na Gaeilge i dtaca le forbairt mhothúcháinach an pháiste, an bua a thugann sí i bhforbairt shóisialta agus chultúrtha an pháiste.

Tosca Socheacnamaíocha agus Gnóthachtáil sa Litearthacht agus sa Mhatamaitic

Mar gheall ar an éagsúlacht atá ann i gcineálacha scoileanna tumoideachais in Éirinn, breathnaíonn roinnt staidéar ar dhifríochtaí a thagann chun cinn sna torthaí taighde i gcomhthéacsanna difriúla, mar shampla, cosúlachtaí agus difríochtaí idir scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a/b). Breathnaíonn staidéir eile ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS i gcomparáid le scoileanna nach bhfuil an stádas sin acu (Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir agus Shiel, 2021). Sa chaibidil *An Tumoideachas agus Forbairt na Déiltearthachta* déantar plé ar shainriachtanais Scoileanna Gaeltachta ó thaobh na litearthachta de.

Cúrsaí Litearthachta i Scoileanna DEIS

Mar a léirítear sna torthaí náisiúnta maidir le gnóthachtáil páistí i litearthacht an Bhéarla, bíonn difríochtaí idir gnóthachtáil páistí i scoileanna DEIS agus páistí i scoileanna eile (Delaney et al., 2023). Tagann éagsúlacht sna torthaí litearthachta chun cinn sa chóras tumoideachais freisin. In 2017 i scoileanna tumoideachais i bPoblacht na hÉireann, riaradh trialacha caighdeánaithe i léamh an Bhéarla (Drumcondra Sentence Reading Test) agus sa mhatamaitic. Is iad na trialacha céanna iad ar baineadh úsáid astu i Measúnachtaí Náisiúnta DEIS 2016 le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh idir scóir na dtrialacha sa staidéar ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS agus scóir DEIS go náisiúnta.

Taispeánann an taighde atá déanta ag Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir agus Shiel (2021) go léiríonn scoileanna lán-Ghaeilge DEIS scóir níos ísle go suntasach i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic ná scoileanna lán-Ghaeilge go ginearálta. Is gá a chur san áireamh, áfach, go léiríonn scoileanna lán-Ghaeilge go ginearálta scóir níos airde ná scoileanna eile go náisiúnta.

Nuair a chuirtear scoileanna tumoideachais DEIS i gcomparáid le scoileanna DEIS meán-Bhéarla, bíonn torthaí níos airde ag páistí i scoileanna tumoideachais DEIS. I staidéar atá déanta ag Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir (2020), ag an dá rang leibhéal (Rang a 3 agus Rang a 6) sa dá bhanda (DEIS Banda 1 agus DEIS Banda 2) i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS, bhí níos mó páistí ag an 90ú peircintíl, nó os a cionn, ná mar a bhí ag scoileanna DEIS go náisiúnta i léamh an Bhéarla.

⁶ Wellbeing of Wales (2023) Ar fáil ag: [Wellbeing of Wales, 2023 | GOV.WALES](https://gov.wales/wellbeing-of-wales)

I scoileanna tumoideachais DEIS Banda 2 faigheann páistí meánscóir níos airde ná mar a fhaigheann siad go náisiúnta i scoileanna DEIS ag leibhéal Rang a 3 agus Rang a 6. Bíonn difríocht shuntasach ann ag leibhéal Rang a 3 amháin.

I scoileanna tumoideachais DEIS Banda 1, bíonn meánscóir níos ísle ag leibhéal Rang a 3 ná mar a bhíonn ag scoileanna DEIS go náisiúnta, ach faoi dheireadh na bunscolaíochta bíonn ag éirí níos fearr le páistí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS ná scoileanna DEIS go náisiúnta. B'fhéidir go mbíonn moill forbartha i gceist leis na páistí sna ranganna níos óige (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020). Tá pointe suimiúil déanta ag Strickland agus Hickey (2016) gur chóir a thuilleadh smaointeoireachta a dhéanamh ar an am a ndéantar measúnú ar pháistí i scoileanna tumoideachais.

Is fiú a lua go mbíonn roinnt scoileanna Gaeltachta ag glacadh páirt sa Chlár Tacaíochta do Scoileanna mar gheall ar stádas iargúlta na scoile. Bíonn meánscór níos airde i léamh an Bhéarla ag páistí nach bhfuil ag freastal ar scoil atá mar chuid den chlár tacaíochta (Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011).

Tuairiscíonn príomhoidí raon fairsing de riachtanais foghlama a bheith ag 17.5% de pháistí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020). Tá an ráta seo níos airde go suntasach ná ráta na leitheadúlachta i scoileanna tumoideachais go ginearálta atá ag leibhéal 9.4% (Andrews, 2020).

Tá dornán de staidéir a dhíríonn ar thaithí páistí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS i bPoblacht na hÉireann. I staidéar ar scála beag a bhaineann le scéim fónaice i ranganna naíonán i scoil lán-Ghaeilge DEIS Banda 2, éiríonn go maith le scéim fónaice struchtúrtha chun bunscoileanna litearthachta a fhorbairt mar gheall ar an teagasc córasach, chomh maith le focail ardmhnicíochta a theagasc go follasach mar réamhullmhúchán (Ní Chatháin Uí Chonchúir, 2021). Déanann Ní Chuaig (2016) pointe maith maidir le hábhair léitheoireachta do scoileanna tumoideachais DEIS. Cuirtear deontas ar fáil faoin scéim DEIS chun infheistíocht a dhéanamh i gcúrsaí litearthachta sa scoil, ach ní cosúil go gcuirtear teanga na scoile san áireamh nuair a bhíonn an t-airgead á dháileadh. D'fhéadfaí a mhaíomh go mbeadh a dhá oiread tacaíochta ag teastáil ó scoileanna a bhfuil páistí dátheangacha / ilteangacha ag freastal orthu chun forbairt a dhéanamh ar an litearthacht sa dá theanga (Ní Chuaig, 2016). Sonraítear gur fíorbheag iad líon na ndaltaí atá ina gcainteoirí T1 Gaeilge a bhíonn ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS i gcomparáid le scoileanna lán-Ghaeilge i gcoitinne (Gilleece, Shiel, Clerkin agus Millar, 2012) agus dá bhrí sin, tá tacaíochtaí litearthachta faoi leith ag teastáil ar scoil.

I scoileanna lán-Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, luann príomhoidí go mbíonn dúshlán ann do scoileanna i suíomhanna faoi mhíbhuntáiste nuair nach mbíonn deis ag na páistí teagmháil a bheith acu leis an teanga lasmuigh den scoil, nó nuair a bhíonn fadhbanna sóisialta eile i gceist. É sin ráite, tuairiscíonn páistí go bhfuil siad sásta leis an gcóras tumoideachais (Wright agus Scullion, 2007) agus déanann Mac Corraidh (2013) plé ar na buntáistí saoil a bhaineann leis an dátheangachas, buntáistí a chuireann na scoileanna lán-Ghaeilge ar fáil i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Cúrsaí Matamaitice i Scoileanna DEIS


Maidir le gnóthachtáil sa mhatamaitic i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS, feictear gur gá béim níos treise a chur ar idirghabhálacha don uimhearthacht thras-scoile amhail is atá déanta le cúrsaí litearthachta. Tá sé riachtanach freastal ar an uimhearthacht agus tacaíocht a chur i bhfeidhm don mhatamaitic agus d'fhoghlaím na matamaitice trí mheán na Gaeilge. Seans go bhfuil baint ag na torthaí laga le heaspa tacaíochta d'fhoghlaím na matamaitice trí mheán an dara teanga / teanga bhreise, nó seans gur toradh iad ar an mbéim a chuirtear ar chúrsaí litearthachta thar uimhearthacht sna scoileanna lán-Ghaeilge DEIS (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020).

Níl ach 1.6% de dhaltáí i scoileanna tumoideachais DEIS Banda 1 ag feidhmiú ar leibhéal ard ag deireadh Rang a 3, i comparáid le 10% de dhaltáí go náisiúnta nuair a rinneadh an triail a chaighdeánú. Léiríonn staidéar atá déanta ag Ní Ríordáin agus O'Donoghue (2007) go n-éiríonn níos fearr le dátheangaigh ardchumasacha sa tástáil mhatamaitice i gcomparáid le foghlaimeoirí nach bhfuil ardchumas bainte amach acu.

Tagann sé seo le deacrachtaí a thuairiscíonn múinteoirí freisin maidir le tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu i réimse na matamaitice (Nic Aindriú, 2019). Tráchtann Nic Aindriú (2019) ar an méadú atá tar éis teacht ar líon na scoileanna a dhéanann tástáil ar chumas matamaitice an pháiste trí Ghaeilge nó go dátheangach le tacú le páistí a n-eolas matamaiticiúil a chur in iúl go soiléir, rud atá ag teacht le moltaí Cummins (1978) níos luaithe maidir le tástáil a dhéanamh i dteanga cheannasach an pháiste.

Clabhsúr

Thar an iomlán, éiríonn chomh maith nó níos fearr le páistí sa chóras tumoideachais is a éiríonn le páistí i scoileanna meán-Bhéarla. Feictear roinnt buntáistí cognaíocha, meititheangeolaíocha, acadúla, sóisialta agus cultúrtha do pháistí a fhreastalaíonn ar scoileanna tumoideachais. Tá éagsúlacht sna scoileanna tumoideachais in Éirinn agus tá sainriachtanais ag cineálacha éagsúla scoileanna dá bharr. Cé go n-éiríonn go maith le páistí i scoileanna tumoideachais ó thaobh na litearthachta de i gcoitinne, tá géarghá le tacú le páistí, go háirithe i scoileanna tumoideachais DEIS, a lán-acmhainneacht a bhaint amach sa mhatamaitic.



4

An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta

An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta

Sa chóras tumoideachais in Éirinn, tá sé mar aidhm aige scileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt in dhá theanga fhoirmiúla na scoile: an Ghaeilge agus an Béarla. Tá treisiú ar an aidhm seo i gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019) agus sa *Straitéis Litearthachta, Uimhearthachta agus Litearthachta Digití na hÉireann, 2024-2033: Gach Foghlaimeoir ó Bhreith go Duine Óg Fásta* (2024).

Foramharc ar an gCaibidil

- Breathnófar ar dtús ar scileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt sa Bhéarla.
- Ansin breathnófar ar bhunscileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt sa Ghaeilge i gcomhthéacsanna éagsúla, agus ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir an próiseas seo agus an fhorbairt teanga sa Bhéarla.
- Díreofar go háirithe ar riachtanais teanga scoileanna Gaeltachta.
- Pléifear an traschur scileanna teanga ó Ghaeilge go Béarla, agus ó Bhéarla go Gaeilge.
- Faoi dheireadh, pléifear litearthachtaí eile agus úsáid na dteicneolaíochtaí cruthaitheacha.
- Sa chaibidil *An Tumoideachas agus an Domhan Ilteangach* pléifear an bhaint idir an Ghaeilge agus teangacha eile.

Forbairt Scileanna Teanga agus Litearthachta sa Bhéarla

Sa staidéar *Progress in International Reading Literacy Study* (PIRLS) (2023), d'éirigh go han-mhaith le páistí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann maidir le léitheoireacht an Bhéarla agus bhí feabhas suntasach ar ghnóthachtáil páistí i scoileanna i bPoblacht na hÉireann (ba chóir a chur san áireamh, áfach, go raibh na páistí a ghlac páirt sa staidéar beagán níos sine ná mar is gnáth mar gheall ar an moill a bhain le COVID-19) (Delaney et al., 2023). Bhí páistí i scoileanna tumoideachais san áireamh sa staidéar. San anailís bhreise a chuir an Foras Taighde ar Oideachas⁷ ar fáil, taispeántar, ar an meán, gur éirigh chomh maith le páistí sa chóras tumoideachais le hais páistí i scoileanna meán-Bhéarla, agus gur éirigh go han-mhaith leo i gcomparáid lena bpiaraí idirnáisiúnta.

Tagann torthaí PIRLS le torthaí staidéir eile maidir le gnóthachtáil páistí i léitheoireacht an Bhéarla. I dtaighde Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011) bhí buntáiste ag páistí i scoileanna tumoideachais i gcomparáid le páistí i scoileanna meán-Bhéarla, is é sin go léiríonn páistí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna meán-Ghaeilge scór níos airde ar bhonn suntasach i léitheoireacht an Bhéarla i gcomparáid leis na scóir náisiúnta ón tástáil i 2009, seachas páistí i Rang a 2 i scoileanna Gaeltachta. (Cé go raibh meánscór níos airde ag páistí i Rang 2 i scoileanna Gaeltachta, ní raibh an difríocht suntasach ó thaobh na staitisticí de). D'fhéadfadh baint a bheith ag na torthaí níos airde seo le roinnt tosca, ina measc stádas socheacnamaíoch na bpáistí agus le cóimheas níos fearr idir múinteoirí agus páistí sa chóras tumoideachais.

Tá sé tugtha faoi deara sa chóras tumoideachais le fada go sealbhaítear an dara teanga / teanga bhreise gan dochar a dhéanamh do shealbhú na máthairtheanga (Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar 2011). Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí breathnú air mar chlár atá suimitheach ina mhúnla ó thaobh an dátheangachais / ilteangachais de. Tagann na torthaí in Éirinn go mór leis seo. Baineann páistí sa chóras tumoideachais ardchumas amach sa mhórttheanga (McVeigh, Wylie agus Mulhern, 2017; Nig Uidhir, 2001; Ó hAiniféin, 2008). Mar a léirítear i gcás na Breatnaise, an teagmháil a bhíonn ag páistí lasmuigh den scoil leis an mBéarla, cabhraíonn sí le teacht timpeall ar aon bhearna a bhaineann le múineadh foirmiúil na mórttheanga sna luathbhlianta den chóras tumoideachais (Rhys agus Thomas, 2013).

I dtaighde *Growing Up in Ireland* (GUI) feictear go n-éiríonn go han-mhaith le páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i léitheoireacht an Bhéarla. Sa staidéar níos doimhne atá déanta Strickland agus Hickey (2016) ar shonraí an staidéir GUI, nuair a chuirtear páistí sa chóras tumoideachais i gcomparáid le páistí sa chóras meán-Bhéarla, léiríonn páistí sa chóras tumoideachais meánscór san fhoclóir Béarla atá beagán níos airde.

Déanann staidéar Parsons agus Lyddy (2016) iniúchadh ar ghnóthachtáil páistí i léitheoireacht an Bhéarla agus na Gaeilge, i scoileanna meán-Bhéarla, scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge. Baintear úsáid as tástálacha ag trí phointe éagsúla ina bhfuil ar pháistí focail agus neamhfhocail a léamh i Rang 2 chun a gcumas léitheoireachta agus díchódaithe a mheas. Baintear úsáid as tástáil freisin ar fhoclóir.

Léirítear go n-éiríonn chomh maith i gcoitinne le páistí sa chóras tumoideachais is a éiríonn le páistí i scoileanna meán-Bhéarla ó thaobh an Bhéarla de. An t-aon eisceacht ná maidir le léamh focail Bhéarla ina raibh scór níos ísle ag páistí i scoil Ghaeltachta. Ba chóir, áfach, a chur san áireamh go raibh feabhas ar an ngrúpa sin ón gcéad tástáil go dtí an tríú tástáil. Léirítear sa staidéar céanna go n-éiríonn níos fearr le páistí sa chóras tumoideachais ó thaobh léitheoireachta na Gaeilge de. Tagann na torthaí seo le staidéar a rinne na húdair chéanna in 2009, agus le staidéar a rinne Ó hAiniféin (2008) agus a bhreathnaíonn ar thorthaí páistí sa chóras tumoideachais sna trialacha seo: Drumcondra Primary Reading Test and the Mary Immaculate College Reading Attainment Tests.

Maidir le gnóthachtáil páistí i scoileanna Gaeltachta, bíonn scóir níos airde acu i léitheoireacht an Bhéarla le hais léitheoireacht na Gaeilge. Léiríonn Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014), freisin, go mbíonn cruinneas agus cumas níos fearr fiú ag páistí Gaeltachta sa Bhéarla i gcomparáid leis an nGaeilge.

Léiríonn staidéar ar scála beag Parsons agus Lyddy (2016) nach mbíonn tionchar mór ag an ord ina dtosaítear ar an léitheoireacht ar chumas an pháiste sa chéad teanga (Parsons agus Lyddy, 2016). Tá sé seo ag teacht le torthaí Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011) a thaispeánann nach bhfuil mórán tionchair ag an léitheoireacht a thosú i mBéarla nó i nGaeilge nó sa dá theanga ag an am céanna, i scoileanna lán-Ghaeilge. Ach tá tionchar diúltach ann, de réir cosúlachta, i do pháistí i Rang 6 i scoileanna Gaeltachta má thosaítear ar an léitheoireacht sa dá theanga ag an am céanna.

Léiríonn staidéar Chondrogianni, Judge-Clayden agus Butcher (2022) ar ghnóthachtáil sa Bhéarla i measc páistí sa chóras tumoideachais in Albain, nuair a chuirtear tús leis an dara teanga níos deireanaí feictear feabhas maidir le forbairt foclóra sa chéad teanga. Ach, nuair a chuirtear tús leis an dara teanga / teanga bhreise níos luaithe, feictear feabhas maidir le scileanna aitheanta do neamhfhocail. Beidh gá le tuilleadh taighde a dhéanamh amach anseo ar chur i bhfeidhm an luath-thumtha iomláin sna ranganna naíonán ar chumas litearthachta páistí, nós atá mar chuid den *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016).

Forbairt Scileanna Teanga agus Litearthachta sa Ghaeilge

I roinnt staidéar ar ghnóthachtáil páistí sa Ghaeilge, cuirtear na torthaí ó scoileanna Gaeltachta, scoileanna lán-Ghaeilge, agus scoileanna meán-Bhéarla le chéile (mar shampla, *Irish in the Primary School*, 2007) agus mar sin is deacair na moltaí don chóras tumoideachais amháin a bhaint as na moltaí ginearálta. Tugadh faoi roinnt staidéar thar na blianta a dhíríonn ar an gcomhthéacs tumoideachais go sonrach. Tá cur síos in Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011, lch 2) ar na tástálacha a rinneadh le páistí i scoileanna tumoideachais thar na blianta:

- 1982: Gaeilge ó Bhéal, Rang a 2 (Harris, 1984)
- 1985: Gaeilge ó Bhéal, Rang a 6 (Harris agus Murtagh, 1987; 1988)
- 1988: Léitheoireacht an Bhéarla, Rang a 5 (An Roinn Oideachais, 1991)
- 2002: Gaeilge ó Bhéal, Léitheoireacht na Gaeilge, Rang a 6 (Harris et al., 2006)

Féachfar anois ar roinnt staidéar a dhíríonn go sonrach ar ghnóthachtáil sa chóras tumoideachais, agus ar na tosca teanga agus mothúchánacha a imríonn tionchar ar ghnóthachtáil páistí. Tá sainriachtanais ag scoileanna éagsúla tumoideachais ó thaobh fhorbairt na Gaeilge de agus ní thagann na torthaí céanna chun cinn i gcónaí i measc páistí i suíomhanna éagsúla tumoideachais, mar shampla, i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Breathnófar go háirithe ar thaighde a bhaineann le sealbhú agus saibhriú na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta.

Dearcthaí i leith na Gaeilge

Ní hamháin go gcothaíonn an córas tumoideachais inniúlacht sa Ghaeilge ach tacaíonn sé le dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge. Imríonn dearcadh dearfach i leith na Gaeilge tionchar ar ghnóthachtáil páistí sa sprioctheanga (Harris et al., 2006). Taispeánann staidéar na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008) agus na Roinne Oideachais (2007) gur chabhraigh Curaclam 1999 le dearcadh dearfach na bpáistí i bhfoghlaim na Gaeilge chomh maith le taithí thaitneamhach a chothú i gceachtanna Gaeilge. Ina theannta sin, léiríonn an staidéar *Growing Up in Ireland* (GUI) nach bhfuil laghdú suntasach tar éis teacht ar dhearcthaí daoine óga i leith na Gaeilge, agus go bhfuil na dearcthaí i leith na Gaeilge i gcoitinne cosúil le dearcthaí cainteoirí mionteangacha eile (Devitt et al., 2018).

I bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann, léiríonn páistí sa chóras tumoideachais dearcadh dearfach i gcoitinne maidir leis an nGaeilge a fhoghlaim (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024; Ó Duibhir et al., 2017). I dTuaisceart Éireann, léiríonn páistí bunscoile na scóir is airde maidir leis an scála Dearnadh i leith Fhoghlaim na Gaeilge (Ó Duibhir et al., 2017). I dtaighde Darmody agus Daly (2015) a rinne iniúchadh ar thorthaí an staidéir *Growing Up in Ireland*, tuairiscíonn céatadán níos airde páistí i scoileanna lán-Ghaeilge go dtaitníonn an Ghaeilge leo i gcónaí, i gcomparáid le páistí i scoileanna Gaeltachta agus i scoileanna meán-Bhéarla. Pléifear sainriachtanais na scoileanna Gaeltachta níos deireanaí sa chaibidil seo.

Forbairt na Sprioctheanga agus Teagmháil Léi

Ag leibhéal stádais tá tábhacht leis an *Acht Oideachais* (1998) mar go n-aithníonn sé go bhfuil ról speisialta ag scoileanna Gaeltachta an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga sna ceantair Ghaeltachta. Seans go raibh easpa teorach ann roimh fhoilsiú *an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2020* (DES, 2016) faoin ról speisialta seo. Bhí an luath-thumoideachas á chur i bhfeidhm i bhformhór na mbunscoileanna i gCatagóir A, ach bhí éagsúlachtaí ann ó thaobh thréimhse ama an luath-thumoideachais de (Mac Donnacha et al., 2004; Ní Bhaoill agus Ó Duibhir, 2004; Ní Chuaig, 2016; Ní Shéaghdha, 2010; Ó Brolcháin, 2015). Thug an *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* (DE, 2016) agus *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* treoir chinnte gur gá dhá bhliain den tumoideachas a chur i bhfeidhm. Tá rath *Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta* le feiceáil sa nuachtlitir dhébhlantúil *Scéalta na Scéime* ina bhfuil dea-chleachtais tumoideachas á roinnt.

Ó thaobh forbairt teanga de, léiríonn Muckley (2015) gur gá an stádas sochtheangeolaíoch a chur san áireamh go háirithe nuair is mionteanga (teanga a úsáideann mionlach an phobail) nó teanga mhionlaithe atá ann (teanga a cuireadh faoi chois i réimsí foirmiúla an tsaoil, mar shampla, sa chóras oideachais agus i gcúrsaí polaitíochta). Chun tacú le páistí dhá theanga nó níos mó a fhorbairt, tá gá le níos mó ionchuir agus deiseanna cainte sa mhionteanga / sa teanga mhionlaithe. Tugann Muckley le fios sa taighde céanna nach ionann an líon uaireanta teagmhála atá ag foghlaimeoir leis an mórtheanga agus leibhéil ghnóthachtála sa teanga sin. Tá tábhacht ar leith ag baint leis an ionchur teanga a fhaigheann foghlaimeoirí i gcás mionteangacha / teangacha mionlaithe ar nós na Gaeilge. Teastaíonn breis ionchuir i gcás mionteangacha / teangacha mionlaithe chun go n-éireoidh le foghlaimeoirí ardleibhéil inniúlachta a bhaint amach, mar gheall ar an teagmháil shrianta a bhíonn ag foghlaimeoirí leis an teanga taobh amuigh den scoil.

Cén tslí a dtéann stádas sochtheangeolaíoch na Gaeilge i bhfeidhm ar fhoghlaím foclóra sa Ghaeilge? Breathnaíonn staidéar O'Toole, Ní Shíthigh, Molamphy agus Walsh (2020) ar pháistí ó chúlraí Gaeilge / dátheangacha atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna lán-Ghaeilge, chomh maith le páistí ó chúlraí Béarla atá ag freastal ar scoileanna Gaeltachta agus ar scoileanna lán-Ghaeilge. Léiríonn na torthaí go dtagann ardú ar fhoclóir páistí i scoileanna lán-Ghaeilge agus i scoileanna Gaeltachta, ach go bhfuil gá le tacú le saibhriú teanga i scoileanna Gaeltachta. Maidir le cúlra teanga an pháiste, ní nach ionadh go mbíonn níos mó foclóra Gaeilge ag páistí ó chúlraí Gaeilge / dátheangacha ná páistí ó chúlraí Béarla / aonteangacha.

Ach is féidir le fórsaí taobh amuigh de scoileanna tionchar a imirt ar stádas agus ar fhoghlaím páistí. Chonacthas sin go soiléir le linn phaindéim COVID (2020 – 2022). Rinne Symonds et al. (2020) scrúdú ar an tslí a ndeachaigh scoileanna i ngleic leis an gciánfhoghlaím ó mhí Márta go mí Bealtaine 2020. Thaispeáin siad gur chaith roinnt scoileanna níos lú ama ar an nGaeilge. Ní deirtear cén céatadán de na scoileanna a bhí ina scoileanna tumoideachais ach is cosúil go raibh níos lú deiseanna ag nuachaintoirí a gcuid Gaeilge a úsáid agus a fhorbairt nuair nach raibh fáil acu ar phobal teanga ar scoil.

Teagmháil leis an nGaeilge ar Scoil

Tá tionchar ag na deiseanna teagmhála a bhíonn ag daoine óga leis an nGaeilge ar scoil leis an gcumas a bhaineann siad amach sa teanga. Tá fianaise ann a thugann le fios go mbíonn dianchláir theagaisc sa dara teanga nó sa teanga bhreise thar thréimhse ghairid níos éifeachtaí i gcomparáid le cláir a bhfuil cur chuige céim ar chéim acu, is é sin nuair nach mbíonn teagmháil ag foghlaimeoirí ach le méid teoranta den teanga thar thréimhse fhada iontu (Harris agus Ó Duibhir, 2011). Tacaíonn cláir leanúnacha, áfach, le scileanna meititheangeolaíocha a fhorbairt (Cummins agus Ó Duibhir, 2012), leis an bhfoghlaimeoír teanga a chomhtháthú le hábhair eile an churaclaim, agus le rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach a chothú. Mar sin, b'fhiú diantaithí thumtha a bheith mar chuid den chúrsa teanga sa chóras tumoideachais agus i scoileanna meán-Bhéarla thar thréimhse níos faide chun na buntáistí is mó a bhaint as. Cuireann roinnt scoileanna tumoideachais deiseanna breise tumtha ar fáil do pháistí sna ranganna sinsearacha chun naisc a chothú le pobal na Gaeilge, agus freastalaíonn na páistí ar chúrsa Gaeltachta (Dunne agus Ní Aogáin, 2025).

Déanann Ó Duibhir agus Cummins (2012) cur síos ar bhunphrionsabail ghinearálta a bhaineann leis an sprioctheanga a mhúineadh go héifeachtach agus ba chóir go mbeadh na bunphrionsabail ag croílár mhúineadh na Gaeilge sa chóras tumoideachais chun cur le cáilíocht na teagmhála a bhíonn ag páistí leis an teanga ar scoil.

- **Prionsabal 1:** Caithfidh foghlaimeoirí cora cainte is cumas riailbhunaithe a fhorbairt.
- **Prionsabal 2:** Caithfidh an teagasc díriú ar an mbrí.
- **Prionsabal 3:** Caithfidh an teagasc a chinntiú go mbíonn aird foghlaimeoirí ar an bhfoirm freisin.
- **Prionsabal 4:** Caithfear díriú ar eolas intuigthe ar an T2 ach gan faillí a dhéanamh ar eolas follasach.
- **Prionsabal 5:** Caithfidh an teagasc “siollabas inmheánach an fhoghlaimeora” a chur san áireamh.
- **Prionsabal 6:** Le go mbeidh rath ar an bhfoghlaimeoír teanga faoi stiúir, tá gá le hionchur teanga cuimsitheach sa T2.
- **Prionsabal 7:** Le go mbeidh rath ar an bhfoghlaimeoír teanga faoi stiúir, tá gá le deiseanna a bheith ann don aschur teanga freisin.
- **Prionsabal 8:** Is rud lárnach í an deis le hidirghníomhú sa T2 chun cumas T2 a fhorbairt.
- **Prionsabal 9:** Caithfidh an teagasc difríochtaí aonair a chur san áireamh.
- **Prionsabal 10:** Sa mheasúnú a dhéantar ar chumas T2, tá sé tábhachtach díriú ar ghinchumas saor teanga agus ar ghinchumas faoi choinníoll.

(Ó Duibhir agus Cummins, 2012, lch 13)

Is féidir tacú le forbairt foclóra sa Ghaeilge trí tharraingt ar áiseanna eile freisin. I dtuairiscí ar na measúnachtaí náisiúnta roimhe seo, mar shampla, Eivers et al. (2010); Gilleece, Shiel, Clerkin agus Millar (2012); Kavanagh, Shiel agus Gilleece (2015), feictear gur toisc dhiúltach í an teilifís sa seomra leapa ar thorthaí gnóthachtála i léamh an Bhéarla agus sa mhatamaitic. D'fhéadfadh tionchar dearfach a bheith ag breathnú ar chlár theilifíse Ghaeilge ar an bhforbairt teanga, áfach. Léirítear in Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014), go bhfuil tionchar réasúnta lag ag taithí theilifíse na ndaltaí ar an ngnóthachtáil atá acu sna táscairí éagsúla teanga sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. Tugtar le fios i staidéar Lenoach (2014), áfach, nuair a chuirtear ma trí thosca seo a leanas le chéile, go bhfuil tionchar acu ar mhéid an fhoclóra Gaeilge:

- (i) aois i míonna,
- (ii) sóisialú i nGaeilge agus
- (iii) teilifís i nGaeilge.

Léiríonn cur chuige Lenoach bealach ina bhféadfaí taighde a dhéanamh amach anseo agus anailís iltoscach a úsáid mar thomhas níos láidre ar thosca a imríonn tionchar ar an dátheangachas agus ilteangachas. Molann Stephens (2013) freisin gur chóir cúpla toisc a chur san áireamh chun forbairt an dátheangachais nó ilteangachais a iniúchadh. Léiríonn staidéar Leonach an fiúntas a bhaineann le deiseanna lasmuigh den scoil chun teagmháil mhéadaithe leis an teanga a chothú ar bhealach comhtháite. Tá cur síos ar bhealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn sa bhaile sa chaibidil *Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Teaghlach*.

Scil agus Toil a Fhorbairt i Léitheoireacht na Gaeilge

Tacaíonn an bhunscoil le forbairt scileanna litearthachta sa Ghaeilge ach go háirithe. I staidéar suimiúil a chuireann páistí in Albain a labhraíonn na teangacha mionlaithe: Gaeilge na hAlban agus an tSairdínis, i gcomparáid le chéile, éiríonn le cainteoirí Ghaeilge na hAlban cumas níos fearr a bhaint amach sa teanga mar gheall ar an teagmháil a bhíonn acu leis an teanga ar scoil agus na scileanna foirmiúla litearthachta a fhorbraíonn siad inti, deis nach bhfuil ar fáil do chainteoirí na Sairdínise ar scoil in Albain (Lauchlan, Parisi agus Fadda, 2012).

Tá gá, mar sin, le scileanna litearthachta a mhúineadh go follasach sa chóras oideachais chun tacú le teangacha mionlaithe (Barnes, 2021; Hickey agus Stenson, 2016a). Mar a thaispeánann de Brún (2022), chun múinteoirí a chumasú an léitheoireacht a mhúineadh go héifeachtach, caithfear breathnú ar an aistear léitheoireachta sa dá theanga - an Ghaeilge agus an Béarla - agus ar na cosúlachtaí agus ar na difríochtaí atá idir sin agus an léitheoireacht i dteanga amháin. Is tábhachtach an tacaíocht sin nuair a thuairiscíonn mionlach de mhúinteoirí i bPoblacht na hÉireann agus i dTuaisceart Éireann fós nach mothaíonn siad ullamh leis an léitheoireacht a mhúineadh ar bhealach éifeachtach (de Brún, 2022). Aithnítear go bhfuil contanam dátheangachais / ilteangachais ann agus go n-éiríonn ar bhealach difriúil le páistí sa chóras tumoideachais ó thaobh scileanna teanga agus litearthachta de (Department of Education (NI) 2016); Flynn, 2021; Ó Duibhir, 2018).

Léiríonn taighde Harris et al. (2006) an tábhacht atá leis an teaghlach sa chomhthéacs sochtheangeolaíoch mar go léiríonn sé go n-éiríonn níos fearr le páistí i léitheoireacht na Gaeilge má tá teagmháil acu leis an nGaeilge sa bhaile. Léiríonn taighde Harris et al. (2006) freisin an buntáiste a bhíonn ag páistí a fhreastalaíonn ar scoileanna tumoideachais toisc go mbaineann páistí cumas níos fearr amach i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge ó thaobh scileanna léitheoireachta de ná a bpiaraí atá ag freastal ar scoileanna meán-Bhéarla. Ní bhíonn drochthionchar aige seo ar a ngnóthachtáil sa Bhéarla (Parsons agus Lyddy, 2009), ach uaireanta bíonn straitéis dhifriúil in úsáid don pháiste do léitheoireacht an Bhéarla i gcomparáid le léitheoireacht na Gaeilge (Ní Chiaruáin, 2009).

Molann Hickey (2007) go bhfuil na gnéithe seo thíos ag teastáil chun tacú le luathléitheoirí Gaeilge:

- bunscileanna litearthachta
- an léitheoireacht aithriseach
- an léitheoireacht leathan
- úsáid níos fearr a bhaint as áiseanna litearthachta atá ar fáil cheana féin mar aon le háiseanna nua a chruthú
- tacú le tuismitheoirí agus teaghlaigh an léitheoireacht a chur chun cinn sa bhaile.

I dtaighde Dunne agus Ní Fhaoláin (2020), Kiely et al. (2021) agus Mhic Mhathúna (2008), taispeántar go bhfuil an-fhiúntas ag baint leis an léitheoireacht aithriseach agus an léitheoireacht dhialógach le duine fásta sa bhaile do chumas léitheoireachta an pháiste. Tá buntáistí ag baint le húsáid na scéalaíochta agus na foghlama tascbhunaithe i bhforbairt teanga freisin (Harris agus Ó Duibhir, 2011).

Sa chóras tumoideachais roghnaíonn páistí léamh mar chaitheamh aimsire sa Bhéarla níos minice ná léamh sa Ghaeilge (de Brún, 2007; Dunne agus Hickey, 2017; Harris et al., 2006). Baineann cuid den nós seo le scileanna litearthachta níos fearr a bheith ag páistí sa Bhéarla (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan, 2014) agus leis an rogha níos leithne de leabhair atá ar fáil sa Bhéarla freisin. I staidéar Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011), taispeántar go bhfuil níos lú leabhair Ghaeilge ná leabhair Bhéarla sa bhaile ag páistí i scoileanna tumoideachais agus go bhfuil níos mó leabhair Bhéarla ar fáil i leabharlann na scoile. Léiríonn sé an gá le taithí dhearfach speisialta a chruthú do léitheoireacht na Gaeilge mar atá déanta i gclubanna léitheoireachta (Dunne agus Hickey, 2017; Ní Chlochasaigh, Ó Brolcháin agus Nic Airt, 2024) agus i dtionscadal An Bosca Leabharlainne ina mbíonn fáil ag páistí ar leabhair chomhaimseartha Ghaeilge, agus ar cheardlanna litríochta le scríbhneoirí agus ealaíontóirí (O’Kane Boal, 2023). Tá moltaí breátha do leabhair Ghaeilge agus áiseanna do chlub leabhar ar fáil ar an Tairseach sa rannóg Club Leabhar 2024/25.

Ina lán teoiricí ar foghlaim na litearthachta, tá béim ar scileanna cognaíocha a bhaineann leis an léitheoireacht. Laistigh den dearcadh soch-chultúrtha, áfach, is gá an t-inspreagadh agus an rannpháirtíocht litearthachta a chur san áireamh freisin (Guthrie et al., 2006). I dtaighde de Brún (2007), An Roinn Oideachais (Tuaisceart Éireann) (2016), mar aon le Dunne agus Hickey (2017), tá béim ar an ngá le téacsanna spreagúla a bheith ar fáil do pháistí le go mbeidh spreagadh ann dóibh a scileanna litearthachta a úsáid i gcomhthéacs. I dtaighde Dunne agus Hickey (2017) baineann an club léitheoireachta i Rang a 3 agus Rang a 5 i scoil lán-Ghaeilge leis leis an ngné mhothúchánach den léitheoireacht. Trí dheiseanna rialta a thabhairt do pháistí seánraí difriúla a léamh agus plé a dhéanamh orthu, tagann feabhas ar inspreagadh agus ar dhearcadh i leith na léitheoireachta, chomh maith lefeasacht ar an saibhreas litríochta atá ar fáil as Gaeilge. Léiríonn Ní Chlochasaigh, Ó Brolcháin agus Nic Airt (2024) freisin an buntáiste a bhaineann le rogha seánraí a chur ar shúile na léitheoirí óga, agus go bhfuil an-fhiúntas ag baint le leabhrán gníomhaíochta a chur ar fáil i dtaca leis na leabhair.

Sainriachtanais Teanga Scoileanna Gaeltachta

Bíonn sainriachtanais teanga ag scoileanna Gaeltachta mar gheall ar an ról speisialta atá acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa phobal. Cé go bhfuil roinnt taighdeoirí, mar shampla, Ó hÉallaithe (2015)⁸ a easaontaíonn leis an tuar atá déanta ag Ó Giollagáin agus Charlton (2015) maidir le ráta gasta mheath na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá taighdeoirí ar aon intinn go bhfuil tacaíochtaí faoi leith ag teastáil ó pháistí agus ó mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta (Mac Donnacha, 2005; Ní Shéaghdha, 2010; Ó Brolcháin, 2016; Ó Duibhir, 2018). Aithnítear i gcás an líon réasúnta beag de chainteoirí óga na Gaeltachta a bhfuil an Ghaeilge mar theanga theaghlaigh acu gurb iad seo an dream is leochailí, agus gur cheart díriú ar chearta teanga na bpáistí seo (Coady agus Ó Laoire, 2002; Ó Brolcháin, 2016; Ó Duibhir et al., 2015). Tá áiseanna iontacha curtha ar fáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le tacú le teaghlaigh atá ag tógáil a bpáistí trí Ghaeilge a bheidh ina gcabhair do thuismitheoirí. Tá gá freisin le cur chuige ionchuimsitheach idirdhealaithe do mhúineadh na Gaeilge ar scoil i gcomhthéacsanna casta teangeolaíocha (Dunne agus Ní Aogáin, 2025), go háirithe i scoileanna Gaeltachta.

San *Acht Oideachais* (1998), deirtear faoi “scoil aitheanta” go n-úsáidfídh “sí na hacmhainní a bheidh ar fáil di...i gcás scoileanna atá lonnaithe i limistéar Gaeltachta, chun cuidiú leis an nGaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga an phobail.” (Ich 13) Thug Mac Donnacha et al. faoi thaighde a dhéanamh ar staid reatha na scoileanna Gaeltachta agus foilsíodh an tuarascáil den teideal sin in 2004, agus ba léir go raibh fadhbanna ann maidir leis an teanga, le hearcú múinteoirí agus le háiseanna. Léirigh an taighde na dúshláin a bhí roimh na páistí, na múinteoirí, na scoileanna, COGG agus an Roinn Oideachais.

Cúpla bliain roimhe seo in 2001 bhunaigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an clár *Séideán Sí* chun freastal ar riachtanais scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Ó 2003 ar aghaidh faoi stiúir COGG, tháinig pacáiste amach gach bliain ag tosú leis na naíonáin shóisearacha agus ag críochnú le Rang a 6. Dhírigh Séideán Sí ar na trí phríomhchanúint; Cúige Uladh, Cúige Chonnacht, agus Cúige Mumhan. Cuireadh fáilte mhór roimh an gclár comhtháite a d’úsáid Séideán Sí. Thug an clár aitheantas do chaint na Gaeltachta agus thacaigh sé le canúintí cainteoirí dúchais. Thosaigh scoileanna lán-Ghaeilge ag baint úsáid as na pacáistí freisin.

Chonacthas do Chigirí na Roinne go raibh an clár chomh maith sin gur mhol siad in 2007 gur chóir clár comhtháite den chineál céanna a fhorbairt do na scoileanna a bhí ag múineadh na Gaeilge mar ábhar. Mhol siad go mbeadh leagan amach soiléir córasach ar an méid a bhí le múineadh. I dTuarascáil an Phríomhchigire 2010-2012 bhí an moladh céanna ann.

Mar sin, is léir go n-aithnítear an tábhacht atá le clár comhtháite sna scoileanna sin. Moltar freisin an fhilíocht agus cláir uile-scoile don teanga ó bhéal a fhorbairt. Moltar úsáid na drámaíochta chomh maith le húsáid na fírlítríochta (DE, 2007).

Mar a mhínigh Harris et al. (2006), bhí cúinsí casta ag baint leis na difríochtaí idir gnóthachtáil níos ísle a bhíonn uaireanta ag páistí i scoileanna Gaeltachta i gcomparáid le páistí i scoileanna lán-Ghaeilge ó thaobh na Gaeilge de. Sa tréimhse ina ndearnadh an taighde chonacthas go raibh titim shuntasach ar chaighdeán na Gaeilge labhartha i measc chainteoirí óga na Gaeltachta (Harris et al., 2006), go raibh an Béarla in uachtar mar ghnáth-theanga chumarsáide i dtromlach na mbunscoileanna Gaeltachta, fiú sna ceantair sin inar baineadh an úsáid is leithne as an nGaeilge (Mac Donnacha et al., 2004), agus go raibh tionchar an Bhéarla le sonrú ar Ghaeilge na bpáistí Gaeltachta (Lenoach 2014; Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan, 2014).

In 2007 foilsíodh *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin agus Mac Donnacha, 2007). D'aithin sé go raibh ag éirí leis na scoileanna Gaeltachta "forbairt shuntasach a dhéanamh ar chumas Gaeilge dhaltaí na Gaeltachta nach labhraíonn i gcomhthéacs baile í", ach go raibh úsáid an Bhéarla ag méadú "mar gheall ar an sóisialú trí Bhéarla atá ag tarlú sa chóras oideachais trí chéile." (lch 520)

In 2010 foilsíodh *Taighde ar Dhea-chleachtais Bhunscoile i dtaca le Saibhriú / Sealbhú agus Sóisialú Teanga do Dhaltaí arb í an Ghaeilge a gCéad Teanga* le hAoife Ní Shéaghdha. Thug Ní Shéaghdha 6 mholadh:

- (1) Teagmháil, comhoibriú, agus cumarsáid éifeachtach le tuismitheoirí / pobal na scoile faoi pholasaí Gaeilge na scoile agus faoina ról i gcaomhnú na Gaeltachta
- (2) Obair ghrúpa a dhéanamh go rialta le leanaí arb í an Ghaeilge a gcéad teanga
- (3) Aird de shíor ar chruinneas / shaibhreas Ghaeilge na ndaltaí
- (4) Imeachtaí a chuireann béim ar an gcaint - drámaíocht agus scéalaíocht, puipéadóireacht, agus "Sárchainteoirí" ón bpobal
- (5) Polasaí soiléir don délitearthacht
- (6) Feachtas chun labhairt na Gaeilge a spreagadh i measc na ndaltaí

(lgh 42-51)

Léirítear i staidéar *Growing Up in Ireland* (GUI) go mbíonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge ag léamh mar chaitheamh aimsire sa bhaile níos minice i gcomparáid le páistí i scoileanna Gaeltachta (McCoy, Quail agus Smyth, 2012a). I gcás cainteoirí dúchais, tá gá le hábhair léitheoireachta atá bunaithe ar litríocht áitiúil na gceantar Gaeltachta (Ní Shéaghdha, 2010), ach b'fhéidir go bhfuil ganntanas nó easpa feasachta ann ar ábhair léitheoireachta i gcanúintí éagsúla. Bíonn roinnt foilsitheoirí Gaeilge ag foilsiú ábhar i gcanúint faoi leith agus tá rogha ábhar i gcanúintí éagsúla ar fáil mar chuid den chlár Séideán Sí. Tá seans go bhfuil gá le hábhar i lárchanúint freisin mar a mhol Ó Baoill in *Lárchanúint don Ghaeilge* (1986).

Díríonn roinnt staidéar go sonrach ar ghnóthachtaí páistí i scoileanna Gaeltachta i gCatagóir A, mar aon le dearchtaí tuismitheoirí agus teaghlach, príomhoidí agus múinteoirí, mar shampla, Ní Chuaig (2016), Ní Fhlaithearta agus Ó Brolcháin (2023), Ní Shéaghdha (2010) agus Nic Cionnaith (2008). Léiríonn tuismitheoirí agus teaghlaigh páistí i scoileanna Gaeltachta i gCatagóir A buairt go bhfuil meath ag teacht ar chaighdeán Gaeilge a bpáistí agus nach bhfuil dóthain airde tugtha ar shaibhriú a scoileanna teanga (Nic Cionnaith, 2008). Tagann sé seo le taighde Hickey (2001) ar na naíonraí agus an claonadh atá ann tosaíocht a thabhairt do riachtanais na bhfoghlaiméoirí thar chainteoirí dúchais. Léiríonn na stiúrthóirí i dtaighde Hickey nach nós leo díriú isteach mórán ar scéalta a léamh atá dúshlánach a dhóthain do na leanaí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile, nó scéalaíocht i bhfoirm eachtraíochta a dhéanamh don ghrúpa ar fad, toisc nach síleann siad go n-oireann an cur chuige seo do na nuachainteoirí.

Tugadh faoi staidéar eile ar ghnóthachtaí páistí i scoileanna Gaeltachta (Catagóir A) agus foilsíodh na torthaí in 2015 (DES, 2015). Bhí 9 mbunscoil páirteach sa staidéar. Léirítear go bhfuil gá le sainfhoclóir i réimsí uile an churaclaim a mhúineadh. Tá an moladh seo ag teacht le staidéar Ní Ríogáin (2022) a léiríonn go bhfuil gá le sainfhoclóir a mhúineadh maidir le hEolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM), nó STEM mar is fearr aithne air sa Bhéarla, agus go gcumasaíonn sé sin, mar aon le deiseanna don phiarphlé, páistí chun réimsí ETIM a phlé. Chuige sin, tá gá le nathanna cainte a mhúnlú agus a mhúineadh ar féidir leis na páistí a úsáid lena bpiaraí. Tuairiscítear go bhfuil straitéisí spéisiúla i bhfeidhm ag múinteoirí ilghráid chun sainspiorad an tumoideachais a chosaint agus ag múinteoirí áirithe chun freastal ar chainteoirí dúchais agus ardchumais (Ó Brolcháin, 2015). Tá seans go bhfuil leanúnachas níos mó ann i measc scoileanna Gaeltachta ó cuireadh tús leis an b*Polasaí don Oideachas Gaeltachta* (DES, 2016).

In ainneoin an ratha a bhíonn ar an gcóras tumoideachais ó thaobh fhorbairt na Gaeilge de, tá dúshlán romhainn go fóill páistí a spreagadh an Ghaeilge a úsáid lasmuigh den scoil. Nó faoi mar a mhaíonn Darmody agus Daly (2015) agus Ó Duibhir et al. (2015), deiseanna úsáide a chur ar fáil do labhairt agus úsáid na Gaeilge i gcomhthéacsanna sóisialta, agus deiseanna breise oideachais trí mheán na Gaeilge nuair a fhágann siad an bhunscoil nó an mheánscoil (Ní Dhonnchadha, 2021). Tá níos mó taighde ag teastáil ar na sainriachtanais i scoileanna Gaeltachta i gCatagóir B agus C agus ar ghnóthachtaí agus taithí páistí i réimsí uile an churaclaim.

Traschur Scileanna Teanga agus Litearthachta

I gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019), breathnaítear ar scileanna teanga agus litearthachta a fhorbairt ar bhonn comhtháite. Molann Cummins (2021) Hipitéis na Buninniúlachta Coitinne, nó The Common Underlying Proficiency Hypothesis mar is fearr aithne air sa Bhéarla, ag cur in iúl go dtarlaíonn traschur áirithe scileanna teanga ó theanga amháin go teanga eile. Tá an creatlach seo mar bhunús leis an gcuraclam comhtháite teanga atá in úsáid i bPoblacht na hÉireann ó 2019 ar aghaidh. (Cuireadh tús leis an CTB sna ranganna naíonán ó 2015 ar aghaidh).

Léiríonn taighde náisiúnta ar ghnéithe den fhorbairt litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla go dtarlaíonn roinnt traschur scileanna ach go bhfuil gnéithe a bhaineann go beacht leis an teanga féin. Mar a thaispeánann Nic Aindriú (2019), imríonn roinnt tosca tionchar ar an traschur scileanna teanga, mar shampla, cé chomh cosúil nó cé chomh difriúil is atá ortagrafaíocht na teanga, agus maítear go bhfuil an traschur níos láidre idir teangacha a bhaineann úsáid as an aibítir chéanna. Cé go bhfuil difríochtaí idir comhréir an Bhéarla agus comhréir na Gaeilge, ní amhlaidh go mbíonn botúin ag páistí le hord na bhfocal (briathar, ainmní, cuspóir sa Ghaeilge agus ainmní, briathar, cuspóir sa Bhéarla) ná le hord na n-ainmfhocal agus na bhforainmneacha (Antonijevic, Durham agus Ní Chonghaile, 2017). Tá treoir agus cleachtaí úsáideacha maidir le hortagrafaíocht na Gaeilge ar fáil sa leabhar *Tuiscint ar Litriú na Gaeilge* (Stenson agus Hickey, 2019).

Déanann Ó Duibhir agus Cummins (2012) cur síos ar chineálacha éagsúla traschur scileanna lena n-áirítear eolas coincheapúil, fréamh focal, agus straitéisí meiteachognaíocha. Tá cur síos ar na scileanna teanga a d'fhéadfadh aistriú ó theanga amháin go teanga eile ar fáil in Dunne agus Ní Aogáin freisin (2025). Faoi scáth Hipitéis na Buninniúlachta Coitinne, nuair a thosaíonn páiste ag léamh i dteanga bhreise, ní gá tosú ón tús arís (August agus Shanahan, 2017; Baker agus Wright, 2017; Ó Duibhir agus Cummins, 2012). Is féidir cur le héifeacht an teagaisc má mhúintear traschur scileanna go follasach (Cummins, 2021). I staidéar ar scála beag atá déanta ag Ó Cathalláin (2011), iniúchtar cleachtais litearthachta i ranganna na naíonán i scoileanna lán-Ghaeilge. Baintear úsáid as an gcur chuige céanna scéalaíochta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus cabhraíonn sé seo le páistí traschur scileanna teanga a dhéanamh.

Baineann taighde Ní Shiúrtáin (2013) le staidéar ar scála beag i rang na naíonán sinsearach i scoil lán-Ghaeilge freisin. Mar chuid den idirghabháil seo chun machnamh níos doimhne a dhéanamh ar ábhar an scéil, múintear go follasach an teanga faoi leith a bhaineann le bheith ag déanamh tuair; mar shampla, chun a chur in iúl go gceapann tú go dtarlóidh rud éigin: “Ceapaim go mbeidh”, “B’fhéidir go mbeidh” agus tugtar comharthaí do na páistí le tacú leo tuar, ceangal a dhéanamh nó ceist a chur. Is féidir tarraingt ar an gcur chuige seo, go háirithe sna ranganna sinsearach, chun tacú le hordscileanna léitheoireachta a fhorbairt. D’fhéadfaí úsáid a bhaint as na póstaer léamhthuisceana atá ar fáil ag suíomh Oide. Is féidir na straitéisí léamhthuisceana a mhúineadh trí Ghaeilge agus trí Bhéarla. Ina dhiaidh sin, tá póstaer ann le siombailí do na straitéisí éagsúla agus is féidir tarraingt air sin i gceacht Gaeilge nó Béarla. É sin ráite, aithnítear nach dtraschuirtear na scileanna teanga ar fad (Barnes, 2021; Barrett, William agus Prendeville, 2020) agus gur féidir leis an bpróiseas seo a bheith níos casta ná mar a ceapadh ar dtús (Hickey agus Stenson, 2011).

Sa tuarascáil *Irish in the Primary School* (2007) cuirtear le chéile torthaí maidir le gnóthachtáil sa Ghaeilge ó scoileanna meán-Bhéarla, scoileanna lán-Ghaeilge agus scoileanna Gaeltachta, agus feictear nár múineadh scileanna foirmiúla léitheoireachta sa Ghaeilge i 50% de sheomraí ranga agus go mbíonn páistí ag brath ar scileanna atá acu sa Bhéarla. Léiríonn taighde ar scála beag Ní Chiaruáin (2009) go mbíonn cleachtais éagsúla ar siúl ag múinteoirí maidir le múineadh na fónaice sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chomh maith. Léiríonn taighde eile an gá le múineadh follasach na fónaice sa sprioctheanga (Hickey, 2007), mar atá molta sa taighde idirnáisiúnta. Mar a thaispeánann staidéar ar scála beag atá ar luathscileanna litearthachta sa Ghaeilge agus sa Bhéarla i measc páistí sa chóras lán-Ghaeilge, bíonn scóir níos airde ag páistí sa Ghaeilge i roinnt fothastálacha agus bíonn scóir níos airde acu sa Bhéarla i roinnt fothastálacha eile (Murphy agus Travers, 2012). B'fhéidir gur fianaise í seo nach dtarlaíonn an dul chun cinn sa léitheoireacht sa dá theanga ag an ráta céanna i gcónaí ach maíonn roinnt taighdeoirí gur chóir measúnú a dhéanamh sa dá theanga le measúnú a dhéanamh ar eolas coincheapúil (Barnes, 2021; Murphy agus Travers, 2012).

I staidéar cuimsitheach Barnes (2021), léirítear go mbaineann earráidí litrithe leis an teanga féin agus an leis an gcóras ortagrafaíochta agus fóineolaíochta. Tá an Ghaeilge níos rialta ná an Béarla ó thaobh na rialacha litir-go-fuaim (nó graiféim-fóinéim) de. Is gá do mhúinteoirí sa chóras tumoideachais a bheith inniúil ar fhóinéimí na Gaeilge (McKendry, 2007) agus is gá iad a mhúineadh go follasach (Barnes, 2021). Is fiú a chur san áireamh go bhfuil difríocht i líon na bhfóinéimí sna canúintí traidisiúnta ó chanúint go canúint, agus go bhfuil roinnt fóinéimí nach bhfuil chomh coitianta sin sa chaint a thuilleadh (de Brún, 2007). Tá caighdeánú déanta ar an nGaeilge thar na blianta ar mhaithe leis an mbaint idir an litir agus an fhuaim a threisiú, ach tá roinnt mírialtachta ann fós (Ó Laoire, 2005). Sna 1960idí bhí múineadh na bhfóinéimí agus taithí sa tsaotharlann foghraíochta ag croílár an chúrsa san oideachas tosaigh múinteoirí (Mac Mathúna, 2022). Bhí an bhéim seo ag teacht leis an taighde a bhí idir lámha ag Tomás Ó Domhnalláin agus Colmán Ó Huallacháin chun cúrsa Gaeilge sna bunscoileanna a bhunú ar chaint na ndaoine sa Ghaeltacht (Hyland, 2024).

I gCuraclam 1999 tháinig laghdú ar an mbéim a bhí ar an bhfeasacht fhóineolaíoch agus fhóinéimeach, agus rinneadh imeallú ar ról na léitheoireachta tríd an mbéim a bhí ar scileanna teanga a scaradh agus díriú ar an teanga ó bhéal (Hickey agus Stenson, 2016a/b). I gCuraclam Teanga na Bunscoile (2019) tá béim á cur arís ar an bhfeasacht fhóineolaíoch agus an fheasacht fhóinéimeach. Chun na gnéithe seo den teanga a mhúineadh, is féidir le múinteoirí tarraingt ar na háiseanna éifeachtacha atá curtha ar fáil ag an Áisaonad ó 1998 ar aghaidh, ar na hacmhainní *Mar a Déarfá* atá curtha in oiriúint don bhunscoil, agus ar áiseanna litearthachta eile atá ar shuíomh COGG.

Ag Tacú le Cruinnúsáid na Gaeilge

Aithnítear i measc na gcleachtas a bhíonn ag foghlaimeoirí éifeachtacha na Gaeilge go bhfáiltíonn siad roimh aischothú maidir le cruinnúsáid na Gaeilge agus go bhfuil siad compordach leis an bhfoghlaím féinriartha agus le straitéisí meiteachognaíocha a úsáid (Ní Chlochasaigh, 2016). I dtaighde atá déanta ar shealbhú teanga i measc páistí óga i dTuaisceart Éireann (Henry agus Tangney, 1999; Henry, Andrews agus Ó Cainín, 2002; Ní Shúilleabháin, 1986; Owens, 1991), éiríonn le páistí gnéithe den Ghaeilge a shealbhú go cumasach mar shampla ord na bhfocal, cé go bhfuil sé difriúil i gcomparáid leis an mBéarla. Tá gnéithe eile den teanga a chothaíonn dúshláin do pháistí sa chóras tumoideachais, áfach (Ní Aogáin, Ní Mhurchú agus Ó Ceallaigh, 2021), rud a phléifear thíos.

Tuiscint do Mhoirfeolaíocht agus do Ghnéithe Sainiúla na Gaeilge

Ceist thábhachtach a chaithfear a chur san áireamh agus ortagrafaíocht na Gaeilge á plé, ná cúrsaí moirfeolaíochta. Tá moirfeolaíocht shuibhir ag baint leis an nGaeilge. Is é sin gur féidir infhillleadh nó athrú a dhéanamh ag deireadh an fhocail, mar a tharlaíonn sa Bhéarla. Murab ionann agus an Béarla, áfach. is féidir athrú (mar shampla séimhiú nó urú) a chur ag tús an fhocail freisin (Barnes, 2017; Lynn, Foster agus Dras, 2013; Stenson agus Hickey, 2019). Ceann de na deacrachtaí a bhíonn ag páistí agus iad ag léamh ábhar Gaeilge ná an t-urú nó an séimhiú a fhágáil ar lár ó thús an fhocail (de Brún, 2022). Tá gá le tacaíochtaí faoi leith chun dul i dtaithe ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge (Lynn, Foster agus Dras, 2013). Sealbhaíonn páistí moirféimí iolra sa Ghaeilge (mar shampla, bád – báid) ag aois beagán níos deireanaí i gcomparáid le cainteoirí Béarla, agus baineann sé seo leis an éagsúlacht níos leithne atá ann de mhoirféimí san uimhir iolra sa Ghaeilge (Hickey, 1992).

Gné shuimiúil eile den Ghaeilge ná go bhfuil comhchiallaigh ann d'ainmfhocail. Baineann an éagsúlacht i leaganacha téarmaí don ainmfhocal céanna le canúintí na Gaeilge. Tá an ghné seo den Ghaeilge le feiceáil chomh fada siar leis an nGaeilge Chlasaiceach (Doyle, 2015), agus rinneadh ceiliúradh ar an éagsúlacht sa teanga in Athbheochan na Gaeilge (Ó Conchubhair, 2009). Mar sin, tá seans ann go mbeidh coincheap ag páiste d'ainmfhocal faoi leith, mar shampla, “madra” ach go dtiocfaidh siad ar leaganacha éagsúla de sa téacsleabhar agus i scéalta, mar shampla, “madadh” nó “gadhar”. Tá gá le tacú le páistí tuiscintí a fhorbairt ar na gnéithe speisialta den chóras fóineolaíochta agus moirfeolaíochta atá de dhlúth agus d'inneach na Gaeilge. Tá cur síos ar roinnt díobh, chomh maith le gníomhaíochtaí sa seomra ranga, ar fáil sa lámhleabhar *Léitheoirí Líofa* (Dunne, 2025).

Cé go léiríonn páistí cumas níos airde sa Ghaeilge sa chóras tumoideachais i gcomparáid le páistí sa chóras meán-Bhéarla, tá titim shuntasach i dtuiscint mhoirfeolaíochta na Gaeilge, is é sin, na hathruithe a thagann ar fhocail Ghaeilge i dtuisil éagsúla (Harris et al., 2006). Tá seans nach mbíonn teagmháil rialta ag páistí le leaganacha éagsúla den fhocal, san uimhir uatha agus iolra (bord agus boird), nó sa tuisleal ainmneach, tabharthach agus ginideach (mar shampla, an bord, ar an mbord / bhord agus barr an bhoird) (Muckley, 2015). I dtaighde Antonijevic, Durham agus Ní Chonghaile (2017) atá pléite níos mine sa chaibidil *Measúnú sa Chóras Tumoideachais*, léirítear gur féidir le páistí an bunfhocal nó an bunbhriathar a aithint go minic, ach go mbíonn deacrachtaí ag páistí moirfeolaíocht na Gaeilge a thabhairt faoi deara, agus a fhuaimniú i gceart. Mar shampla, deir siad “tá cáca á bÁCáil aige” in ionad “tá cáca á bhÁCáil aige”. Toisc go mbíonn athruithe tosaigh agus deiridh ann i bhfocail Ghaeilge, caithfidh teagmháil a bheith ag an bpáiste leis na leaganacha éagsúla den fhocal go rialta le tacú leis an gcluaschuimhne agus leis an amharc-chuimhne (de Brún, 2022).

Tá roinnt cosúlachtaí idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais ó thaobh moirfeolaíochta de, teanga ina bhfuil córas infhillte nó "mutations" ann. Má tá taithí ag cainteoirí óga ar úsáid mhírialta nó mhíchruinn de roinnt gnéithe den chóras inscne, mar shampla, tógann sé níos faide orthu tairseach a shroicheadh ina bhfuil dóthain teagmhála acu le ceartúsáid na teanga (Gathercole agus Thomas, 2009). Is leor teagmháil shimplí leis an mórtheanga chun forbairt teanga a spreagadh, ach maidir le mionteanga is gá teagmháil a bheith ag an bpáiste leis an teanga sin (Rhys agus Thomas, 2013). Braitheann na páistí seo ar a dtuismitheoirí agus ar na daoine fásta thart orthu chun úsáid chruinn bheacht teanga a mhúnlú dóibh. Tá difríochtaí ag teacht isteach in úsáid chomhaimseartha na Gaeilge i measc cainteoirí dúchais fiú maidir le réimsí éagsúla den teanga: bíonn fréamh an bhriathair Bhéarla in úsáid, easpa infhillte (séimhiú nó urú) agus comhréir níos simplí le cloisteáil i labhairt na Gaeilge sa lá atá inniu ann (Ó Curnáin, 2009; Lenoach, 2012).

Taispeánann Ó Curnáin (2012) agus Nic Fhlannchadha (2016) go bhfuil éagsúlacht sa chineál teanga a labhraíonn glúnta difriúla de chainteoirí Gaeilge:

- cainteoirí a rugadh roimh 1960 a labhraíonn Gaeilge thraidisiúnta
- cainteoirí a rugadh roimh 1990 a labhraíonn leagan neamhthraidisiúnta
- cainteoirí a rugadh i ndiaidh 1990 nach gcloíonn le moirfeolaíocht na Gaeilge go rialta.

Tá réasúnaíocht ann mar sin, béim a chur ar scileanna léitheoireachta Gaeilge a fhorbairt le gur féidir le páistí teacht ar leaganacha scríofa de chruinnúsáid na Gaeilge san ábhar a léann siad. Tá sé seo níos tábhachtaí nuair nach bhfuil teacht ag páistí ar chainteoirí a úsáideann na leaganacha traidisiúnta go leanúnach.

Aiseolas Ceartaitheach agus Cruinnúsáid na Gaeilge

Mar a tharlaíonn i gcomhthéacsanna tumoideachais fud fad na cruinne, bíonn "idirtheanga" nó leaganacha neamhthraidisiúnta le cloisteáil i measc na bpáistí, go háirithe foghlaimeoirí sa chóras tumoideachais in Éirinn. Is éard is brí le hidirtheanga ná teanga a bhfuil líofacht chumarsáide ach easpa cruinnis inti, agus atá go mór faoi thionchar struchtúr na máthairtheanga (Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir, 2017). In amanna, sa chóras tumoideachais, cáinteann an cineál teanga a bhíonn in úsáid ag páistí (Nic Pháidín, 2003) toisc go bhfuil tionchar an Bhéarla ar chomhréir na Gaeilge, ach níor chóir breathnú air i dtéarmaí easnaimh amháin (Mac Mathúna, 2008). Tá cruthaitheacht ag baint le roinnt de na téarmaí agus na nathanna cainte nua a úsáideann páistí (Mc Closkey, 2001). Chomh maith leis sin, is cosúil go mbaineann leaganacha cainte le comhthéacsanna faoi leith. Tá sé tugtha faoi deara ag Ó Catháin (2001) go mbíonn leaganacha cainte in úsáid ag páistí tumoideachais lena bpiaraí, nach bhfuil ag teacht leis an gcaint thraidisiúnta.

Taispeánann Ó Duibhir (2009) go mbaineann páistí i scoileanna lán-Ghaeilge úsáid as focail Bhéarla níos minice ná na páistí i scoileanna Gaeltachta. I measc na bhfocal Béarla a chaitear isteach sa chaint tá nathanna den chineál seo ann, "so", "okay", "just", "like" agus "right". Léiríonn Maguire (1992) i measc páistí 8-18 i nGaeltacht uirbeach i mBéal Feirste go raibh na páistí ag tabhairt aiseolas ceartaitheach dá chéile. Molann Mac Corraidh (2022) agus Ní Mhaoláin (2013) do mhúinteoirí taifead a choinneáil den idirtheanga is coitianta a chloiseann siad, ceachtanna a bhunú orthu agus iarracht a dhéanamh dul i ngleic leo sa phlean scoile.

D'fhéadfadh sealbhú neamhiomlán a bheith mar chúis leis an idirtheanga, is é sin, nach bhfuil dóthain teagmhála faighte ag páistí le gnéithe den sprioctheanga chun sealbhú a dhéanamh ar chomhréir (Thomas et al., 2022), nó go raibh teagmháil acu le struchtúir mhíchruinne agus daoine ag glacadh le botúin sa chaint (Ó Ceallaigh, 2013). Tá sé níos deacra rud a dhífhoghlaim ná mar atá sé rud a fhoghlaim as an nua, go háirithe sa chás go bhfuil teagmháil ag páistí le struchtúr míchruinn sa chéad áit (Dunne, 2020).

Cuireann staidéar Ní Dhiorbháin (2010) agus staidéar atá déanta ag Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir (2017) fianaise ar fáil go gcabhraíonn cur chuige follasach-ionduchtach le cruinneas gramadaí, le straitéisí foghlama agus le feachtas teanga páistí i ranganna sinsearacha. Molann Ó Duibhir et al. (2016) cur chuige frithchothromaithe a úsáid chun béim a chur ar an bhfoirm agus ar an mbrí. Sa staidéar atá déanta ag Ní Aogáin agus Ó Duibhir (2021) ar ocht Rang a 5 i scoileanna lán-Ghaeilge, baineann na múinteoirí agus na páistí úsáid as aiseolas ceartaitheach d'fhonn cruinnúsáid na teanga a chothú. Léiríonn an staidéar go mbíonn leideanna níos éifeachtaí ná athmhúnlú cainte (is éard atá i gceist le hathmhúnlú cainte ná déanann an múinteoir aithris ar fhriotal an fhoghlaimeora, ach ceartaíonn sí / sé an botún), agus de réir na sintéise atá déanta ag Harris agus Ó Duibhir (2011) bíonn athmhúnlú cainte níos éifeachtaí ná neamhaird a dhéanamh de bhotúin.

Rinne Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir (2017), Ó Duibhir et al. (2016) agus Ó Duibhir et al. (2017) staidéir ar pháistí i ranganna sinsearacha agus léiríonn na staidéir sin go gcabhraíonn cur chuige follasach-ionduchtach le páistí meititheanga agus cruinneas teanga a fhorbairt, is é sin, nuair a thugann an múinteoir deis dóibh teacht ar phatrúin agus rialacha gramadaí a chomhchumadh. B'fhiú úsáid níos leithne a bhaint as an bhféinmheasúnú agus as an bpiarmheasúnú múnlaiteach i múineadh na Gaeilge mar gheall ar an bhfiúntas a bhaineann le machnamh na bpáistí ar a gcaint féin (Ó Duibhir, 2009), chomh maith leis an taitneamh a bhaineann páistí as an bpiarphlé chun míreanna gramadaí a chomhchumadh agus a phlé (Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir, 2017). Tá sé soiléir sna torthaí i staidéar a rinne Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Cosgrove (2016) go n-éiríonn le cur chuige ionduchtach páistí a chumasú an ginideach a aithint agus a úsáid go cruinn, beag beann ar an gcumas a léiríonn siad ag tús an staidéir. Feictear go mbíonn feabhas ar chruinneas an pháiste ón réamhthástáil go dtí an iarthástáil ach nach bhfanann an buntáiste sin nuair a dhéantar tástáil orthu tamall fada ina dhiaidh.

Is beag staidéar atá déanta chun tacú le páistí níos óige dul i dtaithí ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge seachas Ní Fhlannagáin (2021). Baintear úsáid as trí chéim i staidéar beag Ní Fhlannagáin (2021) le Rang 1:

- Ar dtús, iarrtar ar na páistí abairtí ina bhfuil an spriocstruchtúr a léamh chun an fhoghraíocht a mheas.
- Ansin, bíonn comhrá ag an taighdeoir leo faoi phictiúir chun an fhoghraíocht a mheas arís.
- Ag an deireadh, bíonn cúig shraith de dhá abairt ar fáil, an leagan cruinn agus míchruinn, agus tá orthu tic a chur sa bhosca in aice leis an gceann ceart.

Léiríonn torthaí an taighde go gcabhraíonn idirghabháil spriocdhírthe mar seo le páistí dul i dtaithí ar an ngné seo den teanga.

I staidéar Murtagh (2011) ar chreimeadh teanga, míníonn sí go bhfuil gá le teagmháil rialta leis an teanga agus le pobal teanga chun cumas sa Ghaeilge a choinneáil, chomh maith le straitéisí chun teacht ar an teanga atá sealbhaithe ag an duine. D'fhéadfaí mar sin a mholadh go gcoinneodh páistí na cóipleabhair ina gcruthaíonn siad na rialacha gramadaí ó Rang a 3 go Rang a 6, agus go bhféadfadh na páistí agus an múinteoir filleadh ar na rialacha agus cur leo ó bhliain go bliain. D'fhéadfaí freagacht a bheith ar pháistí i Rang a 6 cabhrú le Rang a 3 agus iad ag tosú amach. Tá cur chuige an-éifeachtach do mhúineadh na gramadaí molta sa leabhar *Bain Súp As!* le hAisling Ní Dhiorbháin. Taispeántar i dtaighde atá déanta ag Ní Dhiorbháin, Ní Aogáin agus Ó Duibhir (2024) go mbíonn buntáistí ag an gcur chuige seo don mhúinteoir freisin chun dul i dtaithí ar mhíreanna gramadaí agus chun an t-eolas ábhair a threisiú.

Léiríonn taighde gur fiú daingniú a dhéanamh ar eolas páistí ar ghnéithe d'ortagrafaíocht na Gaeilge trí aiseolas ceartaitheach a thabhairt go rialta agus deiseanna a thabhairt chun machnamh a dhéanamh ar mhíreanna gramadaí. Is gá an chuid den fhocal / den mhír ghramadaí atá i gceart ar dtús a aithint agus scafláil a thabhairt don pháiste maidir leis an ngné nach bhfuil i gceart, mar shampla, an séimhiú (**fh**ear) an t-urú (**bh**fear) nó an t-infhilleadh (**fi**r) atá ar lár.

Molann Ní Shuibhne agus Ní Aogáin (2022) agus Ní Fhlannagáin (2021) an spriocstruchtúr a chur i láthair trí chló níos troime a úsáid, nó i ndath éagsúil, chun tacú le páistí patrúin na foirme a thabhairt faoi deara. Ina dhiaidh sin, pléann múinteoirí struchtúir agus patrúin na teanga le páistí agus meallann siad iad chun na rialacha gramadaí a chumadh le chéile. I staidéar atá déanta Ní Shuibhne agus Ní Aogáin (2022) is fearr le páistí dánta thar scéalta mar bhunús d'ábhar an cheachta, agus is dócha go bhfuil baint aige sin leis an rím, athrá, geáitsí, agus gontacht a bhaineann le dánta. Tá samplaí eile de ghníomhaíochtaí chun dul i dtaithí ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge ar bhealach spráúil ar fáil sa lámhleabhar *Léitheoirí Líofa* (Dunne, 2025).

Litearthachtaí Éagsúla

Tá cineálacha éagsúla litearthachta luaite i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019), ina measc, an litearthacht dhigiteach agus an litearthacht chriticiúil. Cuirtear an-bhéim ar an litearthacht dhigiteach sa *Phlean Digiteach don Ghaeilge (Digital Plan for the Irish Language Speech and Language Technologies 2023-2027)* (2024) agus *Future Ready Digital Learning* (ETI Northern Ireland, 2024). Tá liosta de shuíomhanna agus d'aipeanna Gaeilge molta ag Harney (2018) freisin. In ainneoin go bhfuil feabhas tagtha ar an ábhar atá ar fáil don Ghaeilge (de Brún, Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Ó Floinn, 2023; Harney, 2018; Ní Chuaig, 2016), is léir go bhfuil i bhfad níos mó d'ábhar litearthachta i mBéarla fós ar an idirlíon. Maíonn Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir agus Shiel (2021) go bhfuil easpa scéimeanna litearthachta agus acmhainní digiteacha ar fáil trí Ghaeilge, go háirithe le tacú le scoileanna DEIS.

Léiríonn Harney (2018) agus Ní Chiaráin (2024) gur féidir le forbairtí sna teicneolaíochtaí cruthaitheacha - mar atá ar fáil mar chuid de Abair⁹ agus an Scéalaí¹⁰ - tacú le haiseolas ceartaitheach gasta a thabhairt don fhoghlaimeoir aonair. Tacaíonn éisteacht le teanga nádúrtha labhartha agus í a thuiscint le forbairt na cluastuisceana (Harris agus Ó Duibhir, 2011). Mura bhfuil pobal cainte in aice láimhe, is féidir le múinteoirí úsáid a bhaint as scéalta digiteacha chun tacú le scileanna cluastuisceana páistí. Léiríonn an taighde freisin go bhfuil acmhainní saibhre teanga ann cheana féin i bhfoirm ábhar cartlainne ar nós chartlann Raidió na Gaeltachta agus chartlanna na n-irisleabhar áitiúil. Tá cur chuige nuálach ag Mac Uidhilin, Ní Thuairisg agus Ní Mhullaoidh (2015) chun úsáid a bhaint as seanáiseanna. Baineann a dtaighde le dhá bhunscoil atá lonnaithe i gCatagóir A de Ghaeltacht Chonamara. Baineann na páistí úsáid as acmhainní fuaime ó chartlann an raidió, a bhaineann leis an gceantar áitiúil, agus cuireann siad i láthair a muintire iad. D'fhéadfaí tarraingt ar an múnla thuas trí ábhar ar an suíomh Dúchas a úsáid freisin. Baineann staidéar a rinne Ó Céidigh (2013) le Rang a 3 i scoil lán-Ghaeilge agus an próiseas scríbhneoireachta. Tugtar freagracht do na paistí scéalaíocht dhigiteach a dhearadh do na naíonáin. Tugann an sprioc seo cúis dóibh teacht le chéile agus a scileanna teicneolaíochta agus Gaeilge a úsáid. Cabhraíonn sprioc teanga mar seo sna ranganna sinsearach le páistí a spreagadh chun a gcuid Gaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna eile, ar bhealach cruinn cruthaitheach (Dunne agus Ní Aogáin, 2025).

Tá sé riachtanach go mbeidh acmhainní digiteacha Gaeilge ar fáil do chainteoirí óga comhaimseartha (Ní Chasaide et al., 2019). Tá gá le breathnú ar áiseanna eile, mar shampla, na háiseanna saibhre a úsáideadh sna luath-thréimhsí i múineadh na Gaeilge (Dunne, 2024) agus iad a dhigitiú. Is féidir leis na teicneolaíochtaí cruthaitheacha teacht i dtír ar roinnt de na laigí traidisiúnta a bhaineann le múineadh na Gaeilge (Ní Chasaide et al., 2019; Ní Chiaráin, 2024). Tá athrú anois sa dearcadh atá ag lucht a n-úsáide ar acmhainní digiteacha Gaeilge. Bíonn ról acu i dtosaíochtaí taighde a mholadh agus aischothú a thabhairt ar an dearadh, agus i dtástáil na n-achmhainní céanna (Ní Chasaide et al., 2019). Tá an-tábhacht le haiseolas ó pháistí agus múinteoirí maidir le húsáid na dteicneolaíochtaí cruthaitheacha seo do dhearadh acmhainní amach anseo.

Clabhsúr

Sa chóras tumoideachais éiríonn go maith i gcoitinne le páistí ardchaighdeán a bhaint amach in dhá theanga fhoirmiúla na scoile: an Ghaeilge agus an Béarla. Bíonn scil agus toil ag teastáil chun cumas litearthachta sa Ghaeilge a fhorbairt agus caithfear tacaíochtaí cuí a chur ar fáil sa chóras oideachais do theanga mhionlaithe amhail an Ghaeilge chun scileanna litearthachta a fhorbairt. Tá gá le spás faoi leith a chruthú don Ghaeilge ina múintear gnéithe sainiúla na teanga, go háirithe gnéithe de mhoirfeolaíocht na Gaeilge, chomh maith le teagasc follasach a dhíríonn ar thraschur scileanna teanga ó Bhéarla go Gaeilge, agus ó Ghaeilge go Béarla. Is féidir tacú le hinniúlacht Ghaeilge na bpáistí trí aiseolas ceartaitheach a thabhairt dóibh go córasach agus go rialta, agus tarraingt ar na teicneolaíochtaí cruthaitheacha atá ar fáil. Ba chóir páistí a spreagadh i gcónaí a gcuid Gaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna cruthaitheacha éagsúla agus litearthachtaí éagsúla a fhorbairt.

9 Ar fáil ar www.abair.ie ABAIR

10 Ar fáil ar www.anscealai.abair.ie An Scéalaí (abair.ie)

An Tumoid eachas agus an Domhan Iteangach

An Tumoideachas agus an Domhan Ilteangach

Ní mór do chláir thumoideachais bogadh ar aghaidh ó dhearcadh dátheangach ar an tumoideachas a d'fhreastail don chuid is mó ar phobal aonchineálach agus aonteangach agus a raibh an dátheangachas suimitheach mar sprioc aige, chuig dearcadh ilteangach ar an tumoideachas a threisiónn éagsúlacht teanga agus chultúrtha na bhfoghlaimoirí uile tumoideachais.

(Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023, lch 9)

Foramharc ar an gCaibidil

Pléifear an éagsúlacht teangacha atá ann i sochaí na hÉireann agus na forbairtí atá déanta chun tacú le teangacha mionlaithe dúchasacha.

- Breathnófar ar an éagsúlacht teangacha agus ar phróifílí teanga na bpáistí sa chóras tumoideachais.
- Pléifear ceisteanna a thagann chun cinn maidir le cur chuige an trasteangaithe i measc dátheangach / ilteangach sa chóras tumoideachais.
- Féachfar ar an gcóras tumoideachais agus ar chur chuige ilteangach idirchultúrtha a chur chun cinn ann.
- Pléifear an éagsúlacht i bpobal na Gaeilge.

An Éagsúlacht Teangacha agus Teangacha Mionlaithe Dúchasacha

Tá an dátheangachas agus an t-ilteangachas an-chomónta fud fad an domhain (Coimisiún na hEorpa, 2005 in Ó Brolcháin, 2015). Úsáidtear os cionn 200 teanga in Éirinn sa lá atá inniu, ina measc, na trí theanga mhionlaithe dhúchasacha: an Ghaeilge, Teanga Chomharthaíochta na hÉireann agus Caintis. Úsáidtear Teanga Chomharthaíochta na Breataine agus Ulster Scots freisin i dTuaisceart Éireann. Den chuid is mó, is é an Béarla an teanga atá in uachtar i gcuid mhaith de scoileanna na tíre mar theanga theagaisc, ach cuireann scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge leis an éagsúlacht teangacha atá ar fáil in Éirinn trí spás a chruthú do pháistí teagmháil rialta a bheith acu leis an nGaeilge. Tá treisiú ar an ról speisialta atá ag scoileanna Gaeltachta san *Acht Oideachais* (1998) an Ghaeilge a choinneáil mar phríomhtheanga sa cheantar Gaeltachta. Tá ról ag scoileanna tumoideachais, mar sin, tacú le páistí inniúlacht Ghaeilge a fhorbairt chomh maith le bheith mar bhaill den tsochaí ilteangach.

San athbhreithniú atá déanta ag Ó Duibhir agus Cummins (2012) ar *Churaclam na Bunscoile* (1999), maíonn siad nach raibh sé in oiriúint do chomhthéacs ilteangach na hÉireann agus an réimse leathan riachtanas atá ag foghlaimoirí éagsúla. Aithnítear sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) gur chóir feasacht a chothú ar na deiseanna foghlama a bhíonn ag foghlaimoirí dátheangacha agus ilteangacha (DE, 2016). Is í is aidhm le *Curaclam Teanga na Bunscoile* (CTB) (2019) ná cur chuige comhtháite a chur chun cinn chun treisiú a dhéanamh ar scileanna in dhá theanga fhoirmiúla na scoile: an Ghaeilge agus an Béarla. Tá béim ar Nuatheangacha lasachta i g*Curaclam Teanga na Bunscoile* (CTB) (CNCM, 2024) agus tugann sin deis an Ghaeilge a mhúineadh agus a fhoghlaim trí chur chuige ilteangach, rud a d'fhéadfadh tacú le traschur scileanna teanga (O'Toole, 2023).



Tá forbairtí móra tagtha ar an bhfód le tamall de bhlianta anuas le tacú le mionteangacha (teangacha a labhraíonn mionlach an phobail), teangacha mionlaithe (is é sin, teanga a cuireadh faoi chois i réimsí foirmiúla an tsaoil, mar shampla, sa chóras oideachais agus i gcúrsaí polaitíochta), agus mionchultúir dhúchasacha na hÉireann (mar shampla, an Lucht Siúil). In 1995, cuireadh tús le Teastas Iarchéime lán-Ghaeilge san Oideachas i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. An bhliain dár gcionn, thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn BEd ar an gcéim trí mheán na Gaeilge (Mac Corraidh, 2004). In 2016, foilsíodh *Polasaí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) ina n-aithnítear scoileanna Gaeltachta mar shuíomh ar leith oideachais le sainriachtanais teanga agus eile. Sa bhliain 2017, aithníodh an Lucht Siúil mar chultúr eitneach faoi leith, a bhfuil teanga, cultúr, noirm, dearcthaí agus luachanna sainiúla acu¹¹. Sa bhliain chéanna, aithníodh in *Acht Teanga Chomharthaíochta na hÉireann* (2017)¹² an ceart atá ag daoine Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a úsáid mar theanga dhúchais, agus an fhreagracht atá ar fhorais phoiblí ateangaireacht saor in aisce a chur ar fáil d'úsáideoirí Theanga Chomharthaíochta na hÉireann nuair atá siad ag iarraidh rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí srl. In 2023, bhí bronnadh na céime ag an gcéad chohórt de mhic léinn an Bhaitsiléara san Oideachas i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Campas Phádraig), agus ag an gcéad chohórt de mhic léinn an Bhaitsiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Institiúid Oideachais Marino). Tá deis ann dá bharr, tógáil ar na forbairtí seo agus cur chuige níos comhordaithe a spreagadh do chur chun cinn na Gaeilge agus teangacha eile na hÉireann (Ó Laoire, 2005).

Éagsúlacht Teangacha agus Cultúr sa Chóras Tumoideachais

Nuair a tosaíodh ar scoileanna tumoideachais a bhunú arís (ó 1970idí ar aghaidh), bhí dearcadh ann go raibh na scoileanna ag freastal ar pháistí aonchineálacha ó theaghlaigh mheánaicmeacha (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020). Mar atá pléite sa chaibidil *Gnóthachtáil sa Chóras Tumoideachais*, áfach, freastalaíonn an córas ar pháistí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste agus ar pháistí a bhfuil sainriachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu. Is i bhfad níos ísle ná an meánráta náisiúnta atá líon na bpáistí a thuairiscíonn teanga eile seachas an Béarla nó an Ghaeilge a bheith acu mar mháthairtheanga (An Roinn Oideachais, 2022; Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011) agus léirítear sa chomhairliúchán poiblí ar an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht go bhfuil spéis ag an bpobal tacú le cainteoirí ilteangacha freastal ar scoileanna tumoideachais (de Brún, Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Ó Floinn, 2023).

Sa chóras tumoideachais níl mórán taighde déanta ar riachtanais páistí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu (Mac Intyre Coyle agus Nic Aindriú, 2023), ach sa taighde atá ar fáil, léiríonn tuismitheoirí buntáiste an chórais oideachais i dtéarmaí bhuntáistí an ilteangachais (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023). Is gá tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar a laghad páistí ó réimsí de chúlraí éagsúla teangacha atá sa chóras tumoideachais. Bíonn ró-éileamh ar scoileanna lán-Ghaeilge in amanna (Mhic Mhathúna and Nic Fhionnlaoich 2021a/b; Strickland and Hickey 2016) agus is féidir leis sin bac a chur ar theaghlaigh ilteangacha áit a fháil i roinnt scoileanna (Darmody agus Daly, 2015; Darmody, Smyth agus McCoy, 2012). Ar an lámh eile, tá roinnt teaghlaigh ilteangacha nach bhfuair áit dá bpáiste i scoil meán-Bhéarla agus is é sin an chúis gur roghnaigh siad scoil lán-Ghaeilge (Ní Dhiorbháin, Nic Aindriú, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023).

11 Féach an Tuarascáil ar Aitheantas d'Eitneacht an Lucht Siúil [2017-01-26_report-on-the-recognition-of-traveller-ethnicity-january-2017_en.pdf](https://www.oireachtas.ie/en/pdf/2017-01-26_report-on-the-recognition-of-traveller-ethnicity-january-2017_en.pdf) (oireachtas.ie)

12 Féach Irish Sign Language Act (2017) [Irish Sign Language Act 2017](https://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/12/enacted/en/html) (irishstatutebook.ie)

Tá áiseanna curtha ar fáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta le tacú le páistí ón Úcráin i scoileanna Gaeltachta agus tá eolas agus cáipéisíocht a bhaineann leis an tumoideachas curtha ar fáil i dteangacha éagsúla ag Gaeloideachas agus ag an bhForas Pátrúnachta. Tá seans fós ann freisin i gcás teaghlaigh atá díreach tagtha go hÉirinn nach bhfuil fáil acu ar eolas a bhaineann leis an gcóras tumoideachais agus aithnítear é seo mar réimse tosaíochta chun *The Migrant Integration Strategy* a chur i bhfeidhm (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023). Tá gá le taighde a dhéanamh ar thaithí teifeach agus imirceach a bhíonn ag freastal ar scoileanna tumoideachais agus cur i bhfeidhm an chláir Céad Míle Fáilte¹³ a dhíríonn ar imircigh.

Ba chóir an éagsúlacht san éiteas scoile i scoileanna tumoideachais a lua, áfach. Léiríonn *Léargas ar Sholáthar don Oideachas Lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht* (2022) go bhfuil éiteas Caitliceach ag formhór na scoileanna tumoideachais, rud atá ag teacht leis an treocht i mbunscoileanna ar fud na tíre; ach tá céatadán i bhfad níos suntasaí de scoileanna lán-Ghaeilge (23% i gcomparáid le 5% de na scoileanna go léir) idirchreidmheach nó ilchreidmheach. Is scoileanna lán-Ghaeilge iad na scoileanna idirchreidmheacha ar fad in Éirinn, agus tá an Foras Pátrúnachta mar phátrún acu ar fad seachas ar cheann amháin (RO, 2022). Taispeánann sé sin go gcabhraíonn scoileanna tumoideachais leis an leathnú i soláthar roghanna oideachais (Ó Luain, 2024).

An Ilteangachas agus Cur Chuige an Trasteangaithe

Léiríonn Lanvers (2023) go bhfuil deighilt thraidisiúnta ann sa phlé ar chur chun cinn na Gaeilge agus múineadh mórtheangacha. Tá an nós seo ag teacht salach ar an mbéim ar mhúineadh comhtháite teangacha i *gCuraclam Teanga na Bunscoile* (2019). Is féidir cur chuige ilteangach a chur i bhfeidhm sa seomra ranga chun oideachas saoránachta domhanda a chothú (Furlong, 2016; Ní Dhiorbháin, 2021). Luann Lanvers (2023) go bhfuil gá le tacaíochtaí praiticiúla oideachais, áfach, chun tarraingt ar fhoghlaím na Gaeilge i bhfoghlaím teangacha eile.

Cur chuige oideolaíoch ba ea an trasteangú nuair a cumadh an téarma ar dtús. An rud a bhí i gceist ná eolas i dteanga amháin a úsáid chun rud a dhéanamh i dteanga eile, mar shampla, breathnú ar agallamh le staraí i mBéarla agus an t-ábhar a úsáid chun plé a dhéanamh i nGaeilge ar bhealaí chun fianaise stairiúil a bhailiú.

Bíonn an trasteangú in úsáid go neamhfhoirmiúil sa chóras tumoideachais, mar shampla,

- tugann páistí faoi thaighde ar líne chun tionscadal a dhéanamh ar thír agus úsáideann siad an t-eolas atá ar fáil i mBéarla chun an tionscadal a chur le chéile trí Ghaeilge.
- téann páistí ar thuras scoile trí Ghaeilge agus labhraíonn siad i mBéarla nó i dteanga eile lena dtuismitheoirí sa bhaile faoi bhuaicphointí an lae.

Ní aistriúchán iomlán atá i gceist. Tá plé níos cuimsithí ar na difríochtaí idir an trasteangú agus an t-aistriúchán ar fáil sa lámhleabhar *Trasteangú sa Seomra Ranga: Treoir Mhearthagartha d'Oideoirí*¹⁴ (Thomas et al., 2022).

13 Tá eolas faoin scéim ar fáil anseo: [gov - Minister Thomas Byrne launches Conradh na Gaeilge's 'Céad Míle Fáilte' initiative in Dublin \(www.gov.ie\)](https://www.gov.ie/en/news/2023-03/minister-thomas-byrne-launches-conradh-na-gaeilge-s-c-ead-mile-failte-initiative-in-dublin/)

14 Ar fáil anseo [Trasteangú sa seomra ranga \(literacyireland.com\)](https://literacyireland.com/)

Cosúil le bás na Breatnaise, le fada an lá in Éirinn, moladh an Ghaeilge agus an Béarla a choinneáil scartha óna chéile. Tugann Cummins (2007) an “two solitudes assumption” ar an nós seo. Moladh seo mar gur mhian le hoideachasóirí go mbeadh an sprioctheanga timpeall ar na páistí a oiread agus is féidir, mar gurbh í sin an phríomháit ina mbeadh teagmháil rialta ag páistí leis an teanga (Thomas et al. 2022). Níl na deiseanna céanna in Éirinn leis an nGaeilge a labhairt lasmuigh den scoil, go háirithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht, mar atá i gceist leis an mBreatnaise agus roinnt mionteangacha agus teangacha mionlaithe eile.

Sa taighde idirnáisiúnta ar an trasteangú, féachtar minic go leor ar chleachtais teanga cainteoirí (seachas oideachasóirí), mar shampla, García agus Lin (2017). Tá roinnt den taighde sin ábhartha do chás chainteoirí dúchais na Gaeilge. Léirítear go mbíonn débhéascna ann i roinnt Gaeltachtaí agus pobail Ghaeilge, is é sin, go n-úsáidtear an Ghaeilge i gcomhthéacsanna faoi leith agus an Béarla i gcomhthéacsanna eile (Breathnach, 2021). Is léir ón staidéar atá déanta ar mhúinteoirí i scoileanna Gaeltachta go mbaineann siad úsáid as cleachtais oideolaíocha trasteangaithe éagsúla ar bhealaí atá idir fhiúntach agus ad hoc (Ó Ceallaigh agus Ó Brolcháin, 2020).

Sa phlé ar oiriúnacht chur chuige an trasteangaithe i gcomhthéacs na Gaeilge in Thomas et al. (2022) cuireann sé san áireamh stádas mionlaithe na teanga, agus an teagmháil a bhíonn ag an nGaeilge leis an mBéarla. Molann Ní Shéaghdha (2010) nár chóir trasteangú a dhéanamh idir mórtheanga agus mionteanga go dtí go bhfuil ar a laghad an tairseach teanga sroichte sa teanga dhúchais. Bhí an réasúnaíocht chéanna ann sa bhunmhúnla den trasteangú a cuireadh chun cinn sa Bhreatain Bheag, is é sin, gur cur chuige oideolaíoch d’fhoghlaimoirí níos oilte a bhí ann.

Is le scoileanna meán-Bhéarla a bhaineann roinnt staidéar ar an trasteangú. I staidéar Moriarty (2017) baineann sí úsáid as rapanna ina bhfuil meascán den Ghaeilge agus den Bhéarla. Tagann an cur chuige seo leis na forbairtí atá ann san ealaín bhéil le tamall anuas ina n-úsáidtear an Ghaeilge agus an Béarla in aon phíosa amháin, amhail REIC atá déanta ag Ciara Ní É. Mar a aithníonn Hickey (2013) agus Moriarty (2010), is gá a aithint go bhfuil buntáistí ag an trasteangú chun an sprioctheanga a chur in úsáid i réimsí nua, mar shampla, sna healaíona, go háirithe i measc nuachainteoirí, ach caithfear a chur san áireamh go bhfuil stádas difriúil ag an nGaeilge i gcomparáid le mórtheangacha an domhain. Ní mór an mhíchothromaíocht seo a chur san áireamh sa chur chuige oideolaíoch le nach dtiocfaidh aon oideolaíocht mholta salach ar shealbhú agus ar shaibhriú teanga i measc cainteoirí dúchais.

Léirítear buairt go gciallóidh cur chuige níos scaoilte, cosúil leis an trasteangú, go ndéanfaí cinntí i dtreo an Bhéarla sa Ghaeltacht, rud a dhéanfaidh dochar don Ghaeilge (Ní Pháidín, 2003; Ó Brolcháin, 2017; Ó Curnáin, 2009). Tá baol níos mó ann go dtarlódh sé seo nuair atá mórtheanga dhomhanda, amhail an Béarla i gceist. Chomh maith leis sin, síleann roinnt taighdeoirí eile gur chóir tacú leis an bhfoghlaimoir próiseáil dhomhain a dhéanamh sa mhionteanga / sa teanga mhionlaithe seachas leas a bhaint as an mórtheanga (Tedick agus Lyster, 2020). Is beag staidéar atá déanta go dtí seo ar an nGaeilge a chomhtháthú le teangacha eile seachas an Béarla, áfach (Dunne, 2020).

An Córas Tumoideachais agus an Cumas Ilteangach Idirchultúrtha

Baineann an inbhuanaitheacht leis an timpeallacht fhisiceach agus leis an timpeallacht shóisialta (Cronin, 2019; Magan, 2020). Ní haon chomhtharlúint é go bhfuil samplaí den bhitheagsúlacht is leithne ar domhan in áiteanna ina bhfuil an éagsúlacht is leithne teangacha ann chomh maith, mar shampla, Papua New Guinea. Tugann páistí leo a gcuid buanna teanga, taithí theanga agus spéis i gcúrsaí teanga chuig an seomra ranga agus tá cur chun cinn an chumais ilteangaigh ag teacht go mór le cur chuige an tsaoil inbhuanaithe.

Beidh deis ag páistí mar chuid de *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2024), sa ghné a bhaineann le cur leis an bhfeasacht ar theangacha agus ar chultúir, feasacht teanga agus idirchultúrtha a fhorbairt go foirmiúil i Rang a 3 agus Rang a 4. Mar a thaispeánann staidéar Ní Dhiorbháin, Concannon-Gibney agus Ní Dhubhghail (2024) i scoileanna meán-Bhéarla, is féidir an-tairbhe a bhaint as staidéar ilteangach a dhéanamh ar mhúineadh na gramadaí chun feasacht teanga a fhorbairt.

Beidh deis ag páistí Nuatheanga lasachta a fhoghlaim i Rang a 5 agus Rang a 6 (CNCM, 2024). Idir 1998-2012, ghlac roinnt scoileanna páirt sa Tionscadal Nuatheangacha lasachta sa Bhunscoil nó *Modern Foreign Languages in Primary Schools Initiative* (MLPSI) mar is fearr aithne air, nuair a bhí deis ag páistí Nuatheanga a fhoghlaim. Ghlac roinnt bunscoileanna ó 2021 ar aghaidh páirt sa chlár *Say Yes to Languages* ina múintear teanga faoi leith (mar shampla, Fraincis nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann) ar feadh 8 seachtaine. Chomh maith leis sin, ghlac cúpla scoil páirt i gclár póilótach maidir le Nuatheangacha sa bhunscoil.

San athbhreithniú atá déanta ar an MLPSI idir 1998-2012, léirítear dearcthaí éagsúla maidir le tionchar na Nuatheanga ar an nGaeilge. Léiríonn roinnt páistí dearcadh diúltach i leith na Gaeilge i gcomparáid leis an dearcadh i leith na Nuatheanga (Harris agus O'Leary, 2012). Baineann na torthaí i staidéar Harris agus O'Leary leis an ngrúpa iomlán de pháistí a ghlac páirt sa chlár, ina measc páistí i scoileanna meán-Bhéarla. Tagann dearcadh diúltach chun cinn i dtaighde ar mhúineadh na Gaeilge i scoileanna meán-Bhéarla go minic, ach ní amhlaidh i gcás na scoileanna tumoideachais (Kiely et al., 2022). Is féidir le foghlaim na Nuatheanga lasachta tionchar dearfach a imirt ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus foghlaim teangacha i gcoitinne. Léirigh formhór na múinteoirí i scoileanna tumoideachais a ghlac páirt in MLPSI go raibh buntáistí ag baint le foghlaim Nuatheanga (Harris agus O'Leary, 2012). Mheas siad gur thug sé deis don traschur scileanna teanga agus oscailteacht d'fhoghlaim teangacha eile. Spreagtar feasacht teanga nuair a dhírítear aird ar na difríochtaí agus ar na cosúlachtaí idir teangacha (Harris agus O'Leary, 2012; Ní Dhiorbháin, 2021).

I staidéar Dillon (2009) freisin, thaispeáin sé go raibh buntáiste faoi leith ag páistí sa chóras tumoideachais a ghlac páirt san MLPSI maidir leis an bhfeasacht mheititheangeolaíoch a fhorbairt, mar atá pléite sa chaibidil *Gnóthachtáil agus Taithí Páistí sa Chóras Tumoideachais*. Tá staidéar ar na cosúlachtaí agus difríochtaí idir teangacha mar sprioc ag an gclár *Say Yes to Languages* agus is cuid lárnach den fheasacht teangacha é, mar atá luaite in *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019). Léiríonn Dillon (2009) chomh maith go gceapann páistí sa chóras tumoideachais go bhfuil buntáiste acu an tríú teanga – Gearmáinis sa chás seo – a fhoghlaim mar gheall ar an taithí atá acu ar an nGaeilge a fhoghlaim. Léiríonn príomhoidí an tuairim chéanna go dtugann an dátheangachas scoilbhunaithe buntáiste don pháiste i bhfoghlaim an tríú teanga (Prats Porcar, 2013). Léiríonn páistí sa chóras tumoideachais an-spéis i bhfoghlaim faoi theangacha agus cultúir eile mar chuid den churaclam (Kiely et al., 2022; Kiely et al., 2024), agus tá spéis acu ceangail a dhéanamh idir sealbhú agus foghlaim na Gaeilge, agus foghlaim teangacha eile (Kiely et al., 2024).



I staidéar ar scála beag atá déanta ag Lennon Malbasha, Dautelband agus Taylor (2022) i scoileanna lán-Ghaeilge, déanann siad iniúchadh ar thuiscint páistí ar shiombailí na hÉireann agus na hEorpa. Cuirtear an cheist orthu *Cad iad na nithe a cheanglaíonn tú le hÉirinn agus a bheith i d'Éireannach?* Tá roinnt difríochtaí le feiceáil sna tuairimí a léiríonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge i dtaca le hÉirinn, i gcomparáid le tuairimí ó pháistí i scoileanna meán-Bhéarla. Léiríonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge feasacht ar imeachtaí staire agus ar an mbéaloideas, chomh maith le feasacht ar shiombailí na hEorpa.

Is gá feasacht teanga a chothú i múinteoirí tumoideachais chomh maith (Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy, 2019). Tarlaíonn aistriú teanga uaireanta nuair a bhíonn dhá theanga nó níos mó ag meascadh le chéile (Murtagh, 2011). Tá gá le tuiscintí múinteoirí agus páistí a fhorbairt maidir leis an teagmháil a bhí, agus atá, ag an nGaeilge le teangacha eile (Breatnach, 1994; Mag Eacháin, 2014). Cabhraíonn iniúchadh ar na ceangail idir teangacha le foghlaimoirí sanasaíocht nó fréamh roinnt focal a iniúchadh, mar shampla, na focail faoi chúrsaí eaglasta a tháinig isteach sa teanga le teacht na Críostaíochta, nó na focail a bhaineann le cúrsaí loingseoireachta a tháinig isteach sa teanga leis na Lochlannaigh. Spreagann an t-iniúchadh seo foghlaimoirí gan breathnú ar an teagmháil i measc teangacha mar údar buartha i gcónaí ach mar áis do shaibhirí na teanga (Dunne, 2025).

Taispeánann Prats Porcar (2013) go bhfuil gá le haiseanna éifeachtacha chun tacú le scileanna ilteangacha a fhorbairt, chomh maith le deiseanna chun machnamh a dhéanamh ar dhul chun cinn sa Ghaeilge agus sa chumas ilteangach. Tá an leabhar *Taiscéalaithe Teanga* an-úsáideach mar thúsphointe chun feasacht teangacha a chothú. Tá gníomhaíochtaí ilteangacha ar fáil freisin i *Sceitimíní* (Dunne, 2024) chun cosúlachtaí agus difríochtaí idir an Ghaeilge agus an Bhreatnais, agus Gaeilge na hAlban a iniúchadh.

Tugann Cummins (2021) "Scoileanna Teangacha Cabhracha" ar scoileanna a dhéanann iarracht aitheantas a thabhairt do theangacha éagsúla agus luach a chur orthu. Tá bealaí éagsúla chun fáilte a chur roimh theangacha agus roimh chultúir éagsúla. D'fhéadfaí litríocht ilteangach agus scríbhneoireacht ilteangach a dhéanamh sa seomra ranga, cuir i gcás. Molann Kirwan and Little (2019) go bhféadfadh múinteoirí bunscoile teangacha baile a chomhtháthú sna trí bhealach seo a leanas:

- i. má tá an teanga bhaile ar eolas ag múinteoirí, d'fhéadfaidís cumarsáid a dhéanamh leis na páistí trí mheán na teanga baile
- ii. má tá na teangacha baile céanna ag páistí sa rang d'fhéadfaidís an teanga a úsáid mar uirlis acadúil agus iad ag obair le chéile ar thionscadail éagsúla ag réiteach fadhbanna sa mhatamaitic, mar shampla
- iii. d'fhéadfadh páistí eolas óna dteanga bhaile a roinnt le páistí eile sa rang mar chleachtas a chuirfeadh le spreagadh na feachtas teanga.

Is gá a chinntiú, áfach, nach bhfuil an fhreagracht i gcónaí ar pháistí a bheith mar ambasadóirí aonair dá gcultúir.

Le déanaí, i roinnt staidéar, baintear úsáid as an gCorpfhoghlaim Teanga, is é sin go bhforbraíonn an foghlaimoir tuiscint ar na teangacha ar fad a bhaineann leo agus na háiteanna sa chorp ina bhfuil siad (Kiely et al., 2024; Piazzoli, 2018). Cabhraíonn cur chuige na corpfhoghlama teanga le páistí an coincheap a shealbhú nach rudaí seachtracha iad na teangacha, ach gur féidir le blúiríní beaga de theangacha a bheith againn ar fad, agus gur féidir iad a úsáid i gcomhthéacsanna éagsúla. I staidéar ar scála beag atá déanta ag Kiely et al. (2024) le páistí i scoileanna lán-Ghaeilge, tugtar deis dóibh smaoineamh ar na teangacha ar fad atá acu agus an áit sa chorp ina bhfuil siad. Déanann an taighdeoir pictiúr d'implé choirp ar an gclár

bán agus téann trí roinnt samplaí. Má sheinneann duine an pianó tagann na páistí ar na téarmaí Iodáilise “Crescendo” srl. agus tugann siad faoi deara go bhfuil píosa Iodáilise acu ina méara. Ansin scríobhann an taighdeoir an focal “Iodáilis” in aice leis na méara san imlíne. Tugtar cúpla sampla eile don rang agus ansin tá deis acu imlíne a dhéanamh amach agus a stór teangacha nó siombail díobh a scríobh isteach.

Is suimiúil an rud é sna torthaí in Kiely et al. (2024) go léiríonn formhór na bpáistí go bhfuil ceangal mothúchánach acu leis an nGaeilge, is é sin go mothaíonn siad go bhfuil an Ghaeilge ina gcroí. Smaoiníonn siad ar an mBéarla má tá dúshlán cognaíoch rompu, go háirithe an t-úrsceál ranga a léamh as Béarla, agus mar sin, nascann siad an Béarla lena gceann. Luann dornán páistí sa staidéar go nascann siad roinnt Portaingéilise lena gcosa mar úsáideann siad roinnt focal atá cloiste acu ón imreoir sacair Ronaldo.

Mar atá ráite in *Oideachas Idirchultúrtha sa Bhunscoil. Treoirlínte do Bhunscoileanna*, tá ról ag scoileanna páistí a ullmhú don tsochaí ilchineálach ina bhfuil éagsúlacht teangacha agus cultúr (CNCM, 2005). Léiríonn páistí sa chóras tumoideachais an-spéis i bhfoghlaim faoi theangacha agus cultúir eile mar chuid den churaclam (Kiely et al., 2022). Tá tacaíochtaí breise ag teastáil ó mhúinteoirí san earnáil lán-Ghaeilge chun obair fhollasach a dhéanamh ar an bhfeasacht idirchultúrtha agus díchoilíniú an churaclaim toisc nach bhfuil an éagsúlacht chéanna le feiceáil sna scoileanna, agus nach bhfuil an idirghníomhaíocht nádúrtha ar siúl mar a bheadh i scoileanna ina bhfuil éagsúlacht mhór cultúr iontu (Ní Thiarnaigh, 2019). Is féidir tarraingt ar na háiseanna atá ann, go háirithe litríocht na n-óg, chun an fheasacht idirchultúrtha a chothú (Dunne, 2014), chun seasamh criticiúil a chur chun cinn san oideachas saoránachta domhanda (Dunne, 2025). Tá sé mar aidhm ag an ngné Nuatheangacha lasachta de *Churaclam Teanga na Bunscoile* (CNCM, 2024) feasacht idirchultúrtha a chothú, ach tá gá le feasacht níos mó a chothú ar na háiseanna Gaeilge, agus na leabhair Ghaeilge atá ar fáil do mhúinteoirí agus do pháistí chun tacú leis seo a bhaint amach.

Sa staidéar *How effectively are children being prepared for living in, and contributing to, a diverse society?* (2024), tá moltaí cabhracha déanta ag an Education Training Inspectorate i dTuaisceart Éireann maidir le comhthuisctí a chothú agus plé a dhéanamh ar théamaí íogaire sa stair, mar shampla, An Gorta Mór agus *Comhaontú Aoine an Chéasta*.

An Tumoideachas agus an Éagsúlacht i gCainteoirí na Gaeilge

Tá ról ag an gcóras tumoideachais an éagsúlacht i bpobal na Gaeilge a chur ar shúile na bpáistí agus fáilte a chur roimh pháistí a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla acu, ina measc cainteoirí dúchais agus nua-chainteoirí.

Go dtí seascaidí na haoise seo caite, ba dhual do chanúineolaithe ar fud an domhain faisnéis a thaifeadadh ó chainteoirí traidisiúnta agus níor tugadh mórán suntais don chaint neamhthraidisiúnta a tháinig chun cinn i mionteangacha / teangacha mionlaithe i gcúinsí dátheangacha / ilteangacha (Lenoach, 2012). Féachtar go minic ar an gcainteoir dúchais mar chainteoir údarásach agus cuireann an nós seo le deighilt uaireanta idir léirithe ar an “cainteoir dúchais” agus an “cainteoir neamhdhúchais” (O’Rourke agus Ramallo, 2011). Is gá a chur san áireamh go bhfuil éagsúlacht i measc phobal na Gaeilge freisin, cé go bhfuil íomhá thraidisiúnta ann den chainteoir Gaeilge. Tá an-mheas i measc múinteoirí ar an leagan traidisiúnta Gaeilge, ach dar leo go bhfuil Gaeilge chaighdeánach in úsáid níos minice i measc nuachainteoirí (Ó Murchadha agus Flynn, 2018).

I bplé ar an tumoideachas agus ar chur chun cinn na Gaeilge, tá béim ar aistriú teanga ó ghlúin go glúin (Fishman, 1991), rud a d'fhéadfadh imeallú a dhéanamh ar bhaill den phobal LADTA+ mar gheall ar an mbéim ar an teaghlach traidisiúnta (Walsh, 2019). Bhraith agus braitheann an tumoideachas ar gníomhairí aonair teanga a chuireann an Ghaeilge chun cinn laistigh den teaghlach agus lasmuigh de. Thacaigh múinteoirí mná singile go mór le cur chun cinn na Gaeilge trí scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú (de Fréine, 2018), agus chuir siad áiseanna ar archaighdeán ar fáil do mhúineadh na Gaeilge (Dunne, 2024). Chun an tumoideachas a leathnú amach, tá gá le tuiscint a chothú ar an éagsúlacht atá sa phobal Gaeilge agus imeacht ó steiréitíopaí a cheanglaítear le cainteoirí faoi leith (CILAR, 1975; Ní Dhonnabháin, 2014).


Tá iarracht déanta ag roinnt taighdeoirí gan díriú ar an dá lipéad – cainteoir dúchais nó cainteoir neamhdhúchais - agus tá iarracht déanta acu catagóirí eile de chainteoirí a chur san áireamh, mar shampla, cainteoir athdhúchais, srl. (féach mar shampla, na catagóirí in Ó Giollagáin agus Mac Donnacha (2007); Lenoach, (2014); Nic Cionnaith, (2008)). Cé go n-aithnítear contanam dátheangachais sa litríocht i gcoitinne agus in *Curaclam Teanga na Bunscoile*, is minic a dhéanann nuachainteoirí cur síos ar a gcumas Gaeilge i dtéarmaí diúltacha easnaimh (Ó Cathalláin agus Ní Neachtain, 2021). Molann Ó Cathalláin agus Ní Neachtain gur gá teacht ar bhealaí chun féiniúlachtaí dearfacha a chruthú do chainteoirí éagsúla. Tugann taighde Walsh (2019) deis do chainteoirí rogha a dhéanamh ar an téarma is fearr a chuireann síos orthu féin. Tugann Walsh agus O'Rourke (2015) "nuachainteoir" ar dhuine a shealbhaigh an teanga lasmuigh den bhaile, mar shampla sa chóras tumoideachais, agus a úsáideann an sprioctheanga agus a bhaineann úsáid rialta as an teanga. Tá forbairtí teangeolaíocha déanta sa ghort le déanaí, mar shampla, An Foclóir Aiteach, chun tacú le cainteoirí Gaeilge sa chóras tumoideachais, agus lasmuigh de, machnamh a dhéanamh ar a gcuid féiniúlachtaí trí Ghaeilge.

Ceanglaítear coincheap na Gaeltachta le háit fhisiceach anois (Ó Torna, 2005) ach bhí ciall níos leithne ag an téarma roimh bhunú an tSaorstáit (O'Donoghue agus O'Doherty, 2019). Tá líonraí agus grúpaí taobh amuigh den Ghaeltacht freisin a bhfuil an Ghaeilge in úsáid acu ina saol laethúil. An scoláireacht ar "mudes teangeolaíocha", is é sin na pointí cinniúnacha sin i saol an chainteora nuair a ghabhann an sprioctheanga ról níos gníomhaí ina saol, agus nuair a thagann athrú suntasach ar a gcleachtas teanga, tugann sé deis dúinn breathnú ar an aistear teanga a bhíonn ag an duine (Walsh agus O'Rourke, 2015). Déanann Armstrong (2012) cur síos ar an bhféiniúlacht mar chainteoir Gaeilge atá ag teacht chun cinn i measc gníomhairí agus díograiseoirí teanga, féiniúlacht nach mbaineann leis an teanga a labhraítear sa bhaile nó sa phobal agus iad ag fás aníos. In ainneoin nach ann do dhlús criticiúil cainteoirí lasmuigh den Ghaeltacht, tuairiscíonn roinnt nuachainteoirí go n-éiríonn leo fós féin teagmháil rialta a bheith acu leis an teanga. Cuireann Walsh agus O'Rourke (2015) cur síos ar an nós seo i dtéarmaí athrú pearsanta féiniúlachta agus cuireann Ní Dhonnchadha (2021) síos air mar shreabhadh inspreagadh dírithe, ag tógáil ar shaothar Dörnyei, Henry agus Muir (2016), is é sin go bhfuil fuinneamh, spéis agus tiomantas faoi leith ag an duine iad féin a thumadh i bhfoghlaim na teanga. Mar a thaispeánann Ní Dhonnchadha (2021), is féidir leis seo a bheith ceangailte le deiseanna breise staidéir trí mheán na Gaeilge tar éis na hArdteiste.

Cabhraíonn an tsolúbthacht sa chaoi a mbreathnaítear ar cad is cainteoir Gaeilge ann le fáilte a chur roimh dhaoine éagsúla agus tugann sé deis do gach páiste sa chóras tumoideachais, agus lasmuigh de, smaoineamh ar an ról a d'fhéadfadh a bheith acu i bpobail agus líonraí na Gaeilge.

Clabhsúr

Tugann an tumoideachas deis do pháistí an Ghaeilge a shealbhú agus a shaibhriú, chomh maith le tuiscint a fhorbairt ar an saol ilteangach. Fiú i gcásanna nuair nach bhfuil go leor páistí ó chúlraí ilteangacha sa seomra ranga, tá ról fós ag an gcóras tumoideachais cur chuige ilteangach idirchultúrtha a chur chun cinn a chothaíonn meas ar an éagsúlacht teangacha sa tsochaí agus an éagsúlacht i bpobal na Gaeilge.

The background of the entire page is a repeating pattern of the letters 'ABC' in a simple, outlined font, interspersed with small five-pointed stars and lightbulb icons. The pattern is light orange and covers the entire surface.

6

Measúnú sa Chóras Tumoideachais

Measúnú sa Chóras Tumoideachais

Tá gá le measúnuithe a chur ar fáil atá solúbtha dinimiciúil agus oiriúnaitheach, agus a chuireann san áireamh cumas dátheangach / ilteangach páistí, chun deis a thabhairt dóibh an méid atá ar eolas acu a chur in iúl go héifeachtach.

Foramharc ar an gCaibidil

- Féachfar ar mhodhanna ginearálta don mheasúnú i scoileanna tumoideachais, agus ar na castachtaí a bhaineann le modh atá dírithe ar an mBéarla, agus ina bhfuil easpa solúbthachta sa mheasúnú.
- Pléifear na ceisteanna a thagann aníos nuair atá measúnú scoilbhunaithe á dhearadh do chomhthéacsanna teangeolaíocha éagsúla, agus an gá atá leis an measúnú dátheangach (in dhá theanga fhoirmiúla na scoile: an Ghaeilge agus an Béarla).
- Pléifear réimsí a ndéantar tástáil orthu, na cineálacha éagsúla measúnuithe ar féidir tarraingt orthu.
- Scagfar ceisteanna teangeolaíocha agus sochtheangeolaíocha na Gaeilge is gá a chur san áireamh i ndearadh measúnuithe.

Cur Chuige Measúnuithe sa Chóras Tumoideachais

Chuir Anne English leabhrán le chéile dar teideal *Measúnú trí Ghaeilge: Treoir Phraiticiúil agus Ábhar Tacaíochta do Mhúinteoirí Bunscoile* (2024) inar bhailigh sí na measúnuithe uile atá ar fáil trí Ghaeilge. Is trí Bhéarla, áfach, a dhéantar measúnuithe síceolaíocha i scoileanna tumoideachais go ginearálta. Aithníonn príomhoidí an bhearna mhór atá ann ó thaobh uirlisí measúnaithe Gaeilge de (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020), agus aithníonn múinteoirí agus taighdeoirí freisin an géarghá atá le huirlisí cuí measúnaithe i nGaeilge (Barnes, 2021; Barnes agus Ó Duibhir, 2023; Mhic Aoidh, 2017; Mulgrew, Duffy agus Kennedy, 2020).

In 2004 mhol Ní Bhaoill agus Ó Duibhir na naisc idir an córas tumoideachais agus an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachasúil (NEPS) a láidriú, ach is díomách an rud é nach bhfuil fós rochtain ach ag céatadán beag de scoileanna tumoideachais (10%) ar sheirbhísí síceolaíochta oideachais trí mheán na Gaeilge (Nic Aindriú et al., 2021). Is cáis míchothrom é nach bhfuil measúnú cuí ar fáil i réimse uile an churaclaim do cheann amháin de theangacha an chórais tumoideachais (Barnes, 2017).

Díríonn staidéar Mac Intyre Coyle agus Nic Aindriú (2023) ar chúrsaí measúnaithe i scoileanna Gaeltachta. Sna scoileanna sin más mian le tuismitheoirí diagnóis fhoirmiúil a fháil go bhfuil deacracht léitheoireachta ag a bpáistí, mar shampla, an disléicse, caithfidh na páistí tabhairt faoi mheasúnú oideachais trí mheán an Bhéarla mar nach bhfuil na measúnuithe cuí ar fáil sa Ghaeilge (Barrett, William agus Prendeville, 2020; Mac Donnacha et al., 2004; O'Toole agus Hickey, 2013), mar a tharlaíonn i gcás mionteangacha eile (August agus Shanahan, 2017). Mura bhfuil na hacmhainní seo ar fáil ach sa Bhéarla cuirfidh siad bac ar luath-aithint disléicse i bpáistí i scoileanna tumoideachais (Nic Aindriú, 2019; Nic Aindriú et al., 2020) agus tá baol aon go ndéanfar diagnóisiú mícheart freisin (Barnes, 2017), rud a imreoidh tionchar ar an luath-idirghabháil (Nic Aindriú, 2019).

Nuair a thagann tástáil nua amach i mBéarla, is gá go mbeidh a mhacasamhail ar fáil as Gaeilge don chóras tumoideachais freisin. Mura bhforbraítear an dá leagan ag an am céanna, is gá a chur in oiriúint don Ghaeilge agus ansin í a thástáil sna scoileanna le bheith cinnte go bhfuil sé i gceart ag leibhéal teanga agus tástála. Is minic a chuireann seo moill ar fhoilsiú an leagain Ghaeilge. Mar sin de, mura bhfuil an earnáil tumoideachais ag cruthú a dtrialacha / dtástálacha féin is gá di a bheith ag brath ar an earnáil Bhéarla agus dá bhrí sin, tá sí ag brath ar aistriúcháin agus ar shonraí normatacha a bhaineann leis na tástálacha Béarla. Chomh maith leis sin, ba chóir comhthéacs uathúil na mbunscoileanna Gaeltachta a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le tástálacha a chruthú amach anseo (Nic Aindriú, 2024).

Déanann O'Toole (2020) cur síos ar roinnt de na deacrachtaí a bhaineann le haistriúchán a dhéanamh ar fhoclóir Béarla a úsáidtear i measúnuithe chun tástáil a dhéanamh. Mar shampla, seans go mbeidh an leagan Gaeilge d'fhocal níos faide nó níos gaire, nó nach mbeidh cur amach ag páistí ar an bhfoclóir sin sa Ghaeilge. Tá na taighdeoirí seo a leanas tar éis dul i ngleic leis na castachtaí seo: Barnes (2021), McVeigh, Wylie agus Mulhern (2017) Parsons agus Lyddy (2009; 2016). Chuir siad an foclóir sa leagan Béarla in oiriúint don leagan Gaeilge nuair a dhear siad a measúnuithe Gaeilge agus rinne siad iarracht na focail Ghaeilge a mheaitseáil leis na focail Bhéarla ó thaobh mhéid na siollaí agus fhad na bhfocal de. Nuair a rinne O'Toole, Ní Shíthigh, Molamphy, agus Walsh (2020) measúnú ar ghabhchumas foclóra i measc dátheangach Gaeilge-Béarla tharraing siad ar mhúnla a d'úsáid Gathercole, Thomas agus Hughes (2008) sa Bhreatnais.

Sa chóras oideachais trí chéile agus sa tumoideachas, bíonn tionchar ag teoiricí éagsúla mar shampla, Piaget agus Vygotsky, ar na trialacha / tástálacha a chuirtear ar fáil. Bhí cur chuige Piaget agus an tógachas cognaíoch mar bhunchloch ag go leor measúnuithe thar na blianta, is é sin go léiríonn an measúnú an méid is féidir leis an bpáiste a dhéanamh ag aon am amháin. Le teacht chun cinn theoiricí Vygotsky faoin bhfoghlaim shóisialta, is féidir an bhéim ar an tógachas sóisialta i measúnuithe a fheiceáil. Baineann roinnt staidéar le déanaí úsáid as lionsa soch-chultúrtha, mar shampla, Mhic Aoidh (2016). Tá impleachtaí ag an athrú béime seo ó na rudaí is féidir leis an bpáiste a dhéanamh go neamhspleách ag aon am amháin, go dtí idirghníomhaíochtaí an pháiste le páistí eile agus leis an timpeallacht foghlama (McClure Watters et al., 2016). B'fhéidir go bhfuil gá le húsáid níos leithne a bhaint as an measúnú dinimiciúil (Muckley, 2015) agus freagairt an pháiste don idirghabháil a chuirtear i bhfeidhm, chomh maith le measúnú oiriúnaitheach.

Measúnuithe i Scoileanna i gComhthéacsanna Éagsúla

Ó 2012 ar aghaidh, tá ar scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge trialacha caighdeánaithe a dhéanamh i léitheoireacht na Gaeilge, i léitheoireacht an Bhéarla agus sa mhatamaitic ag deireadh na scoilbhliana (Bealtaine / Meitheamh) le haghaidh gach páiste i Rang a 2, i Rang a 4 agus i Rang a 6 (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011). Úsáidtear an *Triail Ghaeilge Dhroim Conrach do Bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge* den chuid is mó. Ní chuirtear iallach ar scoileanna meán-Bhéarla triail Ghaeilge a chur ar na páistí sna measúnuithe caighdeánaithe ach dhealródh sé ó thaighde atá déanta ar ghnóthachtáil sa Ghaeilge go n-éiríonn níos fearr le páistí i scoileanna tumoideachais ná páistí i scoileanna meán-Bhéarla ó thaobh na Gaeilge de (Harris et al., 2006).

Castacht a bhaineann le torthaí na dtrialacha caighdeánaithe sa Ghaeilge a phlé ná an éagsúlacht cumas teanga atá ann i measc na bpáistí a thugann fúthu. Mar a mheabhraíonn Gathercole, Thomas agus Hughes (2008) dúinn, is gá gnóthachtáil an pháiste a chur i gcomparáid leis an daonra iomlán, agus i gcomparáid le páistí eile dátheangacha / ilteangacha a bhfuil an méid céanna teagmhála acu leis an teanga, ionas nach mbeidh ach an tomhas normatach amháin ann do dhátheangaigh / ilteangaigh. Níl sé oiriúnach dátheangaigh / ilteangaigh a chur i gcomparáid le páistí a labhraíonn teanga amháin go príomha sa bhaile agus ar scoil (O'Toole agus Hickey, 2013)¹⁵.

Tá measúnuithe ar fhoclóir gabhchumais, lena bhfuil eolas ar dhialladh normatach, ar fáil do pháistí an-óg (O'Toole agus Hickey, 2017), agus chabhródh a leithéid ag aoiseanna eile go mór le cúrsaí measúnuithe. Tá gá le heolas a bheith ar fáil ar fhorbairt thipiciúil teanga chun gur féidir measúnú cruinn a dhéanamh ar pháistí (Antonijevic, Durham agus Ní Chonghaile, 2017).

Cé go bhfuil noirm ar fáil do na Trialacha Dhroim Conrach maidir le scoileanna tumoideachais, níl noirm ar fáil don éagsúlacht teanga atá i measc na bpáistí, mar shampla,

- páistí a tógadh le Gaeilge
- páistí a labhraíonn Gaeilge le beirt tuismitheoirí
- páistí a labhraíonn Gaeilge le tuismitheoir amháin
- páistí nach labhraíonn aon Ghaeilge lasmuigh den scoil

(Nic Aindriú, Ó Duibhir agus Travers, 2021)

I dtaighde a rinne Ní Chuaig (2016) i scoileanna i gCatagóir A, nocht príomhoidí áirithe an tuairim go raibh an triail a bhí le déanamh i nGaeilge ró-éasca do roinnt dá gcuid páistí, agus gur chreid siad nach raibh marcanna na dtrialacha ag teacht le cumas teanga na bpáistí. Mar gheall ar a leithéid, maíonn Barnes (2017) agus Muckley (2015) gur réimse tosaíochta í dearadh na dtástálacha normaithe seo sa chóras tumoideachais.

Tá castachtaí ag baint le noirm a chruthú mura bhfuil mais chriticiúil rannpháirtithe ann i.e go leor daoine a ghlacann páirt sa taighde chun teacht ar thorthaí cruinne. Rogha eile ná measúnú oiriúnaitheach a chur ar fáil ina bhfuil cúpla leagan den mheasúnú ar fáil ag leibhéal éagsúla deacrachta. Sa chás seo, athraítear an leagan den mheasúnú atá á dhéanamh ag páistí de réir an scóir a fhaigheann siad sa chéad chuid de. Mar shampla, má fhaigheann siad scór an-ard, leanfaidh siad leis an leagan níos deacra den mheasúnú. Tá féidearthachtaí an chur chuige seo a úsáid i gcás measúnuithe a dhéantar ar líne, ach bheadh sé casta é a chur i bhfeidhm sna measúnuithe scríofa, agus faoi láthair roghnaíonn formhór na scoileanna an leagan scríofa de thriail.

¹⁵ Féachfar sa tuarascáil seo ar an tionchar a bhíonn ag an méid teagmhála atá ag an bpáiste leis an teanga ar a ngnóthachtáil i réimsí áirithe, seachas glacadh leis nach bhfuil aon teanga eile i saol an pháiste agus gur aonteach iad.

Léiríonn taighde ar dhul chun cinn páistí ó thaobh cúrsaí litearthachta de go bhfuil gá leis an measúnú dátheangach (sa Ghaeilge agus sa Bhéarla) chun deis a thabhairt do pháistí an t-eolas coincheapúil atá acu a chur in iúl, i pé teanga is oiriúnaí dóibh (Antonijevic Durham, agus Ní Chonghaile, 2017; Barnes, 2021; IASLT, 2017; Mac Donnacha, et al. 2005; Murphy agus Travers, 2012; Ní Chinnéide 2009).

Sna *Measúnachtaí Náisiúnta ar Mhatamaitic agus ar Léitheoireacht an Bhéarla* i scoileanna tumoideachais, iarradh ar scoileanna an leagan Béarla nó Gaeilge den scrúdú matamaitice a roghnú do Rang a 2. Ba ghá go mbeadh leagan amháin ag an rang ar fad mar gur léadh na treoracha don scrúdú amach i dteanga amháin. I Rang a 6, iarradh ar scoileanna an leagan Béarla nó Gaeilge den scrúdú a roghnú roimh ré do pháistí aonair, ach bhí cead ag múinteoirí an leagan Béarla de théarma nó nath a chur ar fáil da mba ghá.

Roghnaigh os cionn 90% de pháistí i Rang 2, agus 80% de pháistí i Rang a 6, i scoileanna lán-Ghaeilge an scrúdú a dhéanamh i nGaeilge. Roghnaigh thart ar 50% de na páistí i scoileanna Gaeltachta i Rang a 2 agus 60% de na páistí i scoileanna Gaeltachta Rang a 6 an leagan Gaeilge den scrúdú (Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011). B'fhéidir go mbaineann sé seo leis an nós i roinnt scoileanna an mhatamaitic a mhúineadh go dátheangach go minic. Ar aon chuma, bhí an meánscore mórán mar a chéile idir na ranganna agus na páistí a roghnaigh an leagan Béarla nó an leagan Gaeilge den scrúdú. Taispeánann sé seo an gá le rogha a thabhairt i dteanga an mheasúnaithe le gur féidir le páistí an t-eolas atá acu a léiriú go héifeachtach.

Ach cad a tharlaíonn má dhéantar an measúnú go dátheangach? Baineann taighde Murphy agus Travers (2012) le 31 páiste i scoil lán-Ghaeilge a thugann faoin measúnú dátheangach. Éiríonn níos fearr le páistí nuair a thugtar score coincheapúil trasna dhá theanga na scoile, ná mar a tharlaíonn nuair a dhéantar an measúnú i dteanga amháin. Ní leor gnóthachtáil páiste sa teanga neamhcheannasach (i.e. an ceann nach n-úsáideann an páiste chomh minic céanna) a chur i gcomparáid le cainteoirí a labhraíonn teanga amháin go príomha. Mura bhfuil aitheantas tugtha do na noirm a mbeifí ag súil leo i measc cainteoir teanga bhreise, d'fhéadfaí diagnóis a thabhairt do pháiste go bhfuil deacracht teanga aige / aici toisc go bhfuil sé / sí á c(h)ur i gcomparáid le cainteoir dúchais (Muckley, 2015).

Ag leibhéal polasaí maidir le measúnú tá sé mar aidhm ag an *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) go mbeidh naisc idir Grúpa Bainistíochta Inmheánaí SNSO le Príomh-Shíceolaithe Oideachais (PEPanna) i dTuaisceart Éireann, chun teagmháil a dhéanamh le COGG agus PEPanna d'fhonn fiosrú a dhéanamh faoi na bealaí le déileáil le bearnaí sna huirlisí measúnaithe scoilbhunaithe a bhíonn in úsáid ag síceolaithe i scoileanna tumoideachais.

Réimsí a nDéantar Tástáil Orthu agus Bearnaí sa Chur Chuige Measúnaithe

Sa taighde atá déanta ag Barnes agus Ó Duibhir (2023) le grúpa beag múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann, aithníonn múinteoirí an gá le tuilleadh scagthástálacha. Tuigeanann múinteoirí sa staidéar céanna go bhfuil gá le réimse scileanna a chur san áireamh, ina measc feasacht fhóinéimeach agus cluastuiscint, seachas scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta amháin, rud a mhol Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar in 2011. Tá éileamh ar leith ar thástálacha a bhaineann leis na luathbhlianta i scoileanna Gaeltachta (Nic Aindriú, 2024). Chun gur féidir measúnú rialta éifeachtach a dhéanamh is gá go mbeidh an uirlis féin soiléir agus go mbeidh cur amach ag múinteoirí agus ag baill eile den phobal scoile ar conas í a úsáid (Déiseach, 2001; Barnes agus Ó Duibhir, 2023). Is gá freisin go mbeidhna páistí ar a suaimhneas agus iad a ullmhú do shuíomh na tástála.

Is tábhachtach an ní é measúnú a dhéanamh ar réimse níos leithne scileanna teanga agus ar réimsí ina léiríonn páistí sa chóras tumoideachais buanna faoi leith, mar shampla gnéithe de scríbhneoireacht chruthaitheach an pháiste agus an teanga ó bhéal. Sa taighde atá déanta ag Ní Chuaig (2016) i scoileanna Gaeltachta Catagóir A, is léir go dtagann feabhas ar ghlór agus smaointe páistí ina gcuid scríbhneoireachta tar éis idirghabháil agus pobal cleachtais a chur ar bun. I dtaighde atá déanta ag Barnes agus Ó Duibhir (2023) i scoileanna Gaeltachta cuireann múinteoirí béim ar an ngá le measúnú a dhéanamh ar an teanga ó bhéal. Tá seans go bhféadfaí ról níos láidre a bheith ag an gCúntóir Teanga (i scoileanna Gaeltachta) nó an Cúntóir Ranga (i dTuaisceart Éireann) i measúnú an pháiste.

Cé go léiríonn Déiseach (2001), go mbíonn dea-thionchar ag an gcóras tumoideachais ar an teanga ó bhéal, fágadh an ghné seo ar lár ó roinnt tástálacha a rinneadh ar pháistí (mar shampla, Drumcondra Attainment Test for Irish, ERC, 1967). Sa staidéar a rinne Déiseach, bhain 32 múinteoir úsáid as seicliosta chun measúnú a dhéanamh ar dheichniúr páistí ina rang. Braitheann iontaofacht sa staidéar seo ar thuiscintí soiléire na múinteoirí ar na critéir éagsúla sa seicliosta. Léiríonn torthaí an taighde seo go bhfuil contanam ann ó thaobh scileanna teanga ó bhéal de, agus go bhfuil taithí ag teastáil ó mhúinteoirí chun an seicliosta a úsáid go héifeachtach. In ainneoin na mbuntáistí a bhaineann leis an uirlis seo, níor baineadh úsáid fhorleathan aisti.

Mar chuid lárnach de mhúineadh teanga, molann Cummins agus Ó Duibhir (2012) deiseanna don saorchomhrá le duine eile. Tá sé suimiúil mar sin go mbíonn béim sa mheasúnú ar thástáil an duine aonair den chuid is mó. Tá cnuasach beag taighde ar idirghníomhú páistí le páistí eile tríd an sprioctheanga, mar shampla, Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014) agus Ó Duibhir (2009). I dtaighde Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014), baintear úsáid as leabhair leis an téacs clúdaithe. Bíonn ar na páistí an scéal a insint sa Bhéarla agus sa Ghaeilge trí bhreathnú ar na pictiúir amháin. Cuirtear dhá agallamh ar na páistí ina bhfuil dhá chuid; an chéad chuid, an t-agallamh aonair, ina bhfuil páiste amháin ag caint (i nGaeilge agus i mBéarla) agus an dara cuid ina bhfuil beirt pháistí as an scoil chéanna ag caint le chéile (i nGaeilge agus i mBéarla). Taispeántar go mbíonn páistí níos cruinne ag tabhairt faoin tasc i mBéarla den chuid is mó. In Ó Duibhir (2009), bhailigh sé caint 80 páiste ag aois 11-12 i Rang a 6 i naoi scoil lán-Ghaeilge agus in 2 scoil Ghaeltachta agus iad ag plé tasc le chéile. Bhí cineál teanga faoi leith in úsáid ag páistí agus iad ag caint le chéile nach bhfuil ag teacht le leaganacha caighdeánacha.

Mar sin, i dtástáil teanga is féidir dul in dhá threo - tástáil ar earráidí mar atá déanta ag Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014) nó tástáil ar mhinicíocht úsáid chruinn mar atá déanta ag Nic Fhlannchadha (2016) - ag brath ar na rudaí atáthar ag iarraidh a fháil amach faoi fhorbairt teanga na bpáistí. Nó d'fhéadfaí an dá cheann a dhéanamh le teacht ar eolas níos iomláine faoi úsáid teanga na bhfoghlaimeoirí.

Tá gá le háiseanna a fhorbairt a thacóidh le réimse níos leithne den mheasúnú a chur i bhfeidhm, le go mbeidh cothromaíocht idir an measúnú a stiúran an múinteoir chomh maith le measúnú a stiúran an páiste. Tacaíonn an féinmheasúnú agus an piarmheasúnú le páistí machnamh a dhéanamh ar a ngnóthachtáil féin, agus freagracht a ghlacadh as a bhfoghlaime (NCCA, 2007; Ní Longaigh, 2016). Tá *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019) breac le ráitis "Is féidir liom" agus aithnítear gur féidir le páistí éagsúla dul chun cinn a dhéanamh ag rátaí éagsúla (Ní Dhiorbháin, 2019). Maidir le páistí san oideachas luath-óige, moltar go sonrach in *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* (CNCM, 2009) gur féidir le leanaí óga tabhairt faoin bhféinmheasúnú. Ach is léir go bhfuil tacaíochtaí ag teastáil ó oideachasóirí luath-óige chun an féinmheasúnú a chur chun cinn (Mhic Aoidh, 2016).

Tosca a Imríonn Tionchar ar an Tástáil

Is féidir le tosca éagsúla cur isteach ar ghnóthachtáil na bpáistí, mar shampla, an caidreamh leis an measúnóir, buairt na bpáistí, agus an cineál tástála. Luann Leung agus Scott (2009) in Mhic Aoidh (2017) na tosca seo a leanas:

- is féidir go gcuirfidh teanga na tástála bac ar dhaltaí léiriú a dhéanamh ar gach rud atá ar eolas acu
- is féidir nach mbeidh go leor taithí ar fhriotail acadúil ag daltaí le dul i ngleic leis an tástáil
- is féidir go mbeidh an tástáil claonta ó thaobh cultúir de
- is féidir go mbeidh an suíomh coimhthíoch ag daltaí
- is féidir nach gcuirfidh an tástáil éagsúlacht idir cumas cognaíoch agus forbairt teanga daltaí san áireamh.

I roinnt staidéar, tá dea-chleachtas in úsáid chun go leor de na réimsí thuasluaite a sháru. In Barnes agus Ó Duibhir (2023) agus Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan (2014), tá cur síos ar bhealaí chun páistí a chur ar a suaimhneas sula gcuirtear tús leis an measúnú. In Barnes (2021) tugtar deis do pháistí réamhchleachtadh a dhéanamh, mar atá déanta trí chur chuige súgartha. In Barnes agus Ó Duibhir (2023) tugtar deis do pháistí an measúnú a dhéanamh leis an múinteoir ranga agus i suíomh a bhfuil taithí acu air chomh maith. I staidéir eile, Harris et al. (2006) mar shampla, ba dhaoine gairmiúla ón taobh amuigh a thug faoi thástálacha le páistí.

Tá straitéisí éagsúla in úsáid i staidéir eile chun páistí a chur ar a gcompond. In Kiely et al. (2022), is iad na múinteoirí ranga a bhailíonn na tuairimí ó na páistí sa seomra ranga agus cuirtear na taifeadtaí ar aghaidh chuig na taighdeoirí chun anailís a dhéanamh orthu. In Kiely et al. (2024) baintear úsáid as cur chuige mósáice, is é sin, is féidir le páistí aischothú a thabhairt ar bhealaí éagsúla, mar shampla, tuairimí ó bhéal a thabhairt, tuairimí a phlé lena bpiaraí sa rang, líníocht, grianghraif a thógáil, abairtí a chríochnú nó freagairt do phictiúir faoin scoil. Roghnaíonn na páistí féin ceann amháin de na modhanna taighde. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige solúbtha seo seans a thabhairt do pháistí an bealach is fearr a roghnú lena dtuairimí a chur in iúl. Tá cur síos níos mine ar ghuth an pháiste agus ar mhodhanna solúbtha eile chun tuairimí a fháil ó pháistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu ar fáil sa chaibidil *Gach Páiste a Chur san Áireamh sa Chóras Tumoideachais*.

Eolas Teangeolaíoch agus Sochtheangeolaíoch i nDearadh Measúnuithe

Ag tarraingt ar thaighde idirnáisiúnta maidir le gnóthachtáil páistí dátheangacha / ilteangacha, is léir nach n-éiríonn chomh maith céanna le dátheangaigh / ilteangaigh ar thástálacha áirithe, mar shampla, cinn a bhaineann le hábhair a ainmniú go gasta, nó Rapid Automatised Naming (RAN) mar is fearr aithne air sa Bhéarla (Barnes, 2017). Mar a léiríonn O'Toole (2020), tagann torthaí measctha chun cinn i dtaighde idirnáisiúnta maidir le méid foclóra a bhíonn ag dátheangaigh / ilteangaigh in aon teanga amháin.

Sna tástálacha idirnáisiúnta ar RAN, díritear ar ainmfhocail minic go leor. Tá ciall leis sin mar gur féidir íomhá a úsáid chun ainmfhocal a chur in iúl ar bhealach níos soiléire ná briathar nó aidiacht uaireanta. Aithnítear go bhfuil contanam ann i bhforbairt scileanna teanga i measc páistí bunscoile (CNMCM, 2019; Department of Education (NI) 2016). I gcás na Gaeilge, nuair is foghlaimoirí formhór na bpáistí atá sa chóras tumoideachais, ní féidir a bheith ag brath ar ghnáthainmfhocail - earraí an tí, nó an bhaile, mar shampla - a bheadh ag páiste a tógadh le Gaeilge. Sa tástáil atá déanta ag Barnes agus Ó Duibhir (2023) díríonn siad ar fhoclóir a bhaineann le *Curaclam Teanga na Bunscoile* (2019) chun léargas a fháil ar an gcineál teanga a mbeifeá ag súil leis ó pháistí ag an aois sin. Chomh maith leis sin, is gá do thaighdeoirí eolas sochtheangeolaíoch a bheith acu ar na páistí, mar uaireanta bíonn dúshlán ann an tionchar a bhíonn ag stádas íseal socheacnamaíoch a dheighilt ón teagmháil a bhíonn ag an bpáiste leis an dá theanga (féach Gathercole, Kennedy agus Thomas, 2016).

Go hidirnáisiúnta, meastar gur féidir le bearnaí a bheith ann san fhoclóir atá ag páistí i gcomparáid leis an tuiscint atá acu ar an ngramadach. Meastar é sin go háirithe i measc páistí a fhoghlaimíonn an teanga bhreise mar go bhfuil ar pháistí gach focal nua a fhoghlaim de réir a chéile, ach gur féidir ginearálú a dhéanamh ar roinnt de na rialacha gramadaí (O'Toole, Ní Shíthigh, Molamphy agus Walsh, 2020).

Cé go bhfuil loighic ag baint leis an tuairim seo, caithfear gnéithe sochtheangeolaíocha na Gaeilge a chur san áireamh:

- easpa ionchuir ar struchtúir faoi leith atá ag imeacht ó chaint glúnta níos óige

chomh maith le tréithe na teanga, mar shampla,

- moirfeolaíocht shaibhir agus an gá le leaganacha éagsúla den fhocal i dtuisil éagsúla a chloisteáil agus a fheiceáil go minic.

Toisc go gcuirtear athrú tosaigh (séimhiú, urú, réamhlitir – an **t**-úll, ár **n**-athair, an **t**seachtain) ar an ainmfhocal sa Ghaeilge ag brath ar an tuiséal agus ar inscne an fhocail (mar shampla, oráiste -> an **t**-oráiste), ní fhaightear eolas ó páistí ar a dtuiscint ar an moirfeolaíocht mura bhfuil ar pháistí an t-ainmfhocal a úsáid i gcomhthéacs.


Baineann staidéar Antonijevic, Durham agus Ní Chonghaile (2017) le 32 páiste i Rang a 1 i scoil lán-Ghaeilge i gceantar uirbeach ina labhraíonn páistí Béarla sa bhaile. Ní chuirtear san áireamh páistí le míchumas nó deacracht foghlama nó difríocht foghlama. Éistean páistí le habairtí agus iarrtar orthu iad a rá ina dhiaidh. Éiríonn i bhfad níos fearr le páistí leis na habairtí Béarla. Is iad na botúin is mó a bhíonn ann sna habairtí Gaeilge go bhfágann siad an t-athrú tosaigh amach, mar shampla, cloiseann siad "**Bh**ácáil mamaí an béile" ach deir siad "**B**ácáil mamaí an béile". Fágann na páistí amach an t-athrú tosaigh ach go háirithe (briathra, ainmfhocail bhaininsneacha), agus tagann sé seo le torthaí Parsons agus Lyddy (2016).

Mar a dúradh cheana, tá deacracht ag baint leis an gcur chuige seo a dhéanann comhaireamh ar earráidí. Má fhágtar an t-athrú tosaigh ar lár níor chóir breathnú air mar bhotún iomlán mar léiríonn freagraí na bpáistí gur féidir leo an bunfhocal a aithint. Is gné speisialta den Ghaeilge é an t-athrú tosaigh agus mar sin, tá gá le múineadh follasach a dhéanamh ar na cásanna ina mbíonn athruithe tosaigh. Tá cur síos ar an gcineál scaflála is féidir leis an múinteoir a thabhairt don pháiste chun moirfeolaíocht na Gaeilge a shealbhú sa chuid "Ag Tacú le Cruinnúsáid na Gaeilge" sa chaibidil *An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta*.

Mar gheall ar shealbhú neamhiomlán atá tugtha faoi deara i measc cainteoirí dúchais (is é sin, nach bhfuil dóthain teagmhála faighte ag an bpáiste ar ghnéithe den sprioctheanga chun inmheánú a dhéanamh ar an gcomhréir chuí) (Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan, 2014), is léir go mbíonn tionchar ag an mBéarla agus úsáid an dá theanga ar a gcuid cainte (Hickey, 2007; Muckley, 2015; Muckley, Uí Chomhraí agus Antonijevic, 2012) agus go gcuireann sé sin leis an easpa feasachta ar mhoirfeolaíocht na Gaeilge. Is tástáil ó bhéal atá i staidéar Antonijevic, Durham agus Ní Chonghaile (2017) agus léiríonn sé nach deacracht díchódaithe léitheoireachta amháin atá ann mura léann an páiste an focal leis an athrú tosaigh cuí. Taispeánann an staidéar seo gá le tacú le scileanna teanga ó bhéal in éineacht le scileanna léitheoireachta.

Clabhsúr

Tugann an measúnú léargas dúinn ar dhul chun cinn an pháiste agus ar na réimsí ina bhfuil tacaíocht ag teastáil. Is gá measúnuithe a dhearadh a chuireann san áireamh contanam an dátheangachais agus ilteangachais i measc páistí i scoileanna tumoideachais, agus gan a bheith ag brath ar mheasúnuithe atá dírithe ar an mBéarla. Is féidir le go leor tosca tionchar a imirt ar ghnóthachtáil an pháiste sa mheasúnú agus sin an fáth a bhfuil sé riachtanach machnamh a dhéanamh ar an suíomh tástála agus ar an gcaidreamh leis an measúnóir. Tá réimse leathan cineálacha measúnaithe molta i *gCuraclam na Bunscoile* ar féidir tarraingt orthu, ach is gá iad a chur in oiriúint do bhuanna agus scileanna éagsúla teanga a léiríonn páistí sa Ghaeilge. Tá sé riachtanach i ndearadh aon mheasúnaithe go bhfuil machnamh déanta ar cheisteanna teangeolaíocha agus sochttheangeolaíocha na Gaeilge freisin.



7

Gach Páiste a Chur san Aireamh sa Chóras Tumoideachais

Gach Páiste a Chur san Aireamh sa Chóras Tumoideachais

Tá sé de cheart ag gach páiste freastal ar scoil a dhéanann cúram dá riachtanais (Acht Oideachais, 1998; Education for Persons with Special Educational Needs, 2004). Ach an oiread le páistí i scoileanna meán-Bhéarla, tá éagsúlacht de bhuanna, riachtanais, spéiseanna agus pearsantachtaí i measc na bpáistí a fhreastalaíonn ar an gcóras tumoideachais (Dunne agus Ní Aogáin, 2025; Nic Aindriú, 2019), agus ní hionann aon bheirt fhoghlaimeoirí (Ní Chlochasaigh, 2020). Tá éagsúlacht ann freisin i bpobal na Gaeilge, mar atá pléite sa chaibidil *An Ghaeilge agus an Domhan Ilteangach*.

Foramharc ar an gCaibidil

- Féachfar ar leitheadúlacht buanna agus riachtanas sa chóras tumoideachais.
- Pléifear sainmhíniú solúbtha ar an gcumas dátheangach / ilteangach.
- Iniúchfar múnlaí éagsúla maidir le freastal ar gach páiste sa chóras tumoideachais
- Pléifear ceist oiriúnacht an tsuímh lán-Ghaeilge do gach páiste.
- Breathnófar ar thaithí páistí sa chóras tumoideachais agus guth an pháiste.

Leitheadúlacht Buanna agus Riachtanas sa Chóras Tumoideachais

I measc na riachtanas speisialta agus na riachtanas breise oideachais a bhíonn i scoileanna tumoideachais, tá

- lagú teanga sainsiúil
- deacrachtaí foghlama ginearálta
- neamhord ar speictream an uathachais
- neamhord comhordaithe forbartha

(Barrett, 2016; Nic Gabhann, 2008; Nic Aindriú, 2016)

Tá achoimre ar na riachtanais choitianta ar fáil sa tábla thíos.

Tábla 1.1: Staitisticí ar na foghrúpa RSO is coitianta i mbunscoileanna lán-Ghaeilge thar thréimhse deich mbliana

Nic Gabhann (2008)	Barrett (2016)	Andrews (2020)
Disléicse (29.9%)	Disléicse (30.9%)	Disléicse (26.5%) agus Diospraicse (14.0%)
Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Éadroma Imeacha (16.5%)	Neamhord ar speictream an uathachais (13.5%)	Neamhord ar speictream an uathachais (14.2%)
Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Éadroma (16%)	Neamhord comhordaithe forbartha (Diospraicse 11.1%)	Suaithheadh mothúchánach agus iompair (8.9%)
Deacrachtaí Foghlama Ginearálta Meánacha (12.2%)	Suaithheadh mothúchánach agus iompair (9.4%)	Sain-neamhord urlabhra agus teanga (7.4%)
Lagú teanga sainsiúil (6%)	Lagú teanga sainsiúil (8.6%)	Neamhord Easnamh Airde / Neamhord Hipirghníomhaíochta an Easnamh Airde (5.7%)

(Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020, lch 15)

Le tamall anuas déanann roinnt staidéar cur síos ar leitheadúlacht riachtanais speisialta agus bhreise i gcomhthéacsanna éagsúla tumoideachais. In *The Special Educational Needs of Bilingual (Irish-English) Children* (2009) pléann Ní Chinnéide le Tuisceart Éireann. In *Survey of Special Education Needs in Gaelscoileanna* (Nic Gabhann, 2008), agus sa chaibidil "The inclusion of Irish-medium learners with special education needs" (Ní Fhoighil agus Travers, 2012), díríonn na húdair ar scoileanna lán-Ghaeilge. In *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004*. (Mac Donnacha et al., 2004) agus sa tuarascáil *Freastal ar Riachtanais Speisialta Oideachais i mBunscoileanna Gaeltachta* (Nic Aindriú, 2024), díríonn na húdair ar scoileanna Gaeltachta. Is staidéar uile-oileánda atá ann san alt "The suitability of Irish immersion education for children with special educational needs" (Nic Aindriú, Ó Duibhir and Travers, 2024).

San alt ar riachtanais speisialta oideachais *Na Dúshláin a bhaineann leis an Soláthar maidir le Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna Lán-Ghaeilge* (Nic Aindriú Ó Duibhir agus Travers 2021), feictear go bhfuil réimse leathan riachtanas i measc páistí i scoileanna tumoideachais agus go bhfuil athrú tagtha ar na cineálacha riachtanas is coitianta ó rinneadh staidéir eile, mar shampla, *Riachtanais Speisialta Oideachais i Scoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán* (COGG agus Pobal, 2010). Taispeántar gurb iad na riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise seo leanas na cinn is coitianta i scoileanna Gaeltachta: disléicse, uathachas, iompar ar ábhar imní é, agus neamhord urlabhra agus teanga (Nic Aindriú, 2024).

Sa taighde náisiúnta atá déanta ar thaithí páistí sa chóras tumoideachais, ar dtús rinneadh taighde ar chúrsaí teanga, mar shampla staidéar Macnamara (1966). I gcaitheamh na mblianta, bíonn taighdeoirí ag breathnú ar réimse níos leithne d'éagsúlachtaí, cumais foghlama, agus difríochtaí foghlama sa chóras tumoideachais. Léiríonn taighde idirnáisiúnta gur féidir le páistí a bhfuil neamhord orthu ar speictream an uathachais, agus / nó disléicse, teanga bhreise a shealbhú gan drochthionchar a bheith aige sin ar fhorbairt na chéad teanga (Bonifacci agus Tobia, 2016; Kay-Raining Bird, Genesee, agus Verhoeven, 2016 mar atá pléite in Nic Aindriú, 2019). Baineann an ghnóthachtáil i dteanga bhreise, áfach, leis an gcumas atá ag páistí sa chéad teanga, leis an teagmháil atá acu leis an dara teanga / teanga bhreise, agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil. Tagann torthaí taighde náisiúnta leis seo. Léirítear i staidéar amháin le páistí sa chóras tumoideachais a bhfuil Siondróm Down acu nach bhfuil difríochtaí suntasacha le sonrú sa ghabhchumas ná sa ghinchumas ó bhéal atá acu i gcomparáid le páistí a bhfuil Siondróm Down acu atá ag freastal ar scoileanna meán-Bhéarla (Kennedy, 2023).

Osclaíodh an chéad rang do pháistí a bhfuil Neamhord Speictream Uachachais acu laistigh den chóras Gaelscolaíochta sa bhliain 2011. Tá cur síos ag Ní Mhaoilchiaráin agus Ó Brolcháin (2021) ar rang uathachais sa chóras tumoideachais. Ag am scríofa an taighde sin, i bPoblacht na hÉireann, bhí 13 scoil lán-Ghaeilge ann a raibh rang(anna) NSU ag feidhmiú iontu (An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, 2019), agus bhí cúig cinn de na scoileanna sin ag feidhmiú laistigh de limistéir na Gaeltachta. Baineann staidéar beag Ní Mhaoilchiaráin agus Ó Brolcháin le dhá scoil. Déanann siad cur síos ar an easpa tacaíochta do mhúineadh na Gaeilge i ranganna speisialta, ach is léir ó thuairimí na múinteoirí gur cuid lárnach de shaol an dá scoil iad páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu. I gceann de na scoileanna bíonn an Ghaeilge in úsáid mar mheán teagaisc agus sa cheann eile, cé gurb é an Béarla an meán teagaisc, tá an Ghaeilge mórthimpeall ar na páistí le linn an lae. Deir na múinteoirí gur féidir le páistí nach ndéanann cumarsáid ó bhéal, teoracha as Gaeilge a leanúint agus aipeanna as Gaeilge a úsáid. Ag teacht leis an taighde idirnáisiúnta, feictear go mbaineann páistí úsáid as a gcuid Gaeilge réir a riachtanas féin.

Go traidisiúnta, rinneadh imeallú ón staidéar ar an nGaeilge i measc páistí a raibh lagú radhairc acu (Ní Chasaide et al., 2019). Is beag an taighde atá déanta ar pháistí dalla nó ar pháistí le lagú radhairc sa chóras tumoideachais. Tá an-rath áfach, ar an gcomhoibriú idir an National Council for the Blind agus Coláiste na Tríonóide ina n-oibríonn taighdeoir atá dall leis an bhfoireann chun léitheoir scáileáin a dhearadh. Is féidir an léitheoir scáileáin a íoslódáil ón suíomh gréasáin abair.ie. Tá rogha canúintí ann agus aistrítear an t-ábhar go Braille ag an am céanna. Faoi láthair, tá taighde ar bun maidir le tacú leis an bpobal Bodhar agus Breacbhodhar i scoileanna lán-Ghaeilge (Matthews, 2023). Tá sé luachmhar guth mionphobail agus pobail mhionlaithe eile a fháil maidir leis an gcóras tumoideachais, mar shampla, taithí an Lucht Siúil agus taithí páistí faoi mhíchumas.

Léiríonn an cnuasach beag de staidéir ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu nach é an dátheangachas is cúis le moill teanga ná le deacracht foghlama. Mar a mhíníonn Barnes (2021), tá forbairt tagtha ar an bhfreastal a dhéantar ar pháistí le sainriachtanais oideachais le tamall de bhlianta anuas. Pléifear ar ball roinnt de na forbairtí sin mar aon leis na bearnaí atá fós ann.

Sainmhíniú Solúbtha ar an gCumas Dátheangach / Ilteangach

Tá go leor sainmhínithe ar fáil maidir leis an dátheangachas agus an ilteangachas. Tá castachtaí ag baint le sainmhíniú a roghnú toisc go bhfuil réimse leathan de scileanna teanga, cumas agus léiriúchán i gceist (Baker agus Wright, 2017). Déanann Grosjean (1992) cur síos ar dhátheangaigh mar dhaoine a bhfuil an cumas acu feidhmiú sa dá theanga de réir a riachtanas féin. Roghnaíonn Nic Aindriú (2019) an sainmhíniú sin a úsáid chun béim a chur ar an *úsáid* a bhaineann daoine as na teangacha seachas an *cumas* atá acu. Tá an t-athrú béime seo tábhachtach toisc go mb'fhéidir nach mbeidh ar chumas roinnt páistí inniúlacht iomlán a bhaint amach i scileanna éagsúla teanga (Fortune agus Menke, 2010; Kay-Raining Bird, Genesee, agus Verhoeven, 2016 mar atá luaite in Nic Aindriú, 2019). Ina theannta sin, is é seo an sainmhíniú atá luaite maidir le dea-chleachtas do theiripeoirí urlabhra agus teanga (O'Toole, Ní Shíthigh, Molamphy, agus Walsh, 2020).

Lasmuigh den tuiscint thraidisiúnta ar na gnéithe teanga (teanga ó bhéal, léitheoireacht agus scríbhneoireacht) déanann Barnes et al. (2022) cur síos ar na bealaí éagsúla atá ann maidir le cumarsáid a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. An córas Cumarsáid Mhalartach agus Bhreisteach, nó AAC mar is fearr aithne air sa Bhéarla, cuireann sé ar chumas daoine cumarsáid a dhéanamh trí shraith focal nó íomhánna a roghnú. Is féidir leis an gcóras seo tacú le cainteoirí a bhfuil riachtanais éagsúla teanga acu, mar shampla, daoine a bhfuil uathachas, Cerebral Palsy, galar Alzheimer agus galar Parkinson acu.

Tá an tsolúbthacht tábhachtach sa chaoi a smaoinítear ar dhátheangaigh agus ilteangaigh sa chóras tumoideachais le gur féidir aitheantas a thabhairt don éagsúlacht atá i bpobal na Gaeilge, do chontanam an dátheangachais / ilteangachais, agus do na saintacaíochtaí a bhíonn de dhíth ó pháistí áirithe.

Múnlaí Maidir le Freastal ar Gach Páiste

Sa doiciméad *Treoiríníte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu* deirtear gurb í cáilíocht an teagaisc an toisc is criticiúla in oideachas an pháiste agus go bhfuil an phríomhfhreagracht ar an múinteoir ranga freastal ar gach páiste, páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu san áireamh (An Roinn Oideachais, 2020).

Taispeánann de Búrca (2023) go bhfuil roinnt dea-chleachtas a oireann don chóras meán-Bhéarla agus don chóras tumoideachais araon. Baineann tosca rioscaí agus tosca cosanta leis an litearthacht a fhorbairt sa chéad teanga agus i dteanga bhreise. Is é sin go bhfuil tosca ar féidir linn a aithint go luath a thabharfaidh le fios an bhféadfadh deacracht a bheith ag an bpáiste i réimse faoi leith. Chomh maith leis sin, tá tacaíochtaí ar féidir linn a chur i bhfeidhm go luath chun tacú leis an bpáiste barr a gcumais a bhaint amach.

I measc na dtosca riosca, tá deacrachtaí le cluaschuimhne agus amharc-chuimhne, luas próiseála agus teagmhail shrianta leis an teanga nó le téacs scríofa. Na tosca cosanta ar an lámh eile, ná an luathaithe agus idirghabháil oiriúnach (Snow, Burns and Griffin, 1998). Baineann scoileanna úsáid as na modhanna thíos chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu a chur san áireamh:

- dialann mhachnamhach
- dvdanna / taifeadtaí
- an teicneolaíocht
- gníomhaíochtaí praiticiúla
- féinmheasúnú
- foghlaim mhachnamhach
- foghlaim fadhb-bhunaithe
- úsáid ceamaraí.

(Nic Aindriú, 2019)

Molann Dunne agus Ní Aogáin (2025) úsáid a bhaint as cur chuige Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim mar bhealach réamhghníomhach chun gach páiste a chur san áireamh i bhfoghlaim agus i dteagasc na Gaeilge.

Tá roinnt saintacaíochtaí atá de dhíth sa chóras tumoideachais agus ní leor an múnla um leithdháileadh ginearálta le freastal ar riachtanais an chórais tumoideachais. Ó thaobh dáileadh áiseanna de, bhíodh córas ann inar bhain áiseanna le riachtanas a aithníodh trí dhiagnóis shíceolaíoch fhoirmiúil (Shevlin, Winters agus Flynn, 2013). Ina dhiaidh sin, cuireadh Múnla Dáileadh Ginearálta i bhfeidhm chun áiseanna a bhronnadh bunaithe ar riachtanais dhéimeagrafacha na scoile (Department of Education agus Science, 2005). Léiríonn Barrett (2016), faoin múnla dáileadh ginearálta a bhí i bhfeidhm, gurb í an Ghaeilge an réimse curaclam is lú ar tugadh tacaíocht di.

Faoi láthair tá múnla Teagasc Oideachas Speisialta i bhfeidhm (DES, 2017) agus tá seans níos mó gur trí Ghaeilge a dhéantar an tacaíocht in-ranga anois. Sa doiciméad *Treoiríníte do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*, moltar gur chóir do scoileanna cuid dá leithdháileadh a úsáid chun tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu. Cabhróidh na tacaíochtaí dátheangacha seo le páistí fáil a bheith acu ar an gcuraclam ina iomláine.

Tugann múinteoirí le fios, áfach, go bhfuil na dúshláin seo a leanas le sárú fós:

- easpa áiseanna Gaeilge
- easpa idirdhealaithe
- easpa tacaíochta in-ranga
- úsáid mhí-éifeachtach á baint as téacsleabhair.

(Nic Aindriú, 2019)

Is gá feasacht a ardú ar na háiseanna atá ann cheana féin. Tá cnuasach d'áiseanna chun gach páiste a chur san áireamh sa chóras tumoideachais ar fáil ar shuíomh COGG. Tá áiseanna a bhaineann le múineadh ionchuimsitheach na Gaeilge ar fáil sa lámhleabhar *An Ghaeilge do Gach Duine*, atá ar fáil ar shuíomh COGG freisin (Dunne agus Ní Aogáin, 2025).

Léiríonn an taighde gur ceist leanúnach í conas freastal ar pháistí le cumais éagsúla sa Ghaeilge, chomh maith le difríochtaí foghlama, sa chóras tumoideachais (Ní Mhaoláin, 1998). Na bearnaí atá fós ann ná áiseanna, forbairt ghairmiúil leanúnach agus tacaíochtaí maidir le freastal ar an néaraí-éagsúlacht sa seomra ranga, agus cur chuige idirdhealaithe a chur i bhfeidhm (Barnes agus Ó Duibhir, 2023; Dunne agus Ní Aogáin, 2025; McCoy, Quail agus Smyth, 2012b; Nic Aindriú, 2024). Léiríonn múinteoirí i dTuaisceart Éireann freisin, go bhfuil tuilleadh tacaíochta de dhíth orthu le freastal éifeachtach a dhéanamh ar pháistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu (ETI, 2023).

I scoileanna Gaeltachta bíonn deacracht ag baint le cur chuige idirdhealaithe don teagasc agus don fhoghlaím, go háirithe freastal ar chainteoirí dúchais i gcomhthéacs rang ilghráid (DES, 2015). Pléann Ní Shéaghdha (2010) agus Hickey (1997) an easpa cúraim atá déanta de riachtanais cainteoirí dúchais sa chóras oideachais agus i gcomhthéacs naíonraí. Nuair a bhíonn nuachainteoirí sa rang, baineann oideachasóirí úsáid as na straitéisí seo a leanas:

- simpliú teanga,
- níos mó athrá,
- níos lú ceartúchán

Ní cosúil gurb é sin an clár is fearr do chainteoirí dúchais é ná do shaibhriú teanga (Hickey, Lewis agus Baker, 2013). Cuireann príomhoidí scoileanna Gaeltachta in iúl go bhfuil gá leanúnach le hobair shaibhrithe / shealbhaithe teanga atá dírithe ar leibhéal an chainteora dhúchais (Ní Shéaghdha, 2010). Tá a thuilleadh plé ar thacú le cainteoirí dúchais / ardchumais sa chaibidil *An Tumoideachas agus Forbairt na Délitearthachta*.

Meabhraíonn Hickey (2001) an gá le cothromas seachas cothromaíocht a chur chun cinn sa chóras oideachais, is é sin a aithint go bhfuil gá le freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí agus riachtanais an chórais oideachais, seachas na tacaíochtaí céanna a chur ar fáil do gach duine. Deir príomhoidí agus múinteoirí gur bhreá leo a leithéid de Mhúinteoir Tacaíochta Teanga a bheith i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS chun próifíl na Gaeilge sa scoil a fhorbairt chomh maith le cúraimí eile, cuir i gcás,

- tacú le hAistear a chur i bhfeidhm
- teanga neamhfhoirmiúil, shóisialta na bpáistí agus fónaic na Gaeilge a fhorbairt i ranganna na naíonán
- idirghabhálacha litearthachta na Gaeilge a chur i bhfeidhm.

(Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir agus Shiel, 2021)

De réir na *Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030*, moltar go leathnófar Scéim na gCúntóirí Teanga chuig gach scoil lán-Ghaeilge, ach tá an scéim ag feidhmiú i scoileanna Gaeltachta amháin faoi láthair. D'fhéadfaí an múnla sin a leathnú amach mar scéim phíolótach i ngréasáin scoileanna i gcomhpháirtíocht le chéile.

Oiriúnacht an tSuímh lán-Ghaeilge do Pháistí a bhfuil Riachtanais Speisialta agus Bhreise acu

Taispeánann Patton agus Matthews (2020) go bhfuil tuairimí measctha léirithe ag príomhoidí maidir le hoiriúnacht an tsuímh lán-Ghaeilge do pháistí áirithe. Suimiúil go leor léiríonn príomhoidí i scoileanna Gaeltachta an tuairim níos minice gur chóir go mbeadh díolúintí ag páistí ón nGaeilge má tá disléicse acu, cé nach raibh an difríocht seo suntasach ó thaobh na staitistice de.

De réir roinnt múinteoirí i staidéir eile, tá an bhunscolaíocht trí Ghaeilge ina buntáiste do pháiste a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu (Barrett, 2016; Nic Aindriú, 2019). Maidir leis an tuairim nach bhfuil an córas tumoideachais oiriúnach do gach páiste, tháinig dearcadh chun solais sa chomhairliúchán poiblí ar dhíolúintí (*Report on Public Consultation on Exemptions from the Study of Irish in Schools*) (Flynn, Murray, Lynch agus Davitt, 2019) go mbíonn míthuiscintí agus smeareolas á scaipeadh in amanna i measc gairmithe agus sa phobal i gcoitinne.

Mar atá ráite sna *Treoiríní do Bhunscoileanna: Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu*, is gá níos mó feasachta a chothú i measc phobal na scoile maidir leis an gcaoi ar féidir le scoileanna tumoideachais freastal ar riachtanais páistí (DE, 2020). Tá gá le hoiliúint níos fearr a chur ar fáil do dhaoine a bhíonn ag tacú leis an scoil maidir leis na buntáistí cognaíocha agus eile a bhaineann leis an dátheangachas do gach páiste, ina measc, páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise oideachais acu. Tá gá freisin le cur chuige ionchuimsitheach agus idirdhealaithe a chur i bhfeidhm.

Mar gheall ar an éagsúlacht tuairimí faoi oiriúnacht an tsuímh lán-Ghaeilge do pháistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu, ní nach ionadh go mbíonn cleachtais éagsúla i bhfeidhm. Pléann Nic Aindriú, Ó Duibhir agus Travers (2024) le páistí a d'aistrigh ón gcóras tumoideachais sa tréimhse 2014-2017.

- Léiríonn beagnach aon cheathrú de na scoileanna a bhí páirteach sa staidéar gur aistrigh páistí chuig scoil tumoideachais eile,
- Léiríonn os cionn trí cheathrú de na scoileanna gur aistrigh páiste go scoil mheán-Bhéarla, thart ar 14% gur aistrigh siad go scoil speisialta mheán-Bhéarla, agus
- Léiríonn os cionn aon cheathrú gur aistrigh siad chuig rang speisialta i scoil mheán-Bhéarla.

Is í an bhuairt an chúis is mó leis an aistriú agus baineann beagnach leath de na cásanna aistrithe le deacrachtaí a bheith ag an bpáiste foghlaim trí Ghaeilge. Bhí an t-aistriú molta ag daoine éagsúla agus ar chúiseanna éagsúla, mar shampla,

- ag síceolaí oideachais (41.67%)
- ag an teiripeoir urlabhra agus teanga (16.67%)
- ag an teiripeoir saothair (4.17%)
- ag an bpríomhoide nó múinteoir ranga (21%)
- mar go raibh deacracht ag an scoil freastal ar riachtanais an pháiste (8%).

I gcás líon an-bheag cásanna, baineann an t-aistriú le cúinsí pearsanta an teaghlaigh mar shampla, bogadh chuig ceantar nua.

Tá pointe suimiúil déanta ag Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir agus Shiel (2021) maidir le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise acu, nó deacrachtaí agus difríochtaí foghlama acu, atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge DEIS. Ní tharlaíonn sé go rómhinic go bhfágann páiste a bhfuil deacrachtaí foghlama acu scoil lán-Ghaeilge DEIS mar gheall ar mholadh ón bpríomhoide. Sna cásanna inar tharla se, ba mhinic gur tháinig an moladh ó ghníomhairí seachtracha ar nós duine ó NEPS nó ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, seachas mar mholadh on scoil féin. Luann Nic Aindriú (2019) gur féidir leis na dúshláin leanúnacha chéanna a bheith ag páistí, fiú nuair a bhogtar iad ón gcóras tumoideachais go dtí an córas meán-Bhéarla.

Tá tábhacht faoi leith a bhaineann le cur chuige na scoile uile agus le luachanna ionchuimsitheacha a chur chun cinn sa chóras oideachais agus sa tsochaí (Banks et al., 2016) agus is gá na ranganna speisialta a chur san áireamh freisin sa phleanáil don scoil uile. Má imíonn páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu ón gcóras tumoideachais, cailltear freisin an taithí agus an saineolas atá ag múinteoirí tacú le réimse leathan cumas. Tá gá le machnamh a dhéanamh ar riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais sa taighde ginearálta a dhéantar ar an gcóras tumoideachais. Mar atá ráite ag Hickey (2013), tá géarghá le bogadh ón dearcadh gur gá an páiste a chur in oiriúint don tumoideachas, agus ina ionad sin, smaoineamh ar bhealaí chun an próiseas tumoideachais a chur in oiriúint don pháiste.

Taithí Páistí sa Chóras Tumoideachais: Guth an Pháiste

I gcuid de staidéar Nic Aindriú (2019) ar dhearcchaí páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise acu, pléann sí leis an dearcadh atá ag na páistí ar a dtaithí scoile. Mar chuid de staidéar Kavanagh (2013) chomh maith, tugann páistí i scoileanna lán-Ghaeilge aischothú maidir le gnéithe dá dtaithí oideachais, mar aon le rannpháirtíocht agus compháirtíochtaí tuismitheoirí agus teaghlach.

Tá roinnt staidéar ar fáil ina lorgaítear go sonrach dearcchaí páistí sa chóras tumoideachais. I staidéar Kiely et al. (2022) agus Kiely et al. (2024) lorgaíonn na húdair tuairimí páistí maidir leis an *Dréachtchuraclam Bunscoile* agus le *Curaclam na Bunscoile* (2023), agus baineann cás-staidéar amháin sa dá staidéar le dearcchaí páistí i scoil lán-Ghaeilge ar Nuatheangacha lasachta sa bhunscoil.

Is gá úsáid a bhaint as réimse leathan modhanna taighde, nó cur chuige mósáice, chun tacú le páistí aischothú a thabhairt, go háirithe páistí a bhfuil riachtanais speisialta nó riachtanais bhreise acu (Kennedy, 2023; Kiely et al., 2022; Nic Aindriú, 2019). Is gá éisteacht le guth an pháiste agus machnamh a dhéanamh ar na bealaí is fearr chun gach páiste a chur san áireamh sa chóras tumoideachais. Ina dtaighde ar dhearcchaí páistí in Eochairchéim 4 agus sa chóras tumoideachais i dTuaisceart Éireann thaispeáin Wright agus Scullion (2007) gur thuairiscigh páistí dearcchaí dearfacha i gcoitinne i leith an chórais tumoideachais. Is suntasach an mhaise é sin nuair a chuirtear san áireamh an easpa áiseanna a bhí ann sa chóras tumoideachais ag an am sin. I staidéar Rogan (2023) i dTuaisceart Éireann léiríonn páistí óga tuiscint ar an gcomhthéacs sochpholaitiúil a bhaineann le foghlaim na Gaeilge agus tá ról mór ag an nGaeilge ina bhféiniúlacht mar shaoránach na hÉireann, dar leo. Mar sin, is fiúntach an ní é tuairimí a lorg ó pháistí maidir le haidhmeanna an tumoideachais.

Laistigh de roinnt staidéir náisiúnta, tá plé ar ghnóthachtáil páistí sa chóras tumoideachais. Taitníonn go leor de na rudaí céanna le páistí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge agus a thaitníonn le páistí i scoileanna meán-Bhéarla (Kiely et al., 2024). Cuireann siad an-luach ar chairde agus ar an spraoi, mar shampla. Nuair a lorgaítear tuairimí páistí maidir leis an *Dréachtchuraclam Bunscoile*, ní léiríonn páistí i scoileanna tumoideachais dearcadh diúltach i leith na Gaeilge (Kiely et al., 2022) mar atá léirithe i dtaighde ginearálta ar thuairimí páistí bunscoile sa staidéar *Children's School Lives* (féach Devine et al., 2020).

I gcoitinne léiríonn páistí sa chóras tumoideachais dearcadh níos dearfaí i leith na Gaeilge (Strickland agus Hickey, 2016). Léiríonn staidéar GUI go mbíonn níos mó ama ar fáil don Drámaíocht, Ceol, agus Corpoideachas i scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le scoileanna Gaeltachta agus scoileanna meán-Bhéarla (McCoy, Quail agus Smyth, 2012b). I dtaighde Kiely et al. (2021) agus Kiely et al. (2024), luann páistí gurb iad na hábhair seo na cinn is fearr leo agus gur maith leo an Ghaeilge a shaibhriú tríothu.

Tugann Nic Fhionnlaoidh agus Mhic Mhathúna (2021b) faoi deara go bhfuil sé níos comónta anois, mar gheall ar an bhforbairt ar an gcóras Gaelscolaíochta ó na 1970í ar aghaidh, go mbeidh taithí phearsanta ag tuismitheoirí ar an gcóras tumoideachais. Tugann páistí i staidéir Kiely et al. (2022) agus Kiely et al. (2024) faoi deara go mbeidh deis acu níos mó Gaeilge á foghlaim sna ranganna sinsearach. Tugann roinnt páistí eile faoi deara nach raibh an deis seo ag a dtuismitheoirí ach gur féidir leo roinnt Gaeilge a mhúineadh dóibh ó am go chéile.

I scoileanna Gaeltachta, deir páistí níos minice gur fhreastail a dtuismitheoirí nó seantuismitheoir ar an scoil. Ní shíleann páistí, áfach, go bhfuil ról ag tuismitheoirí agus caomhnóirí i roghnú na hoibre a dhéanann páistí ar scoil. Tagann an tuairim seo leis an deighilt a fheiceann roinnt páistí idir an suíomh lán-Ghaeilge ar scoil agus an suíomh meán-Bhéarla (den chuid is mó) sa bhaile (Kavanagh agus Hickey, 2012). Tá plé sa chaibidil *Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Teaghlach* ar bhealaí chun tuismitheoirí agus caomhnóirí a chumasú chun páirt ghníomhach a ghlacadh in oideachas a bpáistí.

Clabhsúr

Ach an oiread le gach scoil, bíonn buanna, spéiseanna, agus riachtanais éagsúla ag páistí atá ag freastal ar an gcóras tumoideachais. Bíonn roinnt de na tacaíochtaí céanna ag teastáil uathu is a bhíonn ó pháistí i scoileanna meán-Bhéarla, ach tá saintacaíochtaí de dhíth ó thaobh na Gaeilge de. Tá luach ar leith ag baint le héisteacht le guth an pháiste agus na tacaíochtaí seo á roghnú agus á gcruthú. Is féidir le gach páiste tairbhe a bhaint as an gcóras tumoideachais, ach oideolaíocht ionchuimsitheach agus planáil uile-scoile éifeachtach a bheith ann, chomh maith le háiseanna cuí.

The background is a solid blue color with a repeating pattern of white line-art icons. The icons include school-related items such as pencils, paper airplanes, stars, and pairs of glasses, arranged in a scattered, non-uniform manner.

8

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Teaghlach

Rannpháirtíocht Tuismitheoirí agus Teaghlach

Mar a léiríodh sa chaibidil *Fás agus Forbairt an Tumoideachais*, cuireadh síolta an tumoideachais ag tús an fichiú haois. Tháinig borradh faoin gcóras tumoideachais arís, go háirithe ó na 1970í ar aghaidh, mar gheall ar obair tuismitheoirí, teaghlach agus oideachasóirí a bhí ag iarraidh rogha don oideachas lán-Ghaeilge a chur ar fáil sa phobal. Is ag croílár fhís an tumoideachais in Éirinn fós atá rannpháirtíocht tuismitheoirí, an teaghlaigh agus daoine tábhachtacha eile i saol an pháiste. Tá spéis léirithe ag timpeall aon cheathrú de thuismitheoirí i dtaighde Darmody agus Daly (2015) a bpáistí a chur chuig scoil lán-Ghaeilge dá mbeadh scoil sa cheantar, agus léiríonn tuismitheoirí sástacht i gcoitinne leis an gcóras tumoideachais (McKendry, 2007; Ó Duibhir agus Ní Thuairisg, 2019).

Tá comhpháirtíochtaí le tuismitheoirí luaite mar phríomhphionsabal de *Churaclam na Bunscoile* (2023). Ní hionann gach tuismitheoir ná gach teaghlach, áfach, agus is sainmhíniú solúbtha atá i gceist leis an bplé thíos maidir le tuismitheoirí, caomhnóirí agus daoine tábhachtacha eile i saol an pháiste. De réir theoiric Bronfenbrenner tá ról lárnach ag na caidrimh seo i saol an pháiste, agus is féidir leo tionchar tábhachtach a imirt ar thaithí oideachais an pháiste chomh maith (O'Toole, 2016).

Foramharc ar an gCaibidil

- Tarraingeofar ar thaighde maidir le rannpháirtíocht agus comhpháirtíochtaí tuismitheoirí agus teaghlach sa chóras tumoideachais.
- Féachfar ar an bhfás atá tar éis teacht ar rannpháirtíocht tuismitheoirí sa chóras tumoideachais le blianta beaga anuas.
- Breathnófar ansin ar an éagsúlacht i bpróifíl tuismitheoirí sa chóras tumoideachais, chomh maith leis na tacaíochtaí a bhíonn ag teastáil ó thuismitheoirí.
- Féachfar ar shamplaí cruthaitheacha den rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach.

Fás agus Forbairt Rannpháirtíocht Tuismitheoirí

De réir Cummins (1978), nuair a bunaíodh an Saorstát in 1922 bhí dearchtaí neodracha nó diúltacha ag tuismitheoirí i leith scoileanna tumoideachais. Ar an drochuair, níl mórán anailíse déanta ar dhearchtaí tuismitheoirí sna luathmhúnláí den tumoideachas agus oideachas lán-Ghaeilge roimh bhunú an tSaorstáit (ach amháin an dá bheathaisnéis ar Luíse Ghabhánach Ní Dhufaigh agus Scoil Bhríde, mar shampla).

Cuireadh níos mó béime ar rannpháirtíocht tuismitheoirí le foilsiú *Tuarascáil Plowden* (1967) agus le bunú an National Parents' Council (1985) (Harris et al., 2006), agus cuireann an córas tumoideachais deiseanna ar fáil do rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach. Ó na 1970í ar aghaidh, mar a léiríonn Ó Luain (2024), chuir roinnt teaghlach spéis sa tumoideachas toisc go raibh níos mó solúbthachta sa ról a d'fhéadfadh a bheith ag tuismitheoirí sa chineál seo oideachais. Murab ionann agus na dearchtaí a bhí ag tuismitheoirí na bpáistí a d'fhreastail ar scoileanna tumoideachais sna luathbhlianta den Saorstát, ghlac tuismitheoirí agus teaghlaigh chucu ról díograiseoirí teanga agus oideachais, agus bhí siad an-ghníomhach i mbunú scoileanna lán-Ghaeilge ina gceantair. Is mar gheall ar dhíograis tuismitheoirí, teaghlach agus daoine eile sa phobal a coinníodh ar oscailt roinnt scoileanna Gaeltachta a bhí i mbaol a ndúnta. Sa chóras atá ann anois, tá bunú scoil nua bunaithe ar thosca déimeagrafacha seachas ar spéis an phobail sa tumoideachais (An Roinn Oideachais, 2022).

An Éagsúlacht i bPróifíl Tuismitheoirí sa Chóras Tumoideachais

Cé go raibh dearcadh ann gur grúpa aonchineálach meánaicmeach a bhí i measc tuismitheoirí sa chóras tumoideachais sna 1970idí (Ní Chlochasaigh, Ó Duibhir, agus Shiel, 2021; Ó Riagáin agus Ó Gliasáin, 1979), aithnítear anois go bhfuil éagsúlacht ann i measc tuismitheoirí agus teaghlach a roghnaíonn an córas tumoideachais dá bpáistí (Kavanagh, 2013; Strickland agus Hickey, 2016), agus i measc tuismitheoirí scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge (DES, 2015; Harris et al., 2006). Feictear éagsúlacht freisin i measc tuismitheoirí naíonraí. Mar shampla, sa staidéar a rinne Hickey sna 1990idí, taispeánadh go raibh aon trian de na tuismitheoirí ann a raibh an leibhéal is ísle oideachais acu nó nach raibh cáilíocht oideachais acu (Hickey, 1999).

Lorgaíonn Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar (2011) níos mó eolais maidir le próifíl shóisialta na dtuismitheoirí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS. Tugann siad faoi deara go dtagann coibhneas níos airde de thuismitheoirí pháistí Rang a 6 ó chúlra ard socheacnamaíoch i gcomparáid le tuismitheoirí i scoileanna meán-Bhéarla. Ach, tagann 20% de na tuismitheoirí ón ngrúpa a bhfuil an stádas socheacnamaíoch is ísle acu (de réir phost an tuismitheora). Cé go bhfuil an céatadán seo níos ísle ná an meán i scoileanna meán-Bhéarla, léiríonn sé nach grúpa aonchineálach atá iontu ach an oiread.

Roghnaíonn tuismitheoirí an córas tumoideachais ar chúiseanna éagsúla. In amanna, is í an scoil áitiúil í. Is scoileanna comhoideachais iad na scoileanna tumoideachais agus tá éagsúlacht anois i bpátrúnacht na scoileanna seo (DE, 2022), agus b'fhéidir go bhfuil spéis ag tuismitheoirí in éiteas faoi leith. Níl aon léiriú ar fáil sna cás-staidéir in Ó Brolcháin (2015) go roghnaíonn tuismitheoirí scoil Ghaeltachta dá bpáistí bunaithe ar idé-eolaíochtaí teanga (Ó Brolcháin, 2015). Tá seans go bhfuil idé-eolaíocht agus cur chuige na scoile níos soiléire do thuismitheoirí anois mar gheall ar an *bPolasaí don Oideachas Gaeltachta* (DES, 2016). Ar aon chuma, cuireann sé béim ar an ngá le tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi chur chuige na scoile i dtaobh an tumoideachais.

I dtaighde Mas Moury Mack (2013) ar thuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath, roghnaíonn tuismitheoirí an córas tumoideachais mar gheall ar chúrsaí féiniúlachta agus caipiteal cultúrtha, is é sin an luach a chuireann siad ar an oideachas agus an dátheangachas / ilteangachas suimitheach. Tagann sé sin le taighde atá déanta ag Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2016) ina luann tuismitheoirí buntáistí an dátheangachais / ilteangachais, agus léargas ar chultúir eile. Tá sé suimiúil go luann tuismitheoirí a úsáideann teangacha eile seachas an Béarla agus an Ghaeilge sa bhaile, an deis atá ann sa chóras tumoideachais cur le cumas ilteangach a bpáistí (Ní Dhiorbháin, Connaughton-Crean agus Ó Duibhir, 2023).

I gcás scoileanna DEIS, ní cúiseanna oidhreacht nó teangeolaíochta amháin a luann tuismitheoirí ach

- ranganna níos lú a bheith ag an scoil,
- timpeallacht agus éiteas na scoile,
- áiseanna maithe sa scoil,
- scoil mheasctha,
- rogha dhifriúil, agus
- gan mórán foghlaimeoirí Béarla a bheith sa scoil.

(Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020)

Tá moltaí sa chaibidil *An Tumoideachas agus an Domhan Ilteangach* maidir le cur chuige ionchuimsitheach a chothú sa chóras tumoideachais, agus feasacht idirchultúrtha a chothú.

Léiríonn Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoich (2021b) ina dtaighde go bhfuil fíorspéis ag tuismitheoirí sa teanga, go bhfuil taithí dhearfach acu ar an gcóras tumoideachais agus go bhfuil taithí phearsanta ag roinnt díobh ar an gcóras céanna, chomh maith le dearthaí dearfacha i leith na teanga.

Ag Tacú le Tuismitheoirí a bheith Rannpháirteach sa Chóras Tumoideachais

Meastar go bhfuil rannpháirtíocht ard ag tuismitheoirí sa chóras tumoideachais i gcoitinne (Coady agus Ó Laoire, 2002; Mac Giolla Phádraig, 2003; McAdory agus Janmaat, 2015). I staidéar amháin a phléann le taithí tuismitheoirí i scoileanna tumoideachais agus le tuismitheoirí i scoileanna meán-Bhéarla, sonraítear nach bhfuil difríocht ann sa tábhacht a shamhlaíonn siad le heolas a fháil ón scoil, ná maidir le heolas a fhail ar chúrsaí oideachais a bpáistí. Maidir le taithí na dtuismitheoirí ar an dá chineál scoile, tá tuismitheoirí d'aon tuairim go bhfuil sé tábhachtach a bheith in ann labhairt leis an bpríomhoide nuair is gá (Kiely et al., 2021).

Cabhraíonn sé le tuismitheoirí sa chóras tumoideachais nuair a roinntear eolas an-soiléir leo faoin gcur chuige tumoideachais (Ní Shéaghdha, 2010) chomh maith le heolas maidir leis an gcuraclam a bhíonn in úsáid sa scoil (Kiely et al. 2021). I staidéar Kiely et al. (2021) tuairiscíonn tuismitheoirí sa chóras tumoideachais go gcabhraíonn sé leo nuair is féidir leo comhrá neamhfhoirmiúil a bheith acu leis na múinteoirí, agus go gcuirtear fáilte roimh an gcumarsáid dhátheangach.

De réir thorthaí *Growing Up in Ireland*, tá seans níos mó ann sa chóras tumoideachais go mbeidh páistí ag glacadh páirt in imeachtaí cultúrtha (Ceol agus Drámaíocht) (McCoy, Quail agus Smyth, 2012b). Feictear freisin i gcás tuismitheoirí sa chóras tumoideachais go mbíonn siad ag léamh níos minice lena bpáiste (Strickland agus Hickey, 2016). Is fiú a lua go dtaispeántar i staidéar Strickland agus Hickey (2016) go mbíonn gaol láidir idir cleachtais litearthachta sa bhaile agus gnóthachtáil an pháiste sa Bhéarla agus sa mhatamaitic.

Ní hionann gach tuismitheoir ná gach teaghlach, ach tugann gach duine a lán taithí agus buanna leo chuig pobal na scoile. Is féidir tarraingt ar an taithí agus na buanna seo chun tacú le haistear oideachais an pháiste ar iliomad bealaí. Tá tábhacht leagtha ar na tuairimí a bhí ag tuismitheoirí Gaeltachta sna staidéir seo a leanas:

- *Raising Children to be Bilingual in the Gaeltacht: Language Preference and Practice* (Ó hIfearnáin, 2007),
- *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004. Léargas ó na Príomhoidí, na Múinteoirí agus na Tuismitheoirí* (Mac Donnacha, 2005), agus
- *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* (Mac Donnacha et al., 2004).

Taispeánann Nic Cionnaith (2008) gur féidir le cúiseanna imní teacht chun cinn i measc tuismitheoirí atá ina gcainteoirí dúchais mar gheall ar an bhfreastal a dhéantar ar a bpáiste ó thaobh na Gaeilge de. Tá gá le saibhriú teanga sa scoil agus lasmuigh di. Moltar ach go háirithe an ceangal idirghlúine leis an teanga a threisiú. Mar shampla, déanann Ní Shéaghdha (2010) cur síos ar an tionscadal "Sárchainteoirí" ina dtagann duine ón bpobal isteach a bhfuil an-saibhreas cainte acu. Mar obair bhaile, d'fhéadfadh páistí a gcuid Gaeilge a úsáid le tuismitheoir nó duine críonna agus eolas a bhailiú uathu.

Ar ndóigh, is í an Ghaeilge teanga na scoileanna tumoideachais agus is gá tuismitheoirí agus teaghlach a chumasú ról gníomhach a ghlacadh in oideachas a bpáistí, chomh maith lena riachtanais teanga a chur san áireamh (Nig Uidhir, Ó Cathalláin agus Ó Duibhir, 2016). Taispeánann Devitt et al. (2018) agus iad ag breathnú ar thorthaí an staidéir *Growing Up in Ireland*, go bhfuil buntáiste teanga ag páistí a bhfuil teagmháil acu leis an nGaeilge sa bhaile. Léiríonn Coady agus Ó Laoire (2002), áfach, go bhfuil titim idir 1970idí agus 2000 i líon na dteaghlach sa chóras tumoideachais a labhraíonn Gaeilge sa bhaile.

Pléann Ó Laoire agus Harris (2006), Kavanagh agus Hickey (2012), agus Strickland agus Hickey (2016) an réimse éagsúlachta atá le sonrú i measc tuismitheoirí sa chóras tumoideachais ó thaobh cúla oideachais agus ó thaobh inniúlachta sa Ghaeilge de. Baineann roinnt staidéar leis an ngné teanga den rannpháirtíocht, is é sin na deacrachtaí a thuairiscíonn tuismitheoirí nach bhfuil compordach go fóill cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge, mar shampla, Kavanagh agus Hickey (2012) agus Maguire (1991).

Léiríonn roinnt tuismitheoirí i scoileanna Gaeltachta freisin an gá le tacaíocht lena gcuid Gaeilge (Mac Donnacha, 2005). Bíonn leibhéil éagsúla muiníne i measc tuismitheoirí agus teaghlach maidir le Gaeilge a úsáid. Ach má tá dearcadh dearfach ann i leith na teanga, agus má tá spéis sa Ghaeilge, is féidir leis sin difríocht mhór a dhéanamh (Harris et al., 2006). Léirítear go bhfuil dea-thionchar ann nuair a thugann tuismitheoir moladh d'iarrachtaí páistí sa Ghaeilge, is é sin go méadaítear inspreagadh an pháiste, beag beann ar inniúlacht teanga an tuismitheora (Harris et al., 2006).

I gcás tuismitheoirí a bhfuil páiste acu a bhfuil riachtanais speisialta nó bhreise acu, léiríonn siad uaireanta buairt maidir lena gcumas Gaeilge féin agus leis an gcaoi ar féidir leo tacú lena bpáistí (Barrett, 2016). Chomh maith leis sin, baineann an dearcadh seo ar easpa cumais na dtuismitheoirí sa Ghaeilge, leis an gcinneadh in amanna páistí a bhogadh ón gcóras tumoideachais go dtí scoil mheán-Bhéarla don iar-bhunscolaíocht (Ní Thuairisg agus Ó Duibhir, 2016).

Baineann scoileanna Gaeltachta úsáid as an gcumarsáid rialta chun tacú le tuismitheoirí a bhfuil riachtanais speisialta agus bhreise ag a bpáistí (Mac Intyre Coyle agus Nic Aindriú, 2023). Molann Nic Aindriú, Connaughton-Crean, Ó Duibhir agus Travers (2022), sa chás go bhfuil deacrachtaí sainiúla ag an bpáiste, gur chóir agallaimh mhionsonraithe a shocrú le tuismitheoirí agus le múinteoirí, chun plé a dhéanamh ar fhorbairt teanga (T1 agus T2) an pháiste, agus chun cur chuige a phleanáil le tacú leis an bpáiste.

Bealaí Cruthaitheacha chun an Rannpháirtíocht a Spreagadh

Taispeánann Kavanagh agus Hickey (2012) an baol a bhaineann le féachaint ar chumas tuismitheoirí i dtéarmaí easnaimh, is é sin nach bhfuil ar a gcumas ról a ghlacadh i ngníomhaíochtaí scoile agus i bhfoghlaim a bpáistí mura bhfuil mórán Gaeilge acu. Is fiú a thabhairt chun cuimhne, mar sin, go bhfuil iliomad bealaí inar féidir le tuismitheoirí tacú le hoideachas a bpáistí.

I staidéar Kiely et al. (2021), mar shampla, léiríonn tuismitheoirí go gcuireann an córas tumoideachais fáilte roimh an gcomhfhreagras dátheangach agus gur féidir le tuismitheoirí páirt a ghlacadh in imeachtaí scoile, mar shampla, maoirseoireacht chlóis nó sa leabharlann. I staidéar Kiely et al. (2024) léiríonn roinnt páistí i scoileanna lán-Ghaeilge go mbaineann siad taitneamh as an nGaeilge a mhúineadh dá dtuismitheoirí nó dá siblí níos óige. Tá sé seo ag teacht le staidéar O'Toole (2023) i scoileanna meán-Bhéarla nuair a thugtar deis do na páistí Gaeilge a mhúineadh dá dtuismitheoirí sa bhaile.

I dtaighde a rinne Ó Duibhir et al. (2017) ar an tslí a gcabhraíonn scoileanna leis an bhfoghlaím sa bhaile, luann siad na nithe seo:

- tugann siad an t-eolas go dátheangach maidir le hobair bhaile
- cuireann siad téacsleabhar Béarla ar fáil más gá
- cuireann siad clubanna obair bhaile agus uimhearthachta ar fáil
- cuireann siad ar fáil leabhrán ina bhfuil téamaí agus an foclóir a bheidh á fhoghlaím ag an bpáiste ar scoil
- roinneann siad an leabhrán seo leis na tuismitheoirí roimh ré
- cuireann siad ceardlanna ar fáil chun leideanna praiticiúla a thabhairt do thuismitheoirí chun an litearthacht a chur chun cinn sa bhaile.

Ar ndóigh, d'fhéadfadh scoileanna níos mó tascanna agus cluichí idirghníomhacha a chur chun cinn, mar shampla, léitheoireacht dhialógach, léamh os ord agus comhrá saibhir a chothú (Andrews, 2020; Barnes, 2017; Kavanagh agus Hickey, 2012).

Deir roinnt tuismitheoirí nach bhfuil siad chomh muiníneach as a gcuid Gaeilge, agus dá bhrí sin, cuireann siad luach ar ranganna a dhíríonn ar a riachtanais teanga faoi leith (mar shampla, tacú le léitheoireacht na Gaeilge). Molann an Roinn Oideachais (2016) chomh maith áiseanna teanga a fhorbairt chun tacú le comhpháirtíocht a chothú le tuismitheoirí. Chun rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach a chothú go leanúnach, molann an Roinn agus údair eile níos mó úsáide a bhaint as teicneolaíochtaí cruthaitheacha chun cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2015; Stenson agus Hickey, 2019; Rialtas na hÉireann, 2024). Tuairiscíonn roinnt scoileanna tumoideachais go bhfuil níos mó úsáide á baint as ardáin amhail SeeSaw, tar éis na tréimhse cianfhoghlaí, le tacú le tuismitheoirí (Kiely et al., 2024).

Sa chóras tumoideachais feiceann páistí deighilt uaireanta idir an scoil agus an baile, agus ceanglaíonn siad an Ghaeilge le comhthéacs na scoile (Kavanagh, 2013). B'fhéidir go míníonn an deighilt seo roinnt den dearcadh níos diúltaí a léiríonn páistí i scoileanna lán-Ghaeilge maidir le teacht ar scoil (Strickland agus Hickey, 2016).

Tugann roinnt staidéar le fios go bhfuil gá le nasc níos láidre a chothú idir an scoil agus an baile. Tugann an taighde ar thuismitheoirí i scoileanna lán-Ghaeilge DEIS le fios go bhfuil níos mó teaghlach a bhfuil níos lú ná 50 leabhar clóite acu sa bhaile i gcomparáid leis an meánráta náisiúnta. Tugann siad le fios freisin go bhfuil níos lú teaghlach i gcomparáid leis an meánráta náisiúnta a bhfuil níos mó ná céad leabhar acu sa bhaile (Ní Chlochasaigh, Shiel agus Ó Duibhir, 2020).

I dtaighde Dunne agus Ní Fhaoláin (2020) agus Kiely et al. (2021), cuireann siad tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí chun an léitheoireacht a dhéanamh sa bhaile lena bpáistí. Faigheann an teaghlach pacáiste léitheoireachta. Roghnaítear scéalta atá ar fáil i dteangacha eile chomh maith le scéalta comhaimseartha na Gaeilge. Tá na rudaí seo sa phacáiste léitheoireachta:


- téacs an scéil, ar fáil go dátheangach
- spreagcheistanna chun an léitheoireacht dhialógach a dhéanamh
- nathanna cabhracha chun iarrachtaí na bpáistí a mholadh, agus
- roinnt cluichí teanga ó bhéal.

Deir tuismitheoirí agus páistí go mbaineann siad taitneamh as an léitheoireacht a dhéanamh le chéile agus tagann méadú ar a gcuid muiníne scéalta a léamh as Gaeilge le chéile nuair a bhaineann siad úsáid as na pacáistí léitheoireachta. B'fhiú breathnú ar níos mó idirghabhálacha eile mar a bhí sa Bhosca Leabharlainne¹⁶, nó sa chlub léitheoireachta (Dunne agus Hickey, 2017) a chur in oiriúint do scoileanna lán-Ghaeilge DEIS.

Tá cur síos ar thionscadal an-nuálach i measc teaghlach i dTuaisceart Éireann (Engman, McGurk agus Mackenzie, 2023). Baintear úsáid as cur chuige athchur teanga nó "language reclamation" (Leonard, 2019) chun an nasc idir an scoil agus an baile a láidir. Tugtar bosca bÁCála do shé theaghlach agus tá comhábhair, físeán bÁCála agus tacaíochtaí teanga sna boscaí. Cuireann an staidéar seo an-bhéim ar chaidrimh idirghlúine a chothú. Is tionscadal é seo ar féidir a leathnú amach chuig páistí agus teaghlaigh i scoileanna éagsúla, go háirithe toisc go luann páistí i scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge gur mhaith leo tuilleadh bÁCála a dhéanamh ar scoil agus don obair bhaile (Kiely et al., 2024). Léiríonn Nic Aindriú (2019) go dtaitníonn gníomhaíochtaí bÁCála le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu freisin, agus is féidir teanga a fhorbairt le linn na ngníomhaíochtaí bÁCála.

Clabhsúr

Is ag croílár fhís an tumoideachais in Éirinn atá rannpháirtíocht tuismitheoirí, an teaghlaigh agus daoine tábhachtacha eile i saol an pháiste. Aithnítear go n-imríonn rannpháirtíocht tuismitheoirí agus teaghlach dea-thionchar ar thaithí oideachais an pháiste. Tugann tuismitheoirí agus teaghlaigh go leor taithí agus buanna leo chuig pobal na scoile, agus is gá an tairbhe is mó a bhaint as na buanna sin siúd seachas breathnú go príomha ar aon easnamh teanga. Ní grúpa aonchineálach é tuismitheoirí tumoideachais agus bíonn tacaíochtaí éagsúla ag teastáil chun go mbeidh siad rannpháirteach in oideachas a bpáiste.

The background is a solid blue color with a repeating pattern of white line-art icons. These icons include various school supplies: pencils, paper airplanes, stars, and pairs of glasses. The icons are scattered across the entire page, creating a textured, educational feel.

9

Riachtanais Múinteoirí sa Chóras Tumoideachais agus Roinnt an Dea- Chleachtais

Riachtanais Múinteoirí sa Chóras Tumoideachais agus Roinnt an Dea-Chleachtais

Ceann de phríomh-mholtaí na tuarascála *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* ná go n-aithneofaí na ceantair Ghaeltachta mar aonad ar leith oideachais (Mac Donnacha, 2005), agus bunaíodh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais ina dhiaidh sin in 2016. Aithnítear anois freisin gur suíomh faoi leith oideachais atá sa chóras tumoideachais trí chéile, agus go bhfuil riachtanais faoi leith ag múinteoirí tumoideachais dá bharr (Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh, 2023; Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011). Tá sé taispeánta ag Nic Aindriú, Connaughton-Crean, Ó Duibhir agus Travers (2023) go bhfuil riachtanais faoi leith ag múinteoirí sa chóras tumoideachais a bhíonn ag tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu. Tá gá le tuiscint chuig ar an gcomhthéacs sochtheangeolaíoch a bhaineann le scoileanna tumoideachais, idir scoileanna Gaeltachta agus scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, chun tacaíochtaí oiriúnacha a chur ar fáil.

Tá gá freisin le tuiscint a chothú ar phróifíl múinteoirí, agus is gá oideolaíochtaí cuí don chóras tumoideachais a iniúchadh san oideachas tosaigh múinteoirí agus san fhorbairt ghairmiúil leanúnach. Bíonn riachtanais phearsanta, riachtanais scoile agus riachtanais chórasacha i gceist leis seo, agus tá sé tábhachtach freastal orthu ar fad (Ó Duibhir, 2006).

Foramharc ar an gCaibidil

- Breathnófar ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach atá spriocdhírithe ar mhúinteoirí tumoideachais.
- Féachfar ar an ngá le heolas a fhorbairt ar ábhar agus oideolaíocht.
- Iniúchfar cur chuige na scoile uile chun tacú le múinteoirí.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach do Mhúinteoirí Tumoideachais

Nuair a tosaíodh ar an oideachas lán-Ghaeilge i bPoblacht na hÉireann in 1922, measadh gur leor teastas dátheangach a bheith ag múinteoir chun múineadh trí mheán na Gaeilge (O'Connell, 1969). Tuigtear sa lá atá inniu ann go bhfuil gá le tacaíocht do mhúinteoirí tumoideachais ar fud chontanam an oideachais. Tá roinnt forbairtí déanta thar na blianta chun tacaíocht spriocdhírithe a thabhairt do mhúinteoirí tumoideachais.

- In 1995, cuireadh tús le Teastas larchéime lán-Ghaeilge san Oideachas i gColáiste Ollscoile Naomh Muire, Béal Feirste. An bhliain dár gcionn, thosaigh an chéad chohórt de mhic léinn BEd ar an gcéim trí mheán na Gaeilge.
- Sa bhliain 2011 cuireadh sainrogha larchéime san Oideachas Lán-Ghaeilge ar bun i dTuaisceart Éireann chun freastal ar riachtanais ghairmiúla múinteoirí i scoileanna lán-Ghaeilge (Ó Cathalláin, Nig Uidhir agus Ó Duibhir, 2016).
- Ó 2013 ar aghaidh, cuireadh tús le Máistreacht san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta i bPoblacht na hÉireann.
- In 2019 cuireadh tús le Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino.

Tá deacrachtaí ann fós maidir le ganntanas múinteoirí sa chóras bunoidreachais trí chéile agus tá dúshlán breise ann múinteoirí agus ionadaithe a fháil don chóras tumoideachais.

Sa taighde ar an bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí ag leibhéil éagsúla oideachais, feictear go bhfuil gá le forbairt ghairmiúil shainiúil. Pléann Ó Cathalláin agus Ní Neachtain (2021) leis na riachtanais faoi leith atá ag ábhair oidí a bheidh ag múineadh i suíomhanna lán-Ghaeilge, idir riachtanais teanga agus riachtanais oideolaíocha.

Molann Ó Ceallaigh agus Nig Uidhir (2023) go bhfuil gá le díriú ar na réimsí seo i measc múinteoirí tumoideachais:

- fíis agus luachanna
- eolas múinteoirí le haghaidh an tumoideachais
- scileanna agus cleachtais oideolaíocha.

I bPoblacht na hÉireann, léiríonn múinteoirí tumoideachais, áfach, nach bhfuil an fhorbairt ghairmiúil leanúnach go hiomlán in oiriúint dá suíomh oideachais (Ó Duibhir, 2000; Nic Aindriú, Ó Duibhir, Connaughton-Crean agus Travers, 2022). Measann múinteoirí chomh maith gur gá go mbeadh cothromaíocht ann idir an teoiric maidir le teanga a mhúineadh agus oideolaíocht éifeachtach sa seomra ranga (Mac Domhnaill agus Nic an Bhaird, 2022). I dtaighde a rinne Ó Duibhir (2000) cheap príomhoidí gur riachtanas é go mbeadh deis ag na múinteoirí bualadh le múinteoirí ó scoileanna lán-Ghaeilge eile.

Aithníonn Mac Donnacha et al. (2004) go bhféadfaí riachtanais dhifriúla a bheith ag na scoileanna Gaeltachta atá i gCatagóir A, B agus C. Léiríonn taighde a rinneadh ina dhiaidh sin go bhfuil comhthéacs casta sochtheangeolaíoch ag baint leis na scoileanna Gaeltachta (DES, 2015; Ní Shéaghdha, 2010). Taispeántar an dea-thionchar a bhíonn ag clár spriocdhírthe ar riachtanais scoileanna Gaeltachta mar atá sa chlár *Séideán Sí* (DES, 2015).

Múinteoirí a bhíonn ag tacú le páistí a bhfuil riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais acu, deir siad gur mhaith leo tacaíocht sna réimsí seo a leanas:

- litearthacht na Gaeilge
- measúnú ar fhoghlaim na bpáistí trí mheán na Gaeilge
- páistí le riachtanais speisialta agus riachtanais bhreise oideachais sa chóras tumoideachais a aithint
- difreáil, agus
- sealbhú teanga bhreise

(Nic Aindriú, Ó Duibhir, Connaughton-Crean agus Travers, 2022)

Taispeánann taighde Nic Aindriú, Connaughton-Crean, Ó Duibhir agus Travers (2023) go bhfuil sé fiúntach aischothú a fháil ó mhúinteoirí agus a moltaí siúd a chur i bhfeidhm ar dhearadh na forbartha gairmiúla.

Sa taighde atá déanta ar an gcóras luathoideachais trí Ghaeilge i dTuaisceart Éireann, deirtear go bhfuil scileanna breise ag teastáil sa chóras lán-Ghaeilge: inniúlacht sa teanga chomh maith le tuiscint ar oideolaíochtaí an tumoideachais, chun teagmháil páistí leis an teanga a mhéadú agus chun tacú lena bhforbairt teanga (Mhic Aoidh, 2021). Admhaíonn Hickey agus de Mejía (2014) nár chóir a bheith ag súil leis an gcleachtas ceannann céanna i naíonraí is atá ar siúl i suíomhanna luath-óige meán-Bhéarla. Molann Mhic Aoidh (2021) an fhorbairt ghairmiúil leanúnach chéanna a chur ar fáil do chleachtóirí i suíomhanna luath-óige deonacha agus suíomhanna luath-óige an stáit. D'fhéadfaí é seo a leathnú amach agus forbairt ghairmiúil leanúnach uile-oileánda a chur ar fáil chun dea-chleachtas a roinnt, mar atá molta sa *Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge 2010-2030*.

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2022 go mí Iúil 2023 reáchtáil an Roinn Oideachais comhairliúchán poiblí, ag lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara, chun eolas a sholáthar d'fhonn polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá torthaí an phróisis chomhairliúcháin ar fáil i sraith tuairiscí:

- *Comhairliúchán don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuarascáil ar na hAighneachtaí*
- *Comhairliúchán don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Gearrthuairisc ar Fhreagraí an Phobail ar an gCeistneoir.*
- *Comhairliúchán don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuarascáil ar an gCeistneoir*
- *Comhairliúchán don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Tuarascáil ar na grúpaí fócais*
- *Comhairliúchán don Pholasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht: Achoimre ar na Moltaí don Pholasaí*

Cumas Teanga agus Oideolaíoch Múinteoirí sa Chóras Tumoideachais

Tá roinnt de na riachtanais chéanna ag múinteoirí an lae inniu is a bhí ag múinteoirí a d'oibrigh sna luathmhúnláí tumoideachais, aimsir an tSaorstáit (féach an chuid "Deiseanna agus Dúshlán sna Luathmhúnláí Tumoideachais" sa chaibidil *Fás agus Forbairt an Tumoideachais*).

Léiríonn staidéar Ní Chuaig (2016) go bhfuil gá le cumas sa teanga agus oideolaíochtaí éifeachtacha do mhúineadh na Gaeilge a chur san áireamh san fhorbairt ghairmiúil leanúnach a chuirtear ar fáil do mhúinteoirí. Ach tá inniúlacht teanga múinteoirí bunscoile luaite mar ábhar inní ag príomhoidí a ghlac páirt i suirbhé ar sholáthar múinteoirí do bhunscoileanna lán-Ghaeilge (Máirtín, 2006).

Sa chomhairliúchán poiblí, a lorg tuairimí ó pháirtithe leasmhara, chun eolas a sholáthar d'fhonn polasaí nua a fhorbairt don oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht, cuireadh in iúl go raibh gá le tacú le cumas teanga múinteoirí sa chóras tumoideachais (de Brún, Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Ó Floinn, 2023). Fiú má tá ardchaighdeán ginearálta teanga ag múinteoirí, léiríonn múinteoirí tumoideachais easpa tuisceana ar rialacha áirithe gramadaí (Ní Dhiorbháin agus Ó Duibhir, 2017). Is féidir le bearnaí suntasacha a bheith ann in eolas faisnéiseach na múinteoirí tumoideachais ar theanga an tumoideachais féin agus ina n-inniúlacht sa teanga sin (Ó Ceallaigh, 2016). Luaigh Hickey (1997) go raibh roinnt de na deacrachtaí céanna sna naíonraí. Luann Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2021) go mbíonn roinnt dúshlán roimh mhúinteoirí bunscoile ar fhoghlaimeoirí teanga iad a mbunús.

Ar an téad chéanna, in 2006 mhol Nig Uidhir go raibh gá le cosán forbartha ar bhonn níos struchtúrtha le hoiliúint a chur ar fáil d'oideachasóirí luath-óige don earnáil lán-Ghaeilge mar chuid den soláthar in oideachas tosaigh múinteoirí. Maidir le tacaíocht leanúnach le linn chontanam an oideachais, in 2011, mhol Harris agus Ó Duibhir Punann Teanga na hEorpa chun tacú le múinteoirí machnamh a dhéanamh ar mbuanna agus riachtanais teanga.

Is féidir tarraingt ar Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, nó CEFR mar is fearr aithne air, chun inniúlacht teanga a mheas. Molann Ní Ghloinn (2015) íoschaighdeáin Ghaeilge a bheith leagtha amach chun measúnú a dhéanamh ar chumas teanga ábhair oidí ar bhealach níos éasca agus ar bhonn comhordaithe. Tá siollabas na Gaeilge don BEd ailínithe le B2 de réir CEFR (Ní Dhiorbháin, 2019) agus tá leibhéal C1 le baint amach ag ábhair oidí ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, agus ar an Máistreacht san Oideachas Lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.

Mar a mhaíonn Fahey (2021), tá gá le meititheanga an mhúinteora a fhorbairt, is é sin an tuiscint atá acu ar ghnéithe den teanga, cuir i gcás, gramadach agus comhréir. Mhol Harris agus Ó Duibhir (2011) agus Ní Dhiorbháin (2010) gur féidir úsáid a bhaint as Punann Teanga na hEorpa chun machnamh múinteoirí agus múinteoirí ar ghnéithe meititheangeolaíocha a chothú. I dtaighde Ní Dhiorbháin, Ní Aogáin agus Ó Duibhir (2024), tá béim san fhorbairt ghairmiúil ar fheasacht an mhúinteora, agus ar oideolaíochtaí éifeachtacha chun scileanna meititheangeolaíocha na bpáistí a chumasú araon. Éiríonn leis an gcur chuige seo muinín múinteoirí a fhorbairt, agus tacaíonn sé le páistí chomh maith.

Bíonn dúshláin ag múinteoirí tumoideachais an teanga agus an t-ábhar a chomhtháthú go héifeachtach sa cheacht uaireanta (Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha, 2021). Bíonn treoir de dhíth ó thaobh oideolaíochtaí éifeachtacha de chun tascanna éifeachtacha a dhearadh, go háirithe tascanna a spreagadh ginchumas an pháiste (Dunne, 2019; Ó Ceallaigh, 2013).

In Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy (2019), baintear úsáid as an staidéar ceachta mar chur chuige pleanála. Déanann meitheal múinteoirí machnamh ar na cineálacha gníomhaíochtaí matamaitice is féidir a úsáid sa seomra ranga tumoideachais. Díritear sna gníomhaíochtaí sin ar chur ar chumas páistí cur lena bhfuil ráite ag páistí eile, an stór focal agus na struchtúir abairtí atá acu a leathnú. Déantar iarracht an bhrí agus an fhoirm (gramadach) a iniúchadh ag an am céanna. Cuirtear béim ar an eolas ábhair agus oideolaíoch, agus an t-eolas faisnéiseach sin ar an nGaeilge, a aistriú ina thascanna oideolaíocha éifeachtacha (Ní Dhiorbháin, Ní Aogáin agus Ó Duibhir, 2024; Ó Ceallaigh, Leavy agus Hourigan, 2016).

An dúshlán atá roimh earnáil an oideachais lán-Ghaeilge i gcónaí, dar le Ó Nig Uidhir agus Ó Ceallaigh (2023), ná inniúlachtaí a bhaineann go sonrach leis an gcóras tumoideachais a shainaithint agus iad sin a ailíniú leis na treoirlínte le haghaidh na foghlama gairmiúla. Ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na gnéithe sainiúla den tumoideachas, tá rúibric don dea-chleachtas sa tumoideachas á forbairt ag na húdair chéanna. Is féidir an rúibric seo a úsáid i gcomhpháirt le féinmheastóireacht scoile chun an comhthéacs scoile agus na riachtanais faoi leith atá ag an scoil a chur san áireamh.

Cur Chuige na Scoile Uile agus Roinnt an Dea-Chleachtais

Maíonn Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2021) go bhfuil an-tábhacht le ceannaireacht éifeachtach sa tumoideachas. Is creat é *Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2022: Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna agus do Scoileanna Speisialta* a thugann comhthuisctint ar na cleachtais foghlama, teagaisc, cheannaireachta agus bhainistíochta atá éifeachtach agus fíor-éifeachtach i gcóras scolaíochta na hÉireann (lch 5).

Cé go bhfuil an creat seo an-luachmhar do scoileanna i gcoitinne, tá táscairí dea-chleachtais sa tumoideachas curtha le chéile ag Ó Ceallaigh agus Ní Shéaghdha (2017). Tá na cleachtais bunaithe ar eolas ó chleachtóirí i réimse an oideachais lán-Ghaeilge. Laistigh de na cleachtais a aithnítear, pléitear na cinn seo a leanas:

- cuimsitheacht na samhla tumoideachais
- struchtúr an chlár
- comhtháthú agus pleanáil
- freagracht
- ceannaireacht agus measúnú
- curaclam
- oideolaíocht
- forbairt ghairmiúil shaincheaptha
- teagasc córasach T1 / T2
- naisc láidre leis an bpobal
- úsáid na teanga agus an sóisialú a uasmhéadú
- tacaíocht ón rialtas
- acmhainní.

Tá a thuilleadh forbartha déanta ar na réimsí tosaíochta ag Ó Ceallaigh agus Nig Uidhir (2023). Molann na húdair na réimsí seo:

- Cur chuige comhtháite comhordaithe atá oiriúnach don chomhthéacs maidir le foghlaim ghairmiúil ardchaighdeán muinteoirí ar fud an chontanaim
- Foghlaim muinteoirí lán-Ghaeilge ar feadh an tsaoil, idir fhoghlaim fhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil
- Ceannaireacht láidir fhíseach, bunaithe ar luachanna, eolas agus scileanna an oideachais lán-Ghaeilge, lena ndéantar páirtithe leasmhara a mhealladh go straitéiseach i gcomhthéacsanna éagsúla an oideachais lán-Ghaeilge ar bhealaí cruthaitheacha nuálacha
- Ábhair churaclaim, acmhainní agus treoiríní a bhaineann go sonrach leis an tumoideachas agus atá ailínithe le critéir shonracha an oideachais lán-Ghaeilge, ina sainithnítear torthaí teanga sainiúla i réimsí ábhair éagsúla agus ina gcuirtear san áireamh na castachtaí a bhaineann le seomraí ranga tumoideachais ina bhfuil éagsúlacht teangacha
- Caidrimh chomhoibríocha agus comhpháirtíochtaí freagrachta le tuismitheoirí / caomhnóirí lena spreagtar agus lena bhfairsingítear fás gairmiúil muinteoirí agus lena dtacaítear leis
- Am chun tabhairt faoi chomhoibriú, pleanáil, nuálaíocht, machnamh, agus forbairt cumais
- Próisis inmheánacha athbhreithnithe agus féinmheastóireachta scoile lena gcuirtear ar a gcumas do ghairmithe an oideachais lán-Ghaeilge dul i ngleic le réimsí den fhoghlaim ghairmiúil muinteoirí ar gá iad a fhorbairt, láidreachtaí a cheiliúradh agus cultúir fiosrúcháin a ghiniúint

- Creat reachtaíochta agus rialála lena ndéantar an fhoghlaím ghairmiúil múinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a mhúnlú agus a threorú
- An t-ualach oibre breise a bhíonn ar mhúinteoirí san oideachas lán-Ghaeilge a aithint trí dhreasachtaí agus cúitimh chuí
- Clár taighde don oideachas lán-Ghaeilge lena gcothaítear foghlaim ghairmiúil ardchaighdeán múinteoirí, agus comhthéacsanna agus cleachtais dhílse an oideachais lán-Ghaeilge.

Breathnaítear chomh maith mar chuid de dhea-chleachtais sa chóras tumoideachais ar ionchas láidir a bheith ann i bpolasaí na scoile / an chlár go mbeidh labhairt na sprioctheanga á cur chun cinn go forleathan (Mac Donnacha et al., 2004; Péterváry, Ó Curnáin, Ó Giollagáin agus Sheahan, 2014), agus go mbeidh an polasaí seo agus labhairt na Gaeilge á gcur i bhfeidhm trí fheachtais dhifriúla scoile a chuireann béim ar atreisiú dearfach agus moladh / duaiseanna a thabhairt do pháistí as an sprioctheanga a úsáid (Ní Shéaghdha, 2010). Bíonn gá le páistí a mholadh an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacsanna sóisialta lasmuigh den cheacht.

Luaitear freisin sna dea-chleachtais a bhaineann leis an gcóras tumoideachais gur chóir múinteoirí a ghríosú a bheith nuálach agus cruthaitheach i gcruthú áiseanna teagaisc trí Ghaeilge le múinteoirí eile. Tá gá go mbeadh múinteoirí ar an eolas faoi áiseanna atá, nó a bhí, ar fáil agus ar an gcaoi ar féidir úsáid a bhaint astu don saibhriú teanga sa lá atá inniu ann (Mac Uidhlin, Ní Thuairisg agus Ní Mhullaoidh, 2021). Mar atá tuairiscithe sa staidéar *Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta 2004* braitheann formhór na múinteoirí gurb iad na rudaí is mó atá de dhíth orthu, chun gur féidir leo teagasc go héifeachtach trí Ghaeilge sna scoileanna, ná téacsleabhair agus áiseanna teagaisc oiriúnacha i nGaeilge. Tá cnuasach an-leathan d'áiseanna bunscoile agus iar-bhunscoile ar fáil ar shuíomh COGG a bhíonn mar threoir agus mar chabhair i múineadh ábhair uile an churaclaim. Léiríodh cheana féin go mbíonn scoileanna Gaeltachta ag tarraingt ar áiseanna saibhre atá foilsithe ag an Council for the Curriculum, Examinations and Assessment (CCEA) agus An tÁisaonad (DES, 2015). San áis *An Ghaeilge do Gach Duine* (Dunne agus Ní Aogáin, 2025), tá cur síos freisin ar áiseanna do mhúineadh na Gaeilge atá cruthaithe fud fad an oileáin do mhúinteoirí uile sa chóras tumoideachais agus lasmuigh de.


I gcás páistí ar bheagán Gaeilge sna ranganna naíonán, chun tacú le forbairt teanga na bpáistí sin moltar go nglacfaidh an múinteoir leis an ráiteas a deir an páiste sa Bhéarla, agus go dtabharfaidh sé / sí scafláil chuí le gur féidir leis na páistí focal nó abairt a thabhairt as Ghaeilge agus ansin go bhfreagróidh an múinteoir i nGaeilge ag leibhéal a thuigfidh páistí (Mhic Mathúna, 2003). Oireann geáitsí agus modh na foghlama lán-ghníomhaí chun scafláil a thabhairt do pháistí (Ó Ceallaigh, Hourigan agus Leavy, 2019) chomh maith le teanga shimplí ina bhfuil athrá a úsáid, agus an drámaíocht agus an rólímirt a dhéanamh (Rogan, 2023).

Is gá aghaidh a thabhairt ar na tuairimí a bhíonn ag múinteoirí maidir le múineadh na Gaeilge le linn chontanam an oideachais (Devitt et al., 2018; Dunne, 2015; Thomas agus Dunne, 2022). Bíonn cuir chuige éagsúla ag teastáil ó pháistí éagsúla agus tagann athrú ar riachtanais an tseomra ranga thar am. I measc na gcur chuige chun saibhriú teanga a chothú i scoileanna Gaeltachta, baintear úsáid rialta as na healaíona, as an bhfilíocht agus as an amhránaíocht mar straitéisí foghlama (Ó Brolcháin, 2016). Tá úsáid na n-ealaíon ag teacht go mór leis *Straitéisí d'Ealaíona Teangabhunaithe na Gaeilge. Plean Gníomhaíochta 2024-2027* (An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán) agus leis an gcur chuige spráúil sa churaclam (An Roinn Oideachais, 2023).

Is gá go mbeidh múinteoirí in ann dea-chleachtais a bhfoghlaímíonn siad fúthu i gcúrsaí forbartha gairmiúla leanúnacha a roinnt leis an bhfoireann (Ní Chuaig, 2016) agus go mbeidh múinteoirí in ann dea-chleachtais óna seomraí ranga féin a roinnt le chéile.

Clabhsúr

Sa chóras tumoideachais sa lá atá inniu ann, deir múinteoirí go bhfuil roinnt de na deacrachtaí céanna acu agus bhí ag múinteoirí a d'oibrigh sa chóras tumoideachais go luath sa chéad seo caite. Tá sainriachtanais ag múinteoirí tumoideachais, agus is féidir na cinn seo thíos a chur san áireamh: an gá le cumas teanga a fhorbairt go leanúnach, feasacht a chothú ar áiseanna cuí agus ar an tairbhe is fearr is féidir baint astu, agus deiseanna a chur ar fáil d'oideolaíocht chruthaitheach éifeachtach a phlé agus a roinnt. Chun an tairbhe is mó a bhaint as an gcóras tumoideachais, is gá a bheith ag obair as lámha a chéile agus is gá ceannaireacht éifeachtach, chomh maith le cur chuige uile scoile, a chur chun cinn.



10

Tacaíochtaí don Chóras Tumoideachais

Tacaíochtaí don Chóras Tumoideachais

I gcaibidil 1 *Fás agus Forbairt an Tumoideachais in Éirinn* chonaiceamar sna luathmhúnláí den tumoideachas go raibh deacrachtaí ann an teanga agus ardchaighdeán oideachais a chur chun cinn nuair nach raibh treisiú ar na nithe sin lasmuigh de gheataí na scoile. Sa chaibidil *Riachtanais Múinteoirí sa Chóras Tumoideachais agus Roinnt an Dea-Chleachtais* chonaiceamar freisin gur deacrachtaí leanúnacha iad roinnt de na dúshláin sin.

Foramharc ar an gCaibidil

- Féachfar ar dtús ar bhealaí chun an ceangal idir an baile, an pobal agus an scoil a threisiú.
- Féachfar ansin ar an leanúnachas atá ann san aistear tumoideachais.
- Breathnófar faoi dheireadh ar na tacaíochtaí teanga atá de dhíth ar pháistí sa chóras tumoideachais.

An Baile, an Pobal agus an Scoil

Mar atá ráite sa *Pholasáí don Oideachas Gaeltachta* tá a fhios againn nach féidir le scoileanna agus leis an gcóras oideachais todhchaí na Gaeilge a dhaingniú astu féin. Ní féidir ach le cainteoirí agus le pobail sa Ghaeltacht é sin a dhéanamh, agus próisis pleanála teanga ag tacú leo (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, lch 4). Maíonn Mac Donnacha et al. (2004) nach "gnó do na scoileanna amháin" an Ghaeilge a choinneáil beo sa Ghaeltacht toisc go mbaineann "an cúram seo leis na heagraíochtaí uile atá ag feidhmiú sa Ghaeltacht" (Mac Donnacha et al., 2004, lch 137), mar atá ráite freisin in *Acht na Gaeltachta* (2012). Tugann an baile nó an scoil bunús sa teanga don pháiste, agus ina dhiaidh sin, tá sé riachtanach go mbeidh líonraí teanga ann chun go mbeidh teagmháil rialta ag an gcainteoir leis an teanga (de Brún, Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Ó Floinn, 2023; Murtagh, 2011).

Déantar cur síos minic go leor ar fhás agus ar fhorbairt an chórais tumoideachais mar ghluaiseacht a tháinig ón mbarr anuas sna 1920idí agus ón ithir aníos sna 1970idí (Ó Riagáin agus Ó Gliasáin, 1979). Úsáideann Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoich coincheapú Bronfenbrenner, áfach, chun iniúchadh a dhéanamh ar an gceangal idir na gnéithe éagsúla a imríonn tionchar ar aistear oideachais an pháiste:

- an baile
- an scoil
- an caidreamh idir na tuismitheoirí agus an pobal scoile,
- imeachtaí sa phobal srl.

D'fhéadfadh athchoincheapú Bronfenbrenner a bheidh úsáideach agus muid ag machnamh ar na réimsí éagsúla a d'imir, agus a imríonn fós, tionchar ar chur chun cinn an tumoideachais in Éirinn, ag aithint go bhfuil gnéithe éagsúla fite fuaite le chéile in ionad múnla líneach croineolaíoch a úsáid. I dtéarmaí Fishman (1991), tá nasc riachtanach idir an baile, an pobal agus an scoil ó thaobh chur chun cinn agus bhuanú na teanga de. Caithfidh na trí mhóiréimse de shaol an chainteora a bheith ag lánfheidhmiú mar áis shealbhaithe agus bhuanaithe (McCarty, 2003 agus Warner, 2001 luaite in Ó Duibhir, 2012, lch 278). Caithfear tuiscint níos doimhne a fhorbairt i measc múinteoirí tumoideachais gur gníomhairí ríthábhachtacha i

gcaomhnú na Gaeilge iad (Ó Brolcháin, 2015), chomh maith le comhpháirtíochtaí a chothú idir múinteoirí agus eagraíochtaí agus gníomhairí teanga eile (Dunne, 2015). Moltar sa *Pholasaí don Oideachas Gaeltachta* (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016) ceangal a dhéanamh idir an baile, an scoil agus an pobal do shealbhú na Gaeilge. Is tábhachtach an bhéim atá ar shaibhriú na Gaeilge sa pholasaí freisin óir is sa chomhthéacs foirmiúil oideachais a fhorbraítear litearthacht sa mhionteanga nó teanga mhionlaithe agus tá sé sin ríthábhachtach do bhuanú na teanga (Hickey agus Stenson, 2016a/b). I roinnt pobal i gCatagóir C, baineann an líonra lán-Ghaeilge le páistí bunscoile amháin (Ó Giollagáin agus Mac Donnacha, 2007). Is gá spriocanna faoi leith a fhorbairt do Chatagóirí B agus C le líonraí sóisialta agus oideachas lán-Ghaeilge a bhunú agus a láidriú sna ceantair. Tá sé seo ríthábhachtach i gcás na gceantar Gaeltachta ina bhfuil meath ar na cainteoirí laethúla (Ó Giollagáin agus Mac Donnacha, 2007).

Leanúnachas san Aistear Tumoideachais

I gCuraclam na Bunscoile (2023), tá béim ar aistriú éifeachtach ón oideachas luath-óige go dtí an bhunscoil, agus ón mbunscoil go dtí an iar-bhunscoil. Baineann Cuspóir 6 den *Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge* le hoideachas lán-Ghaeilge ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaltaí scoile arb é mian a dtuismitheoirí / gcaomhnóirí é. Téann roinnt polasaithe chun dochair bunú scoileanna tumoideachais, áfach, mar shampla, nach féidir iad a bhunú ach i gceantair uirbeacha den chuid is mó (Ó Duibhir et al., 2017). Léiríonn Ní Thuairisg agus Ó Duibhir (2016) gur mhaith le tuismitheoirí go mbeadh leanúnachas ann san oideachas lán-Ghaeilge, ón naíonra go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge, agus uaithi sin go dtí an iar-bhunscoil lán-Ghaeilge. Ba mhaith le

- 61% de thuismitheoirí páistí i Rang a 6 i scoileanna Gaeltachta, agus
- 46% de thuismitheoirí páistí i Rang a 6 i scoileanna lán-Ghaeilge

go bhfreastalóidh a bpáistí ar iar-bhunscoil lán-Ghaeilge (Shiel, Gilleece, Clerkin agus Millar, 2011). Tá éileamh ar chéimeanna éagsúla an ghaeloideachais curtha in iúl freisin sna torthaí ón gcomhairliúchán poiblí ar an oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (de Brún, Ó Duibhir, Ní Dhiorbháin agus Ó Floinn, 2023). Chun an leanúnachas seo a bheith ann, caithfidh naíonraí, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge áitiúla a bheith ann, agus caithfidh tuismitheoirí a bheith ábalta áit a fháil dá gcuid páistí iontu.

I bhfianaise an easpa ionaid luath-óige trí Ghaeilge sa Ghaeltacht, is gá tacaíochtaí a chur ar fáil ar bhonn práinneach (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016). Ag am scríofa na tuarascála seo in 2024, tá comhairliúchán poiblí ar siúl maidir le ról na Gaeilge san earnáil luath-oideachais agus sa chúram tar éis scoile. Ardaíonn Mhic Mhathúna agus Nic Fhionnlaoidh (2021b) ceist faoin tionchar a bheidh ag an *Acht Oideachas (Rochtain ar Scoileanna)* (2018), ar scoileanna lán-Ghaeilge nuair nach bhfuil cead acu tús áite a thabhairt do pháistí ó naíonraí i gcás ró-éileamh a bheith ar an scoil.

Sna Daonáirimh a rinneadh in 2002 agus in 2006 i bPoblacht na hÉireann, feictear fás i líon na bpáistí óga atá in ann an Ghaeilge a labhairt agus tá baint ag an méadú sin le hobair na naíonraí (Prats Porcar, 2013). Ó cuireadh tús leis an scéim Early Childhood Care and Education, nó ECCE mar is fearr aithne air, tá rogha ann dhá bhliain den oideachas luath-óige, atá páirtmhaoinithe ag an Stát, a bheith ag an bpáiste sula dtosaíonn siad ar an mbunscoil. Is féidir leis an deis seo bunús maith a thabhairt d'aistear teanga an pháiste. Tá níos mó páistí ag freastal ar shuíomh luath-óige agus tá béim níos láidre curtha ar an gceangal idir an taithí seo agus an taithí sa bhunscoil (CNCM, 2023). Tháinig méadú suntasach ar líon na scoileanna san earnáil lán-Ghaeilge ó thuaidh le blianta anuas, naíscoileanna ina measc (Mc Clure et al., 2016; Mhic Aoidh, 2021). É sin ráite, toisc go bhfuil réimse leathan d'ionaid luathoideachais ar fáil sa dá dhlínse agus

